AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY



# ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMÍOCHT FEIDHMEANNA

Maoirseacht Neamhspleách ar Phóilíneacht in Éirinn
– na chéad chúig bliana

# Clár na nÁbhar

Réamhfhocal ..... i

1. Réamhrá ..... 1

2. Príomhfheidhmeanna Reachtúla ..... 3

2.1. Maoirseacht ar Fheidhmíocht Póilíneachta ..... 3

2.2. Ceapacháin agus Soláthar Foirne ..... 6

2.3. An Cód Eitice ..... 11

3. Maoirseacht Réamhghníomhach ..... 12

3.1. Tástálacha Éigeantacha Meiscigh / Alcóil agus Fógraí Muirir Sheasta ..... 13

3.2. Athbhreithniú Dúnbhásaithe ..... 13

3.3. Samplaí DNA ..... 14

3.4. Comhchoistí Póilíneachta ..... 15

4. Comhairle don Aire ..... 17

4.1. Moltaí maidir leis an Iniúchadh ar Nósanna Imeachta Airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána in An Teampall Mór ..... 17

4.2. Measúnú ar an gClár Nuachóiriúcháin agus Athnuachana (CNA) ..... 17

4.3. Maoirseacht ar Acmhainní agus Rialachas an Gharda Síochána ..... 19

4.4. Measúnú ar Phóilíneacht COVID-19 ..... 21

5. Trédhearcacht, Rannpháirtíocht agus Taighde ..... 23

5.1. Cruinnithe an Údaráis ..... 23

5.2. Tuairimí an Phobail agus Feasacht Phoiblí ..... 24

5.3. Taighde ..... 25

6. Dúshláin, Réimsí Feabhais agus Pleanáil don Todhchaí ..... 27

6.1. Tráthúlacht agus Cáilíocht Faisnéise ..... 27

6.2. Éiginnteacht maidir leis na Struchtúir Mhaoirseachta ..... 27

6.3. Ról doiléir maidir le CCTV ..... 27

6.4. Ag Ullmhú don Todhchaí ..... 28

7. Conclúidí ..... 30

Aguisín 1: Comhaltacht an Údaráis agus na gCoistí 2016-2020 ..... 32

Aguisín 2: Feidhmeanna, Gníomhartha agus Príomhéachtaí: ..... 35

Aguisín 3: Tuarascáil Neamhspleách curtha i dtoll a chéile ag *RA Consulting* – Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara ..... 51

Príomhfhorbairtí & Príomhdhúshláin ..... 6

Maoirseacht ar Phóilíneacht ..... 7

Ceapacháin ....... 7
Feasacht & Rannpháirtíocht Phoiblí ....... 8
Taighde ....... 8
Luachanna an Údaráis ....... 8
Eile ....... 9
Príomhfhorbairtí & Príomhdhúshláin ....... 10
Maoirseacht ar Phóilíneacht ....... 10
Ceapacháin ....... 11
Feasacht & Rannpháirtíocht Phoiblí ....... 12
Taighde ....... 12
Luachanna an Údaráis ....... 12
Eile ....... 13
Príomhfhorbairtí & Príomhdhúshláin ....... 14
Maoirseacht ar Phóilíneacht ....... 14
Ceapacháin ....... 15
Feasacht & Rannpháirtíocht Phoiblí ....... 15
Luachanna an Údaráis ....... 16
Eile ....... 16
Breathnóireachtaí Ginearálta ....... 17
Dul Chun Cinn ó Thráth a Bhunaithe ....... 17
Láidreachtaí ....... 18
Laigí ....... 18
Aon Ghnó Eile ....... 18

## Réamhfhocal

B’fhéidir go mbeadh daoine áirithe den tuairim gurb ionann an cinneadh ceanglas a áireamh in Acht Leasaithe 2015 chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an Údaráis Póilíneachta i ndiaidh cúig bliana mar chleachtadh a shainordú go haisbhreathnaitheach. Ach ní hé sin an cur chuige a bhí againn i ndáil leis an gcúram seo. Is súil siar machnamhach é seo a chuirfidh ar ár gcumas féachaint romhainn ar bhealach níos soiléire – iarracht tabhairt faoi bhreithmheas oibiachtúil ar conas a d’oibrigh an tÚdarás ó thráth a bhunaithe agus machnamh a dhéanamh ar an méid a d’fhéadfadh a bheith mar bhonn le cur chuige an Údaráis a threorú sna blianta amach romhainn.

Cé nach bhfuil sé aisbhreathnaitheach, níl sé inbhreathnaitheach ach oiread. Choimisiúnaigh an tÚdarás athbhreithniú neamhspleách ar thuiscint raon comhlachtaí seachtracha ábhartha ar an Údarás agus an obair atá á déanamh aige. Cuirfidh sé seo ar bhealach suntasach leis an luach a bhaineann leis an athbhreithniú trí chéile agus cabhróidh sé chun bonn eolais a chur ar fáil don chur chuige a bheidh ann amach anseo. Is é an cuspóir foriomlán atá ag an Údarás go mbeidh leas an phobail á fheabhsú tríd an tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le póilíneacht inár sochaí a fheabhsú agus trí thacú le feabhsú chaighdeán na seirbhíse póilíneachta atá á soláthar do dhaoine. Is cuspóirí suntasacha iad seo i sochaí dhaonlathach agus tá an tÚdarás an-dáiríre fúthu.

Is féidir an tuiscint a chruthú gurb iad cáineadh agus gearán príomh-shaintréithe na teagmhála idir an tÚdarás agus An Garda Síochána. Ach a mhalairt ar fad atá fíor chomh fada is a bhaineann leis an gcaidreamh le cúig bliana anuas agus níl aon bhonn leis an tuiscint sin má chuirtear an obair atá déanta san áireamh. Ní mór go mbeadh bearna, neamhspleáchas, idir comhlacht maoirseachta agus an eagraíocht a bhfuil maoirseacht á déanamh uirthi, go háirithe sa chás go bhfuil an eagraíocht infheistithe ag an stát agus ag daoine a bhfuil cumhachtaí suntasacha acu. Éilíonn na ceisteanna suntasacha ar ábhar na maoirseachta iad – ceisteanna báis nó beatha uaireanta – go bhfuil an próiseas rannpháirtíochta críochnúil. Ach ní ghlactar leis riamh nach bhfuil an chríochnúlacht sin bunaithe ar thuiscint ar na dúshláin dháiríre atá le sárú ag gach duine atá ag obair in An Garda Síochána.

Is den tábhacht é fírinne amháin a thaifeadadh sna focail tosaigh seo. Tá mise tar éis freastal ar gach cruinniú de chuid an Údaráis Póilíneachta ó bunaíodh é agus, ainneoin go raibh teannas le brath i rith roinnt cruinnithe agus go raibh deacrachtaí le plé, ní féidir liom smaoineamh ar chruinniú amháin nach raibh ráitis shoiléire agus gan débhrí á ndéanamh ann i ndáil le castacht na póilíneachta, ina raibh éachtaí bhaill agus fhoireann an Gharda Síochána á moladh, ina raibh imní á léiriú maidir le leas na ndaoine ar fad atá ag obair san eagraíocht chun an pobal a choinneáil sábháilte agus i ndáil le tacú leis na próisis a bhaineann le hathrú agus le hathnuachan a bhfuil aird ar leith dírithe orthu le blianta beaga anuas. Níl le déanamh chun tuiscint a fháil ar dhoimhneacht an mheasa agus na tuisceana ach spléachadh a thabhairt ar na tuarascálacha COVID-19 atá curtha i dtoll a chéile ag an Údarás don Aire. Is ionann samplaí de mhífhoighne agus tráchtaireachtaí ar nádúr agus scála na ndúshlán a bheidh le sárú ag aon Choimisinéir an Gharda Síochána. Ó tharla go bhfuil daoine áirithe laistigh agus lasmuigh den eagraíocht atá gan fíorthuiscint ar na pointí seo, déanfaimid tuilleadh machnaimh ar conas is fearr miondifríochtaí an chaidrimh seo a chur in iúl.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na cúig bliana atá caite, is léir gurb ionann éachtaí de chuid an Údaráis, a bheag nó a mhór, agus éachtaí suntasacha le haghaidh an Gharda Síochána, agus gurb ionann iad freisin agus cur le luach an Gharda Síochána. Dá réir sin, b’éacht suntasach é Cód Eitice a bheith á bhunú ag an Údarás laistigh den amfráma reachtúil, rud a tharla, diaidh ar ndiaidh, trí

inmheánú ar fud na heagraíochta agus trí bhéim leanúnach a bheith á leagan ag an gCoimisinéir ar a phríomhacht, ráiteas suntasach maidir le luachanna agus caighdeáin ghairmiúla ár seirbhíse póilíneachta. Chomh maith leis sin, léiríodh san athbhreithniú dúnbhásaithe, nuair a ghlac an eagraíocht go dáiríre leis mar thoradh ar áitiú an Údaráis, cumas an Gharda Síochána é féin a cheistiú agus na gníomhartha cuí a dhéanamh chun athruithe riachtanacha a chur chun feidhme a moladh ina athbhreithniú féin agus ag an am céanna tuairisciú iomlán a dhéanamh ar a dhul chun cinn. Is sampla eile fós é an rannpháirtíocht chomhoibritheach agus chomhairleach, agus fhorbarthach seo, i ndáil leis an bPlean Póilíneachta ar thoradh a théann chun tairbhe do chách. Sampla eile fós é an luach atá á chruthú ag an obair mhonatóireachta agus na hathbhreithnithe atá á ndéanamh ag an Údarás maidir le dul chun cinn an athraithe inmheánaigh agus cur chun feidhme thuarascálacha na Cigireachta d'eagraíocht an Gharda Síochána. Ní i gcur chun críocha na nithe seo amháin atá léargas le fáil ar obair an Údaráis, tá léargas le fáil ar an obair sin freisin san éifeacht dháiríre a bhí acu. Is beag gné d'obair an Údaráis a léiríonn é seo ar bhealach níos fearr ná an próiseas Ceapachán atá faoi chúram an Údaráis de réir an Achta agus a tháinig i bhfeidhm in 2017.

Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as carachtar agus caighdeán na hoibre atá curtha i gcrích le cúig bliana anuas – agus tá moladh tuillte acu as a ndíograis agus a ndúthracht. Ach ní mór go leor den mholadh sin maidir le haon éacht a lua leis an bhfoireann a bhfuil forbairt leantach tagtha ar a gcumas, eolas agus tuiscint choiteann i rith na tréimhse faoi athbhreithniú. Ar an gcéad dul síos, bhí níos mó comhaltaí Údaráis ná comhaltaí foirne ann agus gan amhras bhí cur chuige teagmhálach acu i ndáil leis an obair. De réir mar a mhéadaigh an líon comhaltaí foirne agus an leibhéal taithí, b'ionann cothromaíocht an chaidrimh agus an cineál caidrimh is iondúil a bhíonn idir bord agus feidhmeannas. Ach ní bheidh an tÚdarás Póilíneachta díreach cosúil le comhlachtaí poiblí eile riamh.

Ceanglaíonn nádúr na bhfreagrachtaí reachtúla, go háirithe rannpháirtíocht ar bhonn an-rialta leis an gCoimisinéir agus lucht ceannaireachta na heagraíochta, go háirithe ag cruinnithe a reáchtáiltear go poiblí, go mbíonn ar chomhaltaí an Údaráis déileáil le leibhéal sonraí a d'fhéadfaí glacadh leis mar obair ag leibhéal oibríochtúil i gcomhthéacsanna eile. Níl sé mar aidhm leis seo an t-idirdhealú idir bord agus feidhmeannas, idir straitéiseach agus oibríochtúil a fhágáil doiléir. Seachas sin is ionann é agus aitheantas, tríd an bpóilíneacht, go n-éiríonn an ní atá oibríochtúil straitéiseach agus gur fianaise é ar charachtar bunúsach comhlacht maoirseachta póilíneachta, cibé acu de réir an reachta reatha nó aon reacht eile a d'fhéadfadh teacht ina áit.

Beidh an dá cheist seo – an creat maoirseachta atá á fhorbairt a éireoidh níos soiléire nuair a thugtar isteach reachtaíocht nua agus breis rannpháirtíochta an fheidhmeannais san obair mhaoirseachta – mar bhonn le cuid de na gnéithe a mbeidh béim á leagan ag an Údarás orthu sa tréimhse amach romhainn. Mar aon leis an rannpháirtíocht ag leibhéal níos doimhne le roinnt téamaí a bhfuil béim á leagan orthu i rith na gcéad chúig bliana. Áirítear ina measc seo iniúchadh níos iomláine ar bhrí na póilíneachta atá bunaithe ar Chearta an Duine; an cheist bhunúsach a bhaineann le teacht ar thuiscint ar conas a éilíonn sochaí atá níos éagsúla agus ag athrú cuir chuige phóilíneachta éagsúla; coireacht ghnéis agus foréigean inscnebhunaithe; agus obair ullmhúcháin a dhéanamh don aistriú chuig socruithe nua den chineál sin a bheidh i gceist. Agus tarlóidh sé seo ar fad taobh le taobh leis an raon freagrachtaí eile atá ann de réir an reachta.

Ar deireadh, is léir gurb é ceann de na torthaí is suntasaí d'aon athbhreithniú ar an obair atá déanta le cúig bliana anuas go bhfuil sé bunaithe le cinnteacht gur gné lárnach dár saol poiblí é maoirseacht neamhspleách ar phóilíneacht, go bhfuil an luach a bhaineann le guth seachtrach a dhéanann iniúchadh, a ghlacann páirt, a spreagann agus a dhéanann meastóireacht ar chuspóir agus ar

chleachtas ár seirbhíse póilíneachta ríshoiléir. Gan ligean orainn féin go bhfuil gach rud foirfe mar atá, tá sé deacair, beagnach dodhéanta fiú, a shamhlú go bhfillfear ar status quo ante, ar an gcineál saol póilíneachta a bhí ann roimh 2016. Is fianaise é seo ar chríonnacht na ndaoine a chruthaigh agus a chuir reachtaíocht 2015 tríd an Oireachtas, mar aon le tráchtaireacht ar an mbealach aibí a bhfuil an tÚdarás agus An Garda Síochána ag glacadh lena bhfreagrachtaí. Táimid anois ar thairseach comóradh céad bliain bhunú an Gharda Síochána, agus is cuí críochnú leis an bpointe an-dearfach sin.

**Bob Collins**
**Cathaoirleach**

## 1. Réamhrá

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta (an 'tÚdarás') ar an 1 Eanáir 2016 trí achtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015, lena leasaítear Acht an Gharda Síochána 2005 (an 'tAcht').

Fáiltíonn an tÚdarás roimh an deis tuarascáil a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt mar a cheanglaítear de réir alt 62 O (4) den Acht, lena n-athbhreithnítear a fheidhmeanna i rith na gcéad chúig bliana oibre.[1]

Forbairt ríthábhachtach i rialachas agus maoirseacht an Gharda Síochána ba ea comhlacht maoirseachta neamhspleách a bhunú, agus túsphointe suntasach ag pointe ama ríthábhachtach do phóilíneacht in Éirinn. Dúirt an tAire Dlí agus Cirt ag an am gurb ionann bunú an údaráis *"agus an t-athrú aonair is tábhachtaí i rialachas an Gharda Síochána i stair na heagraíochta"*.[2] Déantar foráil sa reachtaíocht le haghaidh raon leathan feidhmeanna don Údarás, cuid acu a raibh an Rialtas nó an tAire Dlí agus Cirt freagrach astu roimhe seo. Ó bunaíodh é, ghlac an tÚdarás páirt i maoirseacht sheachtrach, neamhspleách agus láidir phóilíneacht an Gharda Síochána.

Ní mór feidhmiú fheidhmeanna an Údaráis, a bhfuil sé féin freagrach astu, go dáta a bhreithniú as féin ach chomh maith leis sin i gcomhthéacs na srianta a bhain leis an réimeas rialachais agus maoirseachta a bhí i bhfeidhm roimhe seo. Tá sé seo sonraithe i roinnt mhaith doiciméad, ar an gcéad dul síos, i dTuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2014), ar tarraingíodh aird inti ar *"easpa cuntasachta straitéisí cuí"* a bheith luaite leis an nGarda Síochána.[3] Ar an dara dul síos, sa Tuarascáil Dhá Bhliain maidir le héifeachtacht agus oiriúnacht fheidhmeanna an Údaráis curtha faoi bhráid an Aire ar an 22 Nollaig 2017, de réir alt 62 (O) d'Acht an Gharda Síochána 2005, cinneadh an méid seo a leanas:

> *Tríd is tríd, measann an tÚdarás gur modh dearfach é chun cúrsaí a cheistiú i gcomhthéacs an Cheartais/an Gharda Síochána agus go bhfuil difríocht dá thoradh. Go háirithe, maidir le tacú le trédhearcacht, dúshlán neamhspleách, breis críochnúlachta agus dianseasmhachta i ndáil le maoirseacht feidhmíochta, sílimid gur éirigh linn a bheith éifeachtach. In achar gearr ama, d'éirigh linn creat feidhmíochta a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna an Gharda Síochána, agus chinntíomar go bhfuil an mhaoirseacht seo faoi réir grinnscrúdaithe phoiblí.*[4]

Ó shin i leith, mar atá mínithe sa tuarascáil seo, tá forbairt déanta ag an Údarás ar an maoirseacht atá á déanamh ar An Garda Síochána trí úsáid a bhaint as cur chuige atá á threorú ag fianaise, agus trí oibriú le agus rannpháirtíocht phoiblí agus rannpháirtíocht leis an bpobal trí chéile a chothabháil ina chuid oibre. Tá na chéad chúig bliana caite ag bunú láithreachta, ní hamháin trí mhaoirseacht ar ghníomhaíocht an Gharda Síochána, ach i measc páirtithe leasmhara freisin, ag feidhmiú mar phointe fócais agus mar fhóram chun plé a dhéanamh ar phríomhcheisteanna póilíneachta a bhfuil

---

[1] Sonraítear an méid seo a leanas san Acht: "Ag deireadh gach tréimhse 5 bliana ag tosú ar lá bunaithe an Údaráis, cuirfidh an tÚdarás tuarascáil faoi bhráid an Aire ina n-athbhreithnítear feidhmíocht ghinearálta a fheidhmeanna i rith na gcúig bliana roimhe sin."

[2] Díospóireachtaí Dála, an 15 Bealtaine 2015. Tuarascáil Guerin: Ráitis, 841(3) lch. 24.

[3] Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Roinn Dlí agus Cirt, an 11 Iúil, 2014.

[4] An tÚdarás Póilíneachta, 2017. Tuarascáil de réir alt 62 (O) d'Acht an Gharda Síochána 2005, lch.1-2.

tionchar acu ar sheirbhísí póilíneachta a sholáthar do phobail. Is léir ó fheidhmíocht an Údaráis go dtí seo go mbaineann poitéinseal agus riachtanas le maoirseacht oscailte agus phoiblí chuntasach ar phóilíneacht in Éirinn, atá dílsithe i gcomhlacht neamhspleách, cumhachtaithe, seachtrach. Chomh maith leis sin, áfach, tarraingítear aird ar chuid de na dúshláin agus réimsí feabhais lena chinntiú gur ann do mhaoirseacht láidir seirbhísí póilíneachta agus go bhfuil feidhmeanna an Údaráis á gcomhlíonadh.

Ón tús, rinne an tÚdarás iarracht a neamhspleáchas a léiriú lena n-áirítear an fhoirmeáltacht a bhaineann lena chaidreamh, gan tionchar rómhór a bheith aige ar obair laethúil an Gharda Síochána, agus aird a thabhairt ar neamhspleáchas oibríochtúil Choimisinéir an Gharda Síochána (‘an Coimisinéir’).Tuigeann an tÚdarás an tábhacht a bhaineann le dea-chaidreamh, agus teannas sláintiúil leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí chun maoirseacht éifeachtach a chinntiú. Bhain dúshláin leis an gcaidreamh ar dtús, go háirithe mar gheall ar an moill a bhain le faisnéis a sholáthar agus mar gheall ar an moill a bhain le teagmhais chriticiúla a thuairisciú. Tá feabhas tagtha ar chúrsaí, áfach, agus de réir a chéile tá comhaltaí sinsearacha agus comhaltaí foirne ag glacadh le maoirseacht agus tuigeann siad na buntáistí a bhaineann le maoirseacht. Is mian leis an Údarás go háirithe tagairt do mheon dearfach agus rannpháirtíocht dhearfach an Choimisinéara reatha agus a fhoireann, tacú leis an gCód Eitice agus forbairtí eile chomh maith.

Tá fianaise ar an gcaidreamh seo atá ag teacht in aibíocht le sonrú i dtoilteanas méadaithe an Gharda Síochána eolas a roinnt leis an Údarás maidir leis na dúshláin agus na deacrachtaí atá le sonrú laistigh de ghráid an Gharda Síochána.
I rith an chéad dhá bhliain i mbun oibre, chuir an tÚdarás imní in iúl maidir le moille thar ceann an Gharda Síochána eolas a chur ar fáil ar bhonn réamhghníomhach don Údarás maidir leis na fadhbanna agus rioscaí a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis. Tá feabhas tagtha air seo le himeacht ama freisin.

Tá sé beartaithe go soláthróidh struchtúr agus leagan amach na tuarascála seo critíc ar fheidhmíocht an Údaráis i ndáil lena fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach achomair, trí dhíriú ar phríomhéachtaí agus ar phríomhdhúshláin, go háirithe an luach a bhaineann leis an Údarás mar chomhlacht maoirseachta príobháidí. Is léir go dtagrófar go minic i dtuarascáil den chineál seo ina ndéantar cur síos ar fheidhmíocht an Údaráis mar chomhlacht maoirseachta, de bharr riachtanais, do na gníomhartha agus d’fheidhmíocht an chomhlachta atá á mhaoirsiú aige, An Garda Síochána.

Nuair a bhí an tuarascáil seo á hullmhú don Aire, bhí an tÚdarás airdeallach ar na hathruithe beartaithe atá sonraithe i nDréachtscéim Ghinearálta an Bhille Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (‘an Dréachtscéim Ghinearálta’).

Is fianaise é an próiseas athbhreithnithe chuimsithigh a rinneadh le haghaidh na tuarascála seo go bhfuil go leor de ghníomhaíochtaí an Údaráis leathan agus ag freastal ar níos mó ná feidhm shonraithe amháin, mar atá sonraithe san Acht. Go deimhin, tá maoirseacht na feidhmíochta póilíneachta, an athchóirithe, agus cheapacháin an Gharda Síochána agus gníomhaíochtaí taighde agus rannpháirtíochta an Údaráis idirnasctha. Os a choinne sin, tá an tÚdarás ag díriú ar chaighdeán, tionchar agus eispéireas na póilíneachta a éilíonn gealltanas a bheith rannpháirteach le agus éisteacht leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara.

I dteannta le tabhairt faoi athbhreithniú inmheánach chun críoch a chur leis an tuarascáil seo, choimisiúnaigh an tÚdarás athbhreithniú seachtrach, neamhspleách chun tuairimí a bhailiú ó phríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear An Garda Síochána, comhlachtaí ionadaíocha an

Gharda Síochána, páirtithe leasmhara ón earnáil dlí agus cirt agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, chun measúnú a dhéanamh ar láidreachtaí agus ar laigí i ndáil le feidhmiú ról an Údaráis agus a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Úsáideadh na torthaí chun bonn eolais a chruthú do thuairimí an Údaráis nuair a bhí measúnú criticiúil ar a fheidhmíocht á dhéanamh. Tá an tuarascáil a cuireadh i dtoll a chéile bunaithe ar an athbhreithniú seachtrach seo le fáil in Aguisín 3.

Liostaítear in Aguisín 1 Comhaltaí an Údaráis agus a Choistí éagsúla thar thréimhse 5 bliana agus in Aguisín 2 tá tábla de phríomhghníomhartha a rinneadh de réir gach feidhme lena chinntiú go bhfuil eolas maidir le gníomhaíochtaí iomlána an Údaráis doiciméadaithe.

## 2. Príomhfheidhmeanna Reachtúla

Faoin Acht, tá raon leathan feidhmeanna reachtúla ag an Údarás a phléitear sa tuarascáil seo agus á léirítear de réir feidhme in Aguisín 2. Tá níos mó airde tarraingthe ar fheidhmeanna áirithe, áfach, i rith na gcéad chúig bliana ó bunaíodh an tÚdarás agus tá cur síos déanta orthu sa chaibidil seo.

Foráiltear le hAlt 62H (1) den Acht go ndéanfaidh an tÚdarás *"(a) maoirseacht ar fheidhmeanna an Gharda Síochána agus ar a fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta"*. D'fhorbair an tÚdarás Póilíneachta creat feidhmíochta go gairid i ndiaidh a bhunaithe chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna an Gharda Síochána, agus bhí an mhaoirseacht seo forleathan. Ag croílár mhaoirseacht na feidhmíochta póilíneachta, áfach, tá rannpháirtíocht reachtúil an Údaráis sa Phlean Póilíneachta, i Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána agus i mbunú Tosaíochtaí Póilíneachta. Tá eolas maidir leis na trí ghné idirnasctha seo le fáil i roinn 2.1 thíos.

Cuimsítear sa dara tacar de phríomhfheidhmeanna rannpháirtíocht an Údaráis i gceapachán agus soláthar foirne an Gharda Síochána agus tá athbhreithniú déanta air seo i roinn 2.2 thíos.

Is í an ghné deiridh dá dtagraítear bunú agus leabú an Chóid Eitice do An Garda Síochána, a bhfuil athbhreithniú déanta air i roinn 2.3 thíos.

### 2.1. Maoirseacht ar Fheidhmíocht Póilíneachta

**An Plean Póilíneachta**

Is ionann An Plean Póilíneachta, ina gcuimsítear spriocanna feidhmíochta bunaithe faoi alt 20 den Acht, agus fianaise phoiblí ar ghealltanais an Gharda Síochána don phobal i gcoitinne gach bliain.  Is é an Plean Póilíneachta bunchloch mhaoirseacht an Údaráis agus ba cheart go mbeadh ról lárnach aige in eagraíocht an Gharda Síochána.

Tá béim leagtha ag an Údarás arís go comhsheasmhach ar an bpointe gurb ionann an Plean, agus nach mór glacadh leis an bPlean, mar Phlean an Choimisinéara, agus nach mór go mbeadh ról lárnach aige i ngníomhaíochtaí an Gharda Síochána in aon bhliain ar leith. Ceadaíonn an tÚdarás an plean, áfach, agus chomh maith leis sin, leagann sé amach na príomhspriocanna feidhmíochta atá riachtanach chun cuspóirí na dtosaíochtaí póilíneachta a chomhlíonadh. Spreag an tÚdarás, ar bhonn comhsheasmhach, cur chuige níos spriocdhírithe i ndáil le líon níos lú, agus sainmhínithe níos fearr, tionscnamh straitéiseach sa phlean. Baineann dúshlán áirithe leis sin ó tharla go bhfuil an tÚdarás ag moladh go mbeadh athruithe á ndéanamh ag an Garda Síochána agus go mbeadh úinéireacht á spreagadh laistigh de An Garda Síochána. Tá forbairt tagtha ar an gcur chuige i ndáil le forbairt an Phlean Póilíneachta le cúig bliana anuas agus tá sé níos beaichte ná mar a bhí agus tá buntáistí ann

do chách. Is é an aidhm atá leis an Acht go mbeidh bailíochtú seachtrach á dhéanamh, ag an Údarás, ar ráiteas bliantúil criticiúil d'aidhm eagrúcháin dá leithéid – ar leithligh agus neamhspleách ar An Garda Síochána agus an Roinn, agus beidh an Plean fós le ceadú ag an Aire - agus ba nuáil thábhachtach a bhí ann agus tá an méid sin soiléir ó thaithí.
Ní féidir a sheachaint go mbeidh aon ghéarú ar an bhfócas mar bhonn leis an riachtanas déileáil le roinnt príomhghníomhaíochtaí agus roinnt príomhthionscnamh lasmuigh den Phlean. Ach cruthaíonn an rannpháirtíocht rialta idir an tÚdarás agus an Coimisinéir deiseanna chun athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh orthu seo. Tá an tuiscint ann san Údarás nach raibh glacadh leis an bPlean laistigh de An Garda Síochána i gcónaí mar ghné lárnach de chur chuige agus de ghníomhartha an Gharda Síochána in aon bhliain ar leith.

Mar thoradh ar spreagadh seasta ón Údarás tá fianaise shoiléir maidir le hathrú sa chomhthéacs seo le tabhairt faoi deara agus is fianaise iad ráitis an Údaráis san athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht le haghaidh 2019 ar réaltacht na mbreathnóireachtaí seo. Tá an fhéidearthacht ann go bhféadfaí glacadh le rannpháirtíocht an Údaráis, ainneoin go gcinnteoidh sé plean níos réamhbheartaithe agus spriocanna sonracha dúshlánacha, mar bhonn le forbairt a mhoilliú ach tá srian curtha air sin ag na socruithe forbarthacha agus tá an luach breise atá cruthaithe ag rannpháirtíocht bhreise, in intinn an Údaráis, doshéanta agus tairbheach.

Dá réir sin, tá an Plean Póilíneachta, ar ordú an Údaráis éirithe níos sonraí, tá níos lú beart i gceist, agus tá siad ar fad ábhartha do chaighdeán na seirbhíse póilíneachta atá le cur ar fáil don phobal. Chomh maith leis sin, tá aird dírithe ar réimsí lena mbaineann tábhacht chriticiúil cosúil le rialachas, airgeadas, eolas agus teicneolaíocht acmhainní daonna mar ghnéithe atá doscartha agus éigeantach chun seirbhís phóilíneachta ar ardchaighdeán a sholáthar. Ní raibh dóthain béime á leagan ar na gnéithe deireanacha sin go háirithe sna pleananna roimhe seo. Ainneoin aird a bheith á tabhairt ar an dul chun cinn seo, beidh fianaise ar thuilleadh dul chun cinn le fáil sa Phlean le haghaidh 2021, beidh deis ann i gcónaí struchtúr, ábhar agus fócas an Phlean a fheabhsú.

Is bealach ríthábhachtach é ceadú an Phlean Póilíneachta, i dteannta leis an bhfeidhm a bhaineann le spriocanna feidhmíochta a bhunú, a chuirfidh ar chumas an Údaráis a chinntiú go bhfuil cuspóirí an Gharda Síochána réalaíoch i gcomhthéacs na feidhmíochta atá tugadh faoi deara roimhe seo agus cumas agus acmhainn reatha. Ina theannta sin, i dteannta le hobair rannpháirtíochta an Údaráis le páirtithe leasmhara, cinntíonn ceadú an Údaráis go bhfuil an Plean ailínithe le tosaíochtaí an phobail a bhfuil sé ag freastal air agus ag an am céanna go bhfuil fianaise ar bhreithiúnais ghairmiúla phóilíneachta an Choimisinéara le fáil. Is modh riachtanach é trínar féidir leis an Údarás a chinntiú go bhfuil torthaí a chuid oibre maoirseachta agus an measúnú ar fheidhmíocht mar bhonn leis an bPlean Póilíneachta a bheidh ann don bhliain dár gcionn.

Chun feidhmíocht an Gharda Síochána a mheas i gcomparáid leis an bPlean Póilíneachta, tá fianaise ar mhaoirseacht chuiditheach agus oscailte a bheith á déanamh ag an Údarás ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme an Phlean ina dhiaidh sin. Déantar dul chun cinn a mheas ag cruinnithe an Choiste Straitéise agus Feidhmíochta Póilíneachta (CSFP), an Choiste um Fhorbairt Eagraíochta (CFE) agus ag cruinnithe míosúla an Údaráis, tráth a ndéanann comhaltaí an Údaráis cur chun feidhme a mheas.

Níl an cur chuige seo meicníoch. I dteannta le rannpháirtíocht dhíreach le lucht bainistíochta an Gharda Síochána, le Gardaí i stáisiúin ar fud na tíre agus in aonaid speisialaithe, príomhghné de mhaoirseacht an Údaráis é triantánú an eolais atá á sholáthar agus taithí saoil na ngrúpaí agus na

bpobal páirtithe leasmhara mar aon lena ghealltanas do chur chuige fianaisebhunaithe. D'fhorbair agus mhéadaigh an clár rannpháirtíochta le himeacht ama agus sholáthair sé léargas úsáideach maidir le héifeachtúlacht na seirbhíse póilíneachta bunaithe ar thaithí na bpobal. Chomh maith leis sin, chuaigh an cleachtas seo chun tairbhe na rannpháirtíochta le An Garda Síochána.

Sonraíonn an tÚdarás a mheasúnú ar fheidhmíocht póilíneachta ina thuarascálacha feidhmíochta leathbhliantúla agus bliantúla. Cuireadh na tuarascálacha seo i dtoll a chéile chun trédhearcacht a chinntiú sa phróiseas maoirseachta agus is eatraimh úsáideacha iad anois chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta. Níl An Garda Síochána á bhainistiú ag an Údarás ach beidh glacadh leis, ag leibhéal áirithe ar a laghad, mar bhealach chun a éifeachtacht a thomhas chomh fada is a bhaineann leis an tuiscint atá ag daoine ar an bPlean Póilíneachta san eagraíocht trí chéile agus conas a úsáidtear é chun leithdháileadh acmhainní a ailíniú le tosaíochta sonraithe nach bhfuil ag laghdú go leanúnach de réir mar a leantar leis an obair chun an cur chuige i ndáil leis an bPlean Póilíneachta a bheachtú. Mar a luadh níos túisce, tá an tÚdarás i gcomhar leis an gCoimisinéir ag obair ar phróiseas chun an Plean Póilíneachta a athshamhlú mar dhoiciméad atá níos giorra, níos ábhartha do phóilíneacht agus dírithe ar thorthaí. Tá an léargas is déanaí ar an obair seo le fáil i bPlean Póilíneachta 2021 agus táthar ag súil go gcruthóidh sé bonn fónta d'fhorbairt an chéad Ráiteas Straitéise eile de chuid an Gharda Síochána níos déanaí in 2021.

**Ráiteas Straitéise**

Feidhm thábhachtach de chuid an Údaráis é Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána a cheadú chun rannpháirtíocht leis an gCoimisinéir agus a f(h)oireann shinsearach a éascú maidir le fís, misean agus luachanna na heagraíochta agus na príomhchuspóirí straitéiseacha a stiúrann agus a threoraíonn a chuid oibre thar thréimhse trí bliana. Feidhmíonn an doiciméad seo, taobh leis na Tosaíochtaí Póilíneachta, mar bhonn le haghaidh na bpleananna póilíneachta bliantúla lena dtugtar éifeacht don uaillmhian sin. Tá dhá Ráiteas Straitéise ceadaithe ag an Údarás, an chéad cheann in 2016 le haghaidh na tréimhse 2016-2018 agus an dara ceann in 2018 le haghaidh na tréimhse 2019-2021.

Deis ba ea forbairt na dara straitéise dhá bhliain i ndiaidh bhunú an Údaráis chun tairbhe a bhaint as torthaí na hoibre maoirseachta atá curtha i gcrích go dáta agus na ceachtanna atá le foghlaim de réir a chéile. Chomh maith leis, bealach ba ea é lena chinntiú gur tugadh léargas sa Straitéis ar an méid a bhí foghlamtha agus go raibh an straitéis dírithe go cuí ar na ceisteanna atá ag déanamh an méid is mó imní don phobal.

Bhí an tÚdarás, bunaithe ar thorthaí a chuid oibre maoirseachta, ábalta a chinntiú go raibh na téamaí forbarthacha leathana á léiriú sa Straitéis mar phríomhréimsí fócais. Cuimsíodh ina measc seo na cumasóirí straitéiseacha - TF, Acmhainní Daonna agus Airgeadas - a áireamh sa Straitéis mar ghnéithe lena bhain tábhacht ar leith i ndáil le seirbhís phóilíneachta éifeachtaí a sholáthar don phobal. Tháinig príomhthéamaí eile cosúil le cearta an duine, eitic, maoirseacht agus cáilíocht sonraí chun cinn ar bhonn comhsheasmhach in obair an Údaráis, agus díríodh orthu sin ar bhealach oiriúnach sa Straitéis.

Bhí an próiseas rannpháirtíochta cuiditheach agus chuaigh an deis a bhí ag An Garda Síochána déileáil le dúshlán seachtrach, neamhspleách, bunaithe ar mhaoirseacht chomhsheasmhach, chun tairbhe an doiciméid deiridh. Ainneoin an Straitéis a bheith dírithe ar 'Ag Coinneáil Daoine Sábháilte' bonn úsáideach a bhí ann freisin chun feidhmíocht An Gharda Síochána a mheas.

**Tosaíochtaí Póilíneachta**

Is ionann na Tosaíochtaí Póilíneachta agus an bonn ar a bhfuil Ráiteas Straitéise agus Pleananna Póilíneachta an Gharda Síochána bunaithe. Éifeacht dhearfach atá ag an aistriú feidhme seo chuig Údarás Póilíneachta is ea, ainneoin gá a bheith le ceadú an Aire fós, gur cuireadh deireadh leis an ngá a bhí le tosaíochtaí a shonrú bunaithe ar rannpháirtíocht pholaitiúil dhíreach.

Chinn an tÚdarás na tosaíochtaí bliantúla trí úsáid a bhaint as próiseas a thugann aird ar threochtaí i ndlínsí eile, aon athruithe suntasacha sa timpeallacht coireachta agus plé leis an gCoimisinéir agus a fhoireann shinsearach. Thar rud ar bith tá sé tar éis dul i gcomhairle leis na Comhchoistí Póilíneachta (CCPanna) agus le páirtithe leasmhara trína ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta.

Chinntigh an cur chuige seo go bhfuil eolas ar fáil faoi thuairimí na bpobal éagsúil agus na ngrúpaí mionlaigh atá sa tsochaí agus go bhfuil siad á meas go héifeachtach nuair atá tosaíochtaí póilíneachta á bhforbairt, rud a thug guth do na pobail seo a d’fhéadfadh a bheith gan ghuth murach é. Is cur chuige é a bhfuil comhlacht neamhspleách cosúil leis an Údarás in ann é a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Tá feidhmiú na feidhme seo curtha i gcrích trí dhlúth-rannpháirtíocht leis an gCoimisinéir. Deis thábhachtach ba ea sonrú na dtosaíochtaí chun breithniú a dhéanamh ar na hábhair is mó atá ag déanamh imní don phobal.

Tá an tÚdarás den tuairim, áfach, nach féidir glacadh leis go bhfuil ailíniú uathoibríoch idir na hábhair is mó atá ag déanamh imní don phobal agus na ceisteanna a mheasann an tseirbhís phóilíneachta ba cheart tús áite a thabhairt dóibh. Dá ainneoin sin, is sásra tábhachtach é an próiseas sonraithe tosaíochtaí, a áirítear ann dúshlán neamhspleách seachtrach agus deis don phobal na hábhair atá ag déanamh imní dó a chur in iúl, sásra chun eolas a sholáthar maidir le conas is féidir a chinntiú go mbeidh an tseirbhís phóilíneachta éifeachtach dóibh siúd a bhfuil an tseirbhís ag freastal orthu.

Foinse thábhachtach d’athrú dearfach é feidhmíocht an Údaráis i ndáil le forbairt na dtosaíochtaí póilíneachta don phóilíneacht agus do An Garda Síochána. Chuige sin, is fiú béim a leagan an athuair ar na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht sheachtrach lánbhrí nuair atá tosaíochtaí póilíneachta an Gharda Síochána á sonrú.

## 2.2. Ceapacháin agus Soláthar Foirne

Tá sainchúram an Údaráis chomh fada is a bhaineann le Ceapacháin in An Garda Síochána á rialú ag Caibidil 2 den Acht. Tá freagrachtaí ar an Údarás faoi alt 13 agus alt 62 H(b) i ndáil le ceapacháin a dhéanamh ag gráid shinsearacha de An Garda Síochána mar aon le ceaduithe agus ceapacháin sibhialtach faoi alt 19.[5]

D’fhorbair an tÚdarás saineolas agus acmhainn earcaíochta chun comórtais roghnúcháin a rith go pras agus de réir dea-chleachtais, agus tá a chuid feidhmeanna ceapacháin curtha i gcrích aige go héifeachtach, go trédhearcach, go neamhspleách agus go hionraic.

[5] Baineann Alt 19 leis an líon agus grád comhaltaí foirne sibhialtaigh atá le ceapadh ag an gCoimisinéir a cheadú (le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais).

Cé go mbaineann castacht le cúrsaí in amanna agus go mbíonn obair mhór le déanamh, is cumasóirí suntasacha iad feidhmeanna an Údaráis i ndáil le ceapacháin d'fheidhmíocht agus d'athchóiriú an Gharda Síochána agus gné thábhachtach de mhaoirseacht neamhspleách, rud atá ag teacht leis na freagrachtaí eile. Cé gurb é an dea-chleachtas agus an norm in go leor daonlathas comhaimseartha na hoifigigh phóilíneachta is sinsearaí a cheapadh trí chomhlacht maoirseachta póilíneachta reachtúil neamhspleách, gné shuntasach den obair in Éirinn ag an am feidhmeanna ceapacháin a aistriú chuig an Údarás Póilíneachta.

Ní mór freagrachtaí agus feidhmíocht an Údaráis go dáta a bhreithniú i gcomhthéacs níos ginearálta na ndearcthaí a bhaineann le ceapacháin agus arduithe céime laistigh de An Garda Síochána. Mar shampla, tugadh le fios in Iniúchadh Cultúrtha ar an nGarda Síochána in 2018 go raibh easpa muiníne ag daoine san earcaíocht inmheánach agus thug cohórt suntasach de chomhaltaí an Gharda Síochána le fios gur chreid siad nach raibh na próisis ardaithe céime / chomórtais bunaithe ar fhiúntas.[6]

Bhí sé tábhachtach go mbeadh an tÚdarás in ann na feidhmeanna seo a oibriú go héifeachtach agus gan mhoill lena chinntiú go raibh an próiseas earcaíochta neamhchlaonta, oibiachtúil agus neamhspleách agus chun cur leis an muinín a bhí ag iarrthóirí ó laistigh de ghráid an Gharda Síochána.

Is léir ó aiseolas díreach a fuarthas ó iarrthóirí le déanaí maidir le comórtais shinsearacha, mar shampla, go bhfuil sé seo bainte amach, a léiríonn go bhfuil iarrthóirí ag tacú, a bheag nó a mhór, leis na hathruithe, go dtuigeann siad na feabhsuithe atá déanta agus go bhfuil muinín acu as trédhearcacht agus as cothroime phróiseas an chomórtais, atá á reáchtáil ag an Údarás. Glactar leis go coitianta go mbaineann fadhbanna leis na comórtais ardaithe céime inmheánacha atá curtha ina gceart trí rannpháirtíocht an Údaráis.

Mar chomhlacht neamhchlaonta, neamhspleách atá freagrach as an bhfeidhm seo, bhí ról ríthábhachtach ag an Údarás i dtéarmaí cur le muinín an phobail i gceapachán na n-oifigeach is sinsearaí sa tír. Is fianaise iad na hathruithe i ndáil le ceapacháin i réimsí éagsúla de An Garda Síochána ar an bpoitéinseal a bhaineann le ceapacháin comhaltaí den Gharda Síochána agus foireann an Gharda Síochána tionchar suntasach a bheith acu ar chultúr na seirbhíse, agus fianaise ar an ról dearfach is féidir a bheith ag comhlacht maoirseachta neamhspleách san athrú seo. Os a choinne sin, bhí an tÚdarás oiriúnaitheach agus freagrúil chomh fada is a bhain le timpeallacht athraitheach agus lean sé lena ról a chomhlíonadh i rith éigeandáil sláinte poiblí COVID-19, agus níor laghdaíodh an raon comórtas a reáchtáladh nó níor cuireadh isteach ar infhaighteacht oifigeach cuí do An Garda Síochána.

[6] Is fiú roinnt príomhthorthaí den Iniúchadh seo a athlua go hachomair. Bhí na tuairimí láidre maidir le finíochas agus fabhar a tugadh faoi deara san Iniúchadh mar bhonn le díomá agus doicheall a chruthú ar fud na heagraíochta, agus ba ionann é agus an réimse ina raibh an méid is mó éagsúlachta le tabhairt faoi deara idir na gráid shóisearacha agus shinsearacha. Bhí easpa córas bainistíochta feidhmíochta agus ardaithe céime a measadh a bhí cothrom, trédhearcach agus bunaithe ar thuilleamhlathas mar bhonn le braistint d'amhras agus d'easpa spéise a chruthú ar fud na heagraíochta. Féach PWC, 2018. *'Play Your Part Cultural Audit of the Garda Síochána'*.

**Ainmniúchán Rialtais an Choimisinéara agus an Leas-Choimisinéara**

Cosúil leis na freagrachtaí atá ar chomhlachtaí maoirseachta neamhspleácha i ndlínsí inchomparáide eile, bronnann alt 9 den Acht freagracht ar an Údarás ceapachán a dhéanamh ag gráid an Choimisinéara agus an Leas-Choimisinéara.

Thug an tÚdarás, ar iarraidh ón Aire Dlí agus Cirt, cuireadh don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) próiseas roghnúcháin a reáchtáil chun críche duine a ainmniú chuig gráid an Choimisinéara agus an Leas-Choimisinéara.
I gcomhairle leis an Roinn agus le páirtithe leasmhara eile, déanann an tÚdarás cinneadh maidir leis an eolas, na scileanna agus an taithí atá oiriúnach le haghaidh na ról seo agus ansin lorgaítear ceadú an Aire.

I ndiaidh don Choimisinéir dul ar scor in 2017, thug an tÚdarás cuireadh do PAS tabhairt faoi chomórtas chun Coimisinéir nua a roghnú. Deis ar leith ba ea é seo do chomhlacht neamhspleách cosúil leis an Údarás a chinntiú go raibh an próiseas a bhí á reáchtáil chun oifigeach is sinsearaí an Gharda Síochána a cheapadh neamhchlaonta agus trédhearcach agus go mbeadh an taithí agus na scileanna riachtanacha ag an iarrthóir rathúil chun dlús a chur le hathchóiriú laistigh de An Garda Síochána. D'fhonn a chinntiú go raibh an réimse iarrthóirí sách leathan, bhain an tÚdarás tairbhe as saineolas seirbhísí earcaíochta speisialaithe, lena n-áirítear cuideachta cuardaigh feidhmiúcháin agus soláthraí speisialaithe chun tástálacha agus measúnuithe a riar. I Meitheamh 2018, d'ainmnigh an tÚdarás Drew Harris a cheap an Rialtas ina dhiaidh sin.

In 2019, ag cur leis an taithí a fuarthas i rith Chomórtas an Choimisinéara, thug an tÚdarás cuireadh do PAS tabhairt faoi chomórtas roghnúcháin chun iarrthóir a aithint a d'fhéadfaí a ainmniú do phost an Leas-Choimisinéara. Ag deireadh an phróisis roghnúcháin, chinn an Bord Agallaimh gan ainm a mholadh le breithniú don cheapachán. Dá réir sin, níor chuir an tÚdarás aon ainmniúchán faoi bhráid an Rialtais. Chinn an tÚdarás ag an am cuí, i ndiaidh comhairliúcháin chuí leis an gCoimisinéir, go lorgófaí toiliú an Rialtais chun tús a chur le próiseas le haghaidh comórtas nua. De bhrí go bhfuil an tuarascáil seo críochnaithe agus réidh le cur ar fáil, tá toradh an chomórtais sin fógartha agus i ndiaidh ainmniúcháin an Údaráis tá beirt Leas-Choimisinéirí nua ceaptha ag an Rialtas.

Is fianaise é an taithí a fuarthas i ndiaidh trí chomórtas a reáchtáil ar an ról ríthábhachtach a bhí ag an Údarás i gcinntiú gur oibrigh na socruithe reachtúla go héifeachtach agus go maith.

**Ceapacháin chuig Gráid Shinsearacha**

Tá feidhm reachtúil ag an Údarás faoi alt 13 den Acht ceapacháin a dhéanamh, i ndiaidh comórtas roghnúcháin a chur i gcrích, ag gráid an Leas-Choimisinéara, an Ard-Cheannfoirt agus an Cheannfoirt in An Garda Síochána. Tá an fheidhm seo á rialú ag Rialacháin Acht an Gharda Síochána 2005 (Ceapacháin ag gráid an Leas-Choimisinéara, an Ard-Cheannfoirt agus an Cheannfoirt) 2016 (I.R. 641 de 2016) ('na Rialacháin') agus cuireadh tús leis le héifeacht ón 1 Eanáir 2017.

Ó cuireadh tús leis na feidhmeanna seo in 2017, príomhchuspóir de chuid an Údaráis ba ea próiseas roghnúcháin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a chomhlíonann an caighdeán is airde ionracais agus cothroime, a chloíonn le dea-chleachtas earcaíochta, a mbíonn toradh ar ardchaighdeán air agus a bhfuil muinín ag an bpobal as.

Tá comórtais roghnúcháin atá deartha chun ceapachán a dhéanamh ag gráid shinsearacha an Gharda Síochána bunaithe ar inniúlacht. Dá réir sin, is ionann creataí inniúlachta mar aon le táscairí iompair

le haghaidh gach grád, agus bonnsraith an phróisis gearrliostaithe agus roghnúcháin atá deartha chun fianaise ar inniúlacht, eolas, scileanna, cumas agus inspreagadh atá riachtanach le haghaidh feidhmíocht éifeachtach laistigh den ghrád a aimsiú. Tá na prionsabail seo curtha san áireamh sa Ráiteas Cleachtais atá forbartha ag an Údarás chun gach comórtas a reáchtáil ina sonraítear na prionsabail a bhfuil na comórtais á rialú acu lena chinntiú go bhfuil caighdeáin dea-chleachtais á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Nuair a ghlac an tÚdarás le freagracht as na comórtais seo, chinn sé tairbhe a bhaint as cur chuige éabhlóideach, agus forbraíodh an próiseas de réir a chéile gach bliain. In 2017, reáchtáladh anailís chuimsitheach poist ar thrí ghrád, agus bunaíodh creat inniúlachta le haghaidh gach grád, mar aon le sonraíochtaí comhfhreagracha poist agus duine.[7]

Thosaigh an tÚdarás ag baint úsáide as measúnú agus modheolaíochtaí roghnúcháin níos sofaisticiúla le haghaidh chomórtais 2019 agus tosaíodh ag baint úsáide as ionaid tástála agus measúnaithe shíciméadraigh de réir mar a bhí oiriúnach do na gráid i gceist.

Go dtí seo, tá deich gcomórtas reáchtáilte ag an Údarás (ceithre chomórtas le haghaidh ghráid an Cheannfoirt agus an Ard-Cheannfoirt agus dhá chomórtas le haghaidh ghrád an Choimisinéara Cúnta) agus tá 160 oifigeach sinsearach ar fad ceaptha. Tá léargas le fáil i dTábla 1 (thíos) ar na ceapacháin atá déanta bunaithe ar ghrád.

Bunaíodh Coiste speisialta den Údarás (Coiste um Dhearbhú Cáilíochta agus Rialachas Roghnúcháin Cheapacháin an Gharda Síochána), ar a raibh cathaoirleach neamhspleách, chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas Ceapachán. Ina theannta sin, tá dhá iniúchadh inmheánacha déanta ar an bpróiseas Ceapachán ó cuireadh tús leis a thugann le fios gur féidir dearbhú suntasach a thabhairt maidir le córais agus nósanna imeachta an Údaráis i ndáil leis na comórtais roghnúcháin agus an próiseas trí chéile.

| Tábla 1: Ceapacháin an Údaráis chuig Gráid Shinsearacha an Gharda Síochána<br>An Garda Síochána | |
|---|---|
| Coimisinéir Cúnta | 8 |
| Ard-Cheannfort | 34 |
| Ceannfort | 118 |
| **Iomlán** | **160** |

Roimh cheapachán a dhéanamh chuig na gráid shinsearacha, ní mór go mbeadh an tÚdarás sásta maidir le hoiriúnacht iarrthóra d'ardú céime. Mar atá sonraithe sna Rialacháin, cuireann an tÚdarás próiseas ceada i gcrích, agus déantar aon fhiosrúcháin a mheasann sé is gá chun sláinte agus carachtar an iarrthóra a bhunú.

[7] Cuireadh tús den chéad uair le gearrliostú agus próiseas dhá agallamh d'iarratasóirí a bhí gearrliosta le haghaidh na gcomórtas do phost an Choimisinéara Cúnta agus an Ard-Cheannfoirt agus bhí láithreoireacht le déanamh mar chuid den agallamh deiridh. In 2017, rinneadh gearrliostú trí thagairt a dhéanamh d'fhoirmeacha iarratais an iarrthóra agus in 2018 bhí agallamh físeáin le déanamh freisin.

Tá ról ríthábhachtach ag neamhspleách an Údaráis i bpróiseas ceapacháin agus ceada na bpost sinsearach seo chomh fada is a bhaineann le muinín an phobail as an earnáil dlí agus cirt.

**Foireann an Gharda Síochána**

Sonraítear in Alt 19(1) agus Alt (2) na freagrachtaí atá ar an Údarás chomh fada is a bhaineann le foireann an Gharda Síochána. Sonraítear in Alt 19(1) an fhreagracht atá ar an Údarás i ndáil le líon agus grád na bpost nua foirne ar fad atá sa Gharda Síochána a cheadú. I ndáil le gach post nó líon na bpost a bhaineann le hAonad nó Roinn ar leith, cuirtear cás gnó ina sonraítear an t-údar atá leis an poist faoi bhráid an Údaráis. Déantar é sin a bhreithniú agus, má cheadaítear é, sonraítear na coinníollacha a bhaineann leis an gceadú. Teastaíonn toiliú ón Aire Dlí agus Cirt agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sular féidir toiliú a thabhairt don Gharda Síochána. Is fianaise é sin, b'fhéidir, ar chultúr an Gharda Síochána - bhain moill le cásanna gnó d'fhoireann an Gharda Síochána agus ní raibh siad ar chaighdeán sách ard lena gceadú, agus bhí i bhfad níos mó béime a leagan ar agus bhain níos mó práinne le comhaltaí den Gharda Síochána a earcú.

Tá an próiseas seo anásta agus tá sé curtha in iúl ag an Údarás le tamall anuas gur cheart an fhreagracht seo a tharmligean don Choimisinéir atá ag obair laistigh de Chreat Rialaithe Fostaithe (CRF) ceadaithe. Ag gníomhú laistigh de na forálacha reatha, áfach, tá roinnt tionscnamh curtha i gcrích ag an Údarás lena chinntiú go mbeidh an cur chun feidhme chomh héifeachtach agus is féidir. Tá 1,128 post faofa ag an Údarás go dtí seo, le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus an Aire Caiteachais agus Athchóirithe.

Le cois fhreagracht an Údaráis as líon agus gráid gach post foirne de chuid an Gharda Síochána a cheadú, tá freagracht reachtúil níos suntasaí ar an Údarás freisin ceapacháin gach iarrthóir i bpoist foirne sinsearacha de chuid an Gharda Síochána a cheadú, ag leibhéal an Phríomhoifigigh (PO) agus os a chionn. Sa chomhthéacs seo, tá ról ag an Údarás i ndáil le cinneadh a dhéanamh maidir le scileanna agus taithí atá ábhartha don phost agus ceadaíonn sé sonraíocht an róil agus an duine. Nuair a dhéantar an ceapachán, ní mór go mbeadh an tÚdarás sásta maidir le hoiriúnacht an iarrthóra don phost.

Bhain tábhacht ar leith le luach ról seachtrach, oibiachtúil an Údaráis i ndáil leis an bhfeidhm comhaltaí foirne a cheapadh in An Garda Síochána ag leibhéal PO agus ag leibhéil níos sinsearaí chomh fada is a bhain leis an gclár athchóirithe, go háirithe i ndáil leis an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil saineolas speisialaithe ar fáil ag leibhéil an-sinsearacha laistigh de na réimsí sin atá ríthábhachtach i ndáil le héifeachtacht na seirbhíse póilíneachta. Sonraítear i dTábla 2 (thíos) na Ceapacháin Shinsearacha a rinne an tÚdarás de réir an ghráid.

| Tábla 2: Ceapacháin Shinsearacha an Gharda Síochána | |
|---|---|
| Leas-Rúnaí | 1 |
| Stiúrthóir Feidhmiúcháin | 6 |
| Príomhoifigeach | 27 |
| **Iomlán** | **34** |

## 2.3. An Cód Eitice

De réir an Achta, bhí sé de chúram ar an Údarás Cód Eitice (Cód) a bhunú do An Garda Síochána laistigh de 12 mhí ó cuireadh tús lena chuid feidhmeanna ar an 1 Eanáir 2016. Bhí an obair déanta roimh an spriocdháta agus tháinig an Cód i bhfeidhm ar an 14 Nollaig 2016 agus seoladh go hoifigiúil é ar an 27 Eanáir 2017. Tá suntas ar leith ag baint leis an spriocdháta seo a bheith á chomhlíonadh sa chomhthéacs go raibh an Cód Eitice ceangailteach faoi reacht le tabhairt isteach Acht 2005. I rith na 10 mbliana roimh bhunú an Achta, áfach, d'ainneoin go leor plé agus breithniú a dhéanamh, níor tugadh isteach an Cód riamh.

Creideann an tÚdarás gur tiománaí agus cumasóir tábhachtach d'athrú agus d'athchóiriú cultúrtha laistigh de An Garda Síochána é an Cód Eitice. Bhain tráthúlacht agus suntas lena thabhairt isteach i bhfianaise na n-ábhar imní a bhí léirithe maidir le feidhmíocht agus ionracas an Gharda Síochána.

Bhí forbairt an Chóid á comhordú ag Coiste Chód Eitice an Údaráis a bunaíodh ag tús 2016 agus reáchtáladh an chéad chruinniú den Choiste i mí Feabhra 2016. Baineadh tairbhe as próiseas láidir nuair a bhí an obair forbartha ar bun, agus cuireadh taighde deisce san áireamh a raibh sé mar aidhm leis scrúdú a dhéanamh ar chleachtas idirnáisiúnta agus measúnú a dhéanamh agus bonn fianaise a sholáthar do réimsí ba cheart a áireamh sa Chód. Rinne an tÚdarás cinneadh tomhaiste agus stuama Cód a fhorbairt a bhí bunaithe ar ghealltanais seachas ar rialú agus comhaontaíodh go mbeadh an teanga a bheadh in úsáid simplí, agus go mbeadh prionsabail chearta an duine fite fuaite sa Chód.

Cuireadh dhá bhabhta d'iarratais ar aighneachtaí i scríbhinn i gcrích, in Aibreán agus Meán Fómhair 2016. Mar chuid de bhabhta mhí Mheán Fómhair fuarthas aighneachtaí ó 5 chomhairlí reachtúla, 11 eagraíocht eile agus 18 nduine aonair. I ndiaidh iad sin a fháil, reáchtáil an tÚdarás imeacht náisiúnta comhairliúcháin i Meán Fómhair 2016. Bunaithe ar an taighde agus ar na haighneachtaí faighte, d'fhorbair an tÚdarás an Cód, inar sonraíodh treoirphrionsabail chun bonn eolais a chur ar fáil le haghaidh na ngníomhartha a dhéanann gach duine atá ag obair in An Garda Síochána, ag gach leibhéal, agus chun na gníomhartha sin a threorú.

Bhí an tÚdarás airdeallach ar an bpointe go n-éileodh leabú an Chóid in An Garda Síochána trí chéile grinnscrúdú agus maoirseacht. I ndiaidh bhunú agus sheoladh an Chóid, dhírigh an Cód Eitice ar an gCód a leabú agus ar mhaoirseacht ar fhreagrachtaí an Choimisinéara, faoi alt 17(8) den Acht, lena chinntiú go bhfuil an Cód léite ag gach comhalta agus ball foirne agus go dtuigeann siad an méid atá sonraithe ann agus lena chinntiú go bhfuil taifead á choimeád de na céimeanna a cuireadh i gcrích i ndáil le gach comhalta.

Cúis frustrachais don Údarás ar dtús ba ea an mhoill a bhain le hoiliúint agus le toilteanas a spreagadh i measc chomhaltaí agus fhoireann an Gharda Síochána chun an Cód a shíniú. I ndiaidh eolas maidir leis an bhfrustrachas sin a chur in iúl don Choimisinéir, rinne An Garda Síochána dul chun cinn. Ag tús 2019, cuimsíodh feidhmeanna an Choiste Eitice i gCoiste Forbartha Eagraíochta (CFE) an Údaráis. Táthar ag leanúint le maoirseacht ar ghníomhaíochtaí an Gharda Síochána sa réimse seo agus tá an mhaoirseacht á héascú trí phlé ar bhonn ráithiúil idir CFE agus Biúró Eitice agus Cultúir an Gharda Síochána.

Glactar le forbairt an Chóid mar cheann de phríomhéachtaí an Údaráis. Bhí gá le dianseasmhacht shuntasach chun rannpháirtíocht iomlán a spreagadh chun an Cód a leabú i saol agus in obair na heagraíochta. Ag an tús, bhí an próiseas a bhain le clárú don Chód mar bhonn le frithsheasmhacht áirithe nó easpa ceannach isteach ó raon suntasach chomhaltaí agus fhoireann an Gharda Síochána.

Tá athrú mór tagtha ar an seasamh sin agus is léir go bhfuil cur chuige atá thar a bheith difriúil in úsáid.

Le linn do An Garda Síochána maoirseacht a dhéanamh ar leabú an Chóid, ceanglaíodh air rialachas maidir le sonraí a bhaineann le comhaltaí, foireann agus cúltaca an Gharda Síochána a bhfuil an Cód sínithe acu a bhunú agus rialachas na sonraí sin a fheabhsú. Faoi dheireadh na bliana 2020 bhí dearbhú an Chóid sínithe ag thart ar 91% de chomhaltaí agus d'fhoireann an Gharda Síochána.

Le cois na n-oibleagáidí reachtúla, tugadh le fios i moladh a rinneadh sa Choimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta (CTP) go mbreithníonn an tÚdarás cibé acu an gá nó nach gá an Cód a athbhreithniú. Rinne an tÚdarás é seo a bhreithniú in 2019 agus cinneadh go raibh sé róluath a leithéid a dhéanamh an t-am sin, de bhrí nach raibh leabú an Chóid laistigh de An Garda Síochána ach fós ina thús agus go raibh riosca dáiríre ann go mbeadh an bonn á bhaint d'obair leanúnach an Choimisinéara dá mbeifí chun é a leabú i ngach gné d'obair an Gharda Síochána. Chinn an tÚdarás gan an Cód a athbhreithniú ag an am, agus ina ionad sin athscrúdú a dhéanamh ag dáta níos déanaí i gcomhthéacs chur i bhfeidhm phrionsabail chearta an duine. [8]

Réimse neamhreachtúil den chultúr eagraíochta sin, ach a bhfuil dlúthnasc aige leis an gCód Eitice. Bhí an tÚdarás diongbháilte chomh fada is a bhaineann le An Garda Síochána a spreagadh chun iniúchadh cultúir a reáchtáil agus táthar i ndiaidh súil a choinneáil ar na gníomhartha a bheidh á gcur chun feidhme ag An Garda Síochána, bunaithe ar thorthaí an iniúchta. Ainneoin drogall áirithe a bheith le brath ar dtús, d'iarr an tÚdarás ar An Garda Síochána an dara hiniúchadh cultúir a dhéanamh chun monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal athraithe. Tá an réimse oibre seo, ainneoin go bhfuil sé neamhreachtúil, ábhartha d'iompar eiticiúil a leabú laistigh de An Garda Síochána agus aimsíodh go minic gur bhain sé le príomhcheisteanna maoirseachta atá tagtha chun solais, cosúil le taifeadadh mícheart Tástáil Éigeantach Meiscigh, a bhfuil cur síos déanta air sa chéad chuid eile den tuarascáil seo.

## 3. Maoirseacht Réamhghníomhach

Le linn dó a fheidhmeanna reachtúla maoirseachta maidir le feidhmíocht phóilíneachta a fheidhmiú, bhain an tÚdarás tairbhe as cur chuige réamhghníomhach i ndáil le ceisteanna de réir mar a tháinig siad chun cinn. Trí bhéim a leagan ar na príomhcheisteanna seo, d'éirigh leis an Údarás smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh in An Garda Síochána agus ag an am céanna a chinntiú go mbaineann trédhearcacht leis na ceisteanna seo agus go bhfuil muinín ag an bpobal as an obair trí réitigh agus pleananna a chur i láthair chun déileáil le heasnaimh i seirbhísí póilíneachta a sholáthar. Tháinig líon suntasach ceisteanna chun solais le cúig bliana anuas. Mar a sonraíodh níos túisce, ní mór go ndéanfaí tagairt in aon athbhreithniú ar fheidhmíocht an Údaráis mar chomhlacht maoirseachta do ghníomhartha agus d'fheidhmíocht An Gharda Síochána. Chun críocha léiritheacha, tá achoimre déanta ar thrí shaincheist sa chuid seo den tuarascáil, eadhon:

- Tástálacha Éigeantacha Meiscigh / Alcóil agus Fógraí Muirir Sheasta;
- Athbhreithniú ar Imscrúduithe Dúnbhásaithe; agus
- Samplaí DNA a bhainistiú.

[8] In 2020 bhronn an tÚdarás conradh ar sholáthraí seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ón dearcadh a bhí bunaithe ar chearta daonna gach uile dhuine a léiriú. Tá an t-athbhreithniú fós ar siúl tráth scríofa an athbhreithnithe seo.

Ní hamháin go léiríonn siad seo nádúr fónta mhaoirseacht an Údaráis, léiríonn sé freisin an éabhlóid leanúnach atá á déanamh ar chultúr an Gharda Síochána ó chultúr atá dúnta go cultúr a bhfuil níos mó glactha aige le maoirseacht, an luach a bhaineann le féinchritic agus a bheith níos oscailte agus níos trédhearcaí.

## 3.1. Tástálacha Éigeantacha Meiscigh / Alcóil agus Fógraí Muirir Sheasta

Tháinig na príomh-shaincheisteanna chun cinn i rith na chéad bliana iomláine d'oibriú an Údaráis in 2016 agus bhain siad le mór-easnaimh i réimse na Póilíneachta Bóithre. Sainaithníodh dhá mhórcheist dá bharr:

- Áibhéil a bheith déanta ag An Garda Síochána i ndáil leis an líon tástálacha éigeantacha meiscigh (MIT) déanta ag seicphointí thar roinnt blianta; agus
- Ionchúiseamh agus ciontú éagórach daoine i ndáil le cionta ba cheart a bheith diúscartha ag An Garda Síochána trí fhógra muirir sheasta (FMS).

Saintréith den phlé tosaigh ar na saincheisteanna seo ba ea nach raibh dóthain faisnéise á roinnt ag An Garda Síochána leis an Údarás agus tarraingíodh aird an phobail ar na neamhréireanna seo i mí Márta 2017. Bhí sé seo mar bhonn le hathbhreithniú níos mionsonraithe a bheith á dhéanamh ag an Údarás ina dhiaidh sin.

Cé gur ghlac An Garda Síochána leis ar dtús gur saincheisteanna a bhain le cáilíocht sonraí a bhí i gceist, leag an tÚdarás béim ón tús ar an bpointe nach fadhbanna sonraí nó córas amháin a bhí i gceist, ach fianaise ar fhadhb chultúrtha níos ginearálta laistigh de An Garda Síochána agus cuireadh in iúl freisin go raibh gné eiticiúil láidir le cur san áireamh.

D'fhonn a chinntiú go ndéantar measúnú neamhspleách ar an gceist, choimisiúnaigh an tÚdarás comhlacht comhairleach seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an taifeadadh atá á dhéanamh ag An Garda Síochána ar Thástáil Éigeantach Meiscigh (MIT) agus toghairmeacha a bheith á n-eisiúint go mícheart ag An Garda Síochána seachas Fógraí Muirir Sheasta (FMSanna). Chaith an t-athbhreithniú seo solas ar raon leathan easnamh, agus aimsíodh, go háirithe, go raibh maoirseacht neamhoiriúnach agus drochbhainistíocht feidhmíochta ag croílár na gceisteanna seo.

Áiríodh sa tuarascáil sraith moltaí, a ndearna an tÚdarás maoirseacht ar a gcur chun feidhme, go príomha trína CSFP agus tá roinnt dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le go leor de na moltaí a d'eascair ón athbhreithniú. Go háirithe, cuireadh feabhas suntasach ar phróiseas FMS i dtéarmaí beachtais, éifeachtúlachta agus rialachais. Chomh maith leis sin, spreag an mhaoirseacht láidir seo an tionscnamh 'Soghluaisteachta' a sholáthar uirlisí nua bunaithe ar fhóin phóca a chuir ar chumas comhaltaí cionta a bhain le bóithre a bhrath agus a thaifeadadh ar bhealach níos beaichte. Tá roinnt moltaí atá fós gan réiteach, áfach.

## 3.2. Athbhreithniú Dúnbhásaithe

Tháinig an fhadhb a bhaint le haicmiú dúnbhásaithe ar PULSE agus caighdeán iniúchta dúnbhásaithe chun solais i mí Aibreáin 2017. Cuireadh an t-eolas i láthair an Údaráis ar dtús mar dheacracht a bhain le haicmiú agus le cáilíocht sonraí. Lean an tÚdarás le dearbhuithe a lorg, áfach, maidir leis an gcineál tionchair dhiúltaigh a d'fhéadfadh a bheith ag aicmiú mícheart ar raon agus ar cháilíocht an

imscrúdaithe a rinneadh ar bhás agus cibé acu an raibh nó nach raibh Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) á chomhlíonadh ag na hiniúchtaí. Chomh maith leis sin, lorg an tÚdarás dearbhú ó An Garda Síochána go gcinnteofaí go mbeadh aon athbhreithniú ar an deacracht seo á reáchtáil neamhspleách ar an imscrúdú bunaidh agus go mbeadh comhaltaí de Sheirbhís Anailíse an  Gharda Síochána (GSAS) páirteach ann, a bhí páirteach i sainaithint na ndeacrachtaí a bhain le sonraí dúnbhásaithe ar dtús.

Chuir An Garda Síochána tús lena athbhreithniú a rinne an Fhoireann Athbhreithnithe um Imscrúdú ar Dhúnbhásanna (FAID) i mí Feabhra 2018 agus fágadh an t-athbhreithniú dúnbhásanna ar chlár oibre an Údaráis go dtí agus i ndiaidh an athbhreithnithe a chur i gcrích ag deireadh 2019. Pléadh an dul chun cinn a rinneadh agus na moltaí a bhí á bhforbairt ag beagnach gach cruinniú Údaráis, go poiblí agus go príobháideach, i rith na tréimhse seo, i dteannta le grinnscrúdú a bheith á dhéanamh ag CSFP, agus cúrsaí a bheith á bplé ag foireann an Údaráis le FAID agus Foireann Bhainistíochta an Gharda Síochána.

Thug an tÚdarás ardmholadh do chaighdeán an athbhreithnithe deiridh a rinne FAID agus cuireadh a thuairim in iúl maidir le cur chuige an Gharda Síochána maidir le féinchritic agus machnamh a bheith ag forbairt. Bhí 21 moladh mar thoradh ar an obair a bhí dírithe ar shaincheisteanna imscrúdaitheacha agus aicmeacha agus léiríodh go soiléir san athbhreithniú go dtí raibh na moltaí ar fad curtha chun feidhme, gur bhain riosca go fóill le hatarlú an chineáil saincheisteanna a tháinig chun solais. Lean an tÚdarás le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí agus ainneoin cuid de na moltaí a bheith curtha chun feidhme, tá obair fós le déanamh.  Tá gealltanas maidir le cur chun feidhme na moltaí le fáil i bPlean Póilíneachta 2021 agus leanfaidh an tÚdarás le béim a leagan ar an obair seo.

Lena chois sin, choimisiúnaigh an tÚdarás píosa oibre ar leith chun measúnú a dhéanamh ar oibleagáidí nóis imeachta faoi Airteagal 2 de ECHR i ndáil le himscrúduithe dúnbhásaithe atá á reáchtáil ag An Garda Síochána.

### 3.3. Samplaí DNA

I mí Eanáir 2019, d'eisigh Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (ACGGS) tuarascáil a bhain le 'Gnéithe áirithe den Acht um Cheartas Coiriúil (An Córas um Fhianaise Fhóiréinseach agus Bunachar Sonraí DNA) 2014'. Ina dhiaidh sin, cuireadh torthaí obair ACGGS ar fáil don phobal agus rinneadh tráchtaireacht sna meáin a thug le fios go raibh go leor samplaí DNA gan tásc ann, rud a tharraing aird ar cheisteanna maidir leis an mbainistíocht atá á déanamh ag An Garda Síochána ar shamplaí DNA.

Dá thoradh sin, thionscain An Garda Síochána scrúdú chun eolas a bhailiú faoi shuntas na faidhbe, mar aon le deacrachtaí eile a shainaithint a d'fhéadfadh teacht chun cinn solais fad is atá samplaí DNA i gcoimeád an Gharda Síochána. Cuireadh an dréacht-tuarascáil deiridh 'Scrúdú ar dheacrachtaí a bhaineann le Samplaí DNA a bheith á gcur ar fáil ag an Garda Síochána d'Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann, an 20 Samhain go dtí an 3 Aibreán 2019' ar fáil don Údarás i Meán Fómhair 2020.

Rinne an tÚdarás cúrsaí a phlé go mion le An Garda Síochána, agus breithníodh an cheist ag cruinnithe Údaráis agus Coiste i rith 2019 agus 2020, lena n-áirítear ag cruinniú Údaráis a reáchtáladh go poiblí i mí na Samhna 2020. Áiríodh i measc na bpríomhdheacrachtaí ar tharraing an

tÚdarás aird orthu imní maidir le rialachas agus cuntasacht, an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar chásanna cúirte, agus feabhsuithe leanúnacha ar chórais agus ar phróisis a bhfuil samplaí DNA á gcur ar fáil d'Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann acu.

Táthar ag leanúint le himscrúdú an Gharda Síochána ar na samplaí atá gan tásc, agus leanfaidh an tÚdarás le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scrúdú leanúnach agus ar na moltaí atá ag eascairt ón athbhreithniú.

## 3.4. Comhchoistí Póilíneachta

Tá na feidhmeanna a thugtar don Údarás leis an Acht a bhaineann le Comhchoistí Póilíneachta (CCP) sách teoranta. Cuimsítear ann:

- An fheidhm Treoirlínte CCP a eisiúint, a athbhreithniú nó a aistarraingt faoi Alt 35 (1-5);
- Cóip de thuarascáil bhliantúil CCP a admháil, tráth nach déanaí ná deireadh mhí Mhárta gach bliain faoi Alt 36(5)(b); agus
- Cruinnithe Cathaoirleach nó comhaltaí eile CCP a thionól chun críche feidhmiú a bhfeidhmeanna a chomhordú nó a éascú faoi alt 35(6).

Tá cruinnithe bliantúla de Chathaoirligh CCP agus de Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tionólta ag an Údarás agus tá struchtúr líonraithe le haghaidh na gCoistí a raibh géarghá leis curtha ar fáil. Tá an fóram seo úsáidte ag an Údarás chun tacú le feidhmíocht fheidhmeanna CCP, chun ionchur pobail a sholáthar le haghaidh obair an Údaráis agus chun dul i gcomhairle maidir le Tosaíochtaí Póilíneachta. Foilsítear na tuarascálacha bliantúla a cheanglaítear ar CCPanna a chur faoi bhráid an Údaráis ar leathanach sonrach CCP an Údaráis, rud a chuireann ar chumas na CCPanna foghlaim óna chéile.

Níl úsáid bainte ag an Údarás as feidhmeanna tugtha dó faoi alt 35 den Acht, áfach – eisiúint, athbhreithniú nó aistarraingt Threoirlínte CCP. Tá na Treoirlínte a d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2014 i gcomhpháirt lena chéile fós i bhfeidhm. Bhí roinnt cúiseanna leis seo. Fuair an tÚdarás aiseolas ó ionadaithe CCP ag na himeachtaí bliantúla agus seachas gá a bheith leis na forálacha maidir le comhdhéanamh ballraíochta a leasú, níor bhain riachtanas láithreach ar bith le leasú na dtreoirlínte reatha. Lena chois sin, ó bunaíodh CTP in 2017, bhain éiginnteacht leis an ról agus leis na feidhmeanna a bheadh ag CTPanna amach anseo faoi na hathchóirithe reatha sábháilteachta agus póilíneachta pobail. Sa chomhthéacs gur dócha nach dtarlóidh na hathruithe reachtacha go luath, tá sé beartaithe machnamh a dhéanamh arís i rith 2021 maidir le cibé ar cheart nó nár cheart treoirlínte nua a eisiúint.

Seachas na feidhmeanna reachtúla, bhain luach ar leith le rannpháirtíocht ghníomhach an Údaráis le CTPanna le cúig bliana anuas go háirithe i rith éigeandáil COVID-19 in 2020. Ó 2016, tá iarracht déanta ag an Údarás cur lena thuiscint ar an ról, agus oibriú ar bhonn gníomhach le CTPanna. Thug comhaltaí an Údaráis agus an Fheidhmeannais cuairt ar 49 CTP agus Fóram Póilíneachta Áitiúil náisiúnta sa tréimhse idir 2018-2019. Leanadh leis an bplé cianda i rith 2020, agus glacadh le heispéiris agus léargais na CTPanna maidir le póilíneacht i rith COVID-19 mar chuid de thuairisciú an Údaráis don Aire.

Chomh maith leis sin, ghníomhaigh an tÚdarás mar fhoinse treorach do CTPanna maidir leis na Treoirlínte trí cheisteanna maidir lena léirmhíniú a fhreagairt, agus maidir leis an Acht mar a bhaineann sé le CTPanna. D'eascair sé seo as easpa soiléire maidir le húinéireacht na dtreoirlínte reatha agus treo na bhfiosrúchán chuig an Údarás ón Roinn Dlí agus Cirt.

Ainneoin fás agus feabhas a bheith soiléir le tamall anuas, tá an tÚdarás airdeallach ar an bpoitéinseal a bhaineann le CTPanna mar shásra tábhachtach do chuntasacht póilíneachta áitiúil agus lócas comhpháirtíochta ag obair laistigh den phobal ar féidir tuilleadh iniúchadh agus forbairt a dhéanamh air

# 4. Comhairle don Aire

Faoi Alt 62 H(1)(i) den Acht, tá feidhm ag an Údarás faisnéis agus comhairle a chur ar fáil don Aire i ndáil le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Go minic bíonn soláthar na comhairle agus na faisnéise seo ag teacht le feidhmeanna reachtúla eile an Údaráis a bheith á gcomhlíonadh cosúil le hiarratais aireachta a fhreagairt, comhairle a thabhairt maidir le hacmhainní an Gharda Síochána agus a chreat measúnaithe feidhmíochta a chur chun feidhme. Áirítear i measc na samplaí den obair roimhe seo atá curtha i gcrích ag an Údarás cur chun feidhme moltaí a rinneadh i dTuarascáil Choimisiún Fennelly, agus áirítear san obair atá ar siúl i láthair na huaire maoirseacht ar chur chun feidhme

Thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána (‘Cigireacht’), ‘Freagairt do Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí-Athbhreithniú Leantach’.

Tá cúpla príomhshampla curtha ar fáil sa roinn seo chun léargas a thabhairt ar ról an Údaráis:

- Moltaí maidir leis an iniúchadh ar nósanna imeachta airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána in An Teampall Mór;
- Measúnú an Údaráis ar an gClár Nuachóiriúcháin agus Athnuachana;
- Comhairle maidir le hAcmhainní an Gharda Síochána a sholáthar agus;
- Measúnú ar phóilíneacht i rith COVID-19.

## 4.1. Moltaí maidir leis an Iniúchadh ar Nósanna Imeachta Airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána in An Teampall Mór

I Márta 2017, sholáthair An Garda Síochána cóip de ‘Tuarascáil Eatramhach Iniúchta – Nósanna imeachta airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána in An Teampall Mór, Feabhra 2017’ don Údarás. Ina dhiaidh sin, cuireadh comhfhreagras ar fáil ón Aire Dlí agus Cirt ag an am ag tagairt do thuarascáil an Údaráis faoi alt 62 O(6) d’Acht an Gharda Síochána 2005, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí agus chun nuashonrú ráithiúil maidir le dul chun cinn a sholáthar. Bunaithe ar an Tuarascáil Eatramhach Iniúchta, chuir an tÚdarás in iúl go raibh imní mhór air maidir le bainistiú cistí poiblí agus rialachas an Gharda Síochána agus glacadh go han-dáiríre leis na teipeanna rialachais seo. Ina theannta sin, shonraigh an tÚdarás gur cheart go mbeadh tús curtha le gníomh leigheasta i bhfad níos túisce. Le linn a bheith airdeallach ar an obair chomhlántach atá á déanamh ag an am le gach Coiste um Chuntais Phoiblí, lorg an tÚdarás nuashonruithe maidir le gach ceann den 19 mholadh atá le fáil sa tuarascáil. Bhraith sé go príomha ar Sheirbhís Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána (IIGS) le haghaidh na nuashonruithe seo ach lorgaíodh bailíochtú seachtrach, nuair ba ghá. D’eisigh an tÚdarás ceithre thuarascáil, an ceann deiridh i mí Iúil 2018 a dtarraingítear aird iontu ar 17 den 19 mholadh a mheas an tÚdarás a bheith curtha i gcrích, agus ní ag an Garda Síochána a bhí an chumhacht iomlán an dá mholadh eile a chur chun feidhme.

## 4.2. Measúnú ar an gClár Nuachóiriúcháin agus Athnuachana (CNA)

Príomhghné de mhaoirseacht an Údaráis ar athchóiriú an Gharda Síochána go dáta é maoirseacht ar chur chun feidhme an Chláir Nuachóiriúcháin agus Athnuachana (CNA). I mí na Samhna 2015,

d'fhoilsigh an Chigireacht an tuarascáil dar teideal 'Póilíneacht in Éirinn a Athrú', ina raibh an phríomhbhéim á leagan ar nuachóiriú agus athstruchtúrú an Gharda Síochána.

Ar an 25 Iúil 2016, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt a bhí ann ag an am faoi alt 117A (2) den Acht,
Go ndéanfadh an tÚdarás monatóireacht agus measúnú ar na bearta atá curtha i gcrích ag An Garda Síochána i ndáil le cur chun feidhme na moltaí sa tuarascáil.[9] Áirítear é seo i measc ceann de roinnt mhaith tuarascálacha Cigireachta a bhfuil tuairisciú déanta ag an Údarás don Aire ina leith faoi alt 62 H(g) den Acht.

Rinneadh an t-iarratas seo i ndiaidh cinneadh Rialtais na moltaí comhaontaithe a chur chun feidhme agus i gcomhthéacs tús a bheith á chur le CNA, atá molta aige a fheidhmeoidh mar fheithicil chun na moltaí seo a chomhlíonadh.

Ba é CFE an Údaráis a threoraigh maoirseacht CNA, a bunaíodh mar fhreagairt d'fheasacht an Údaráis ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le réimsí cosúil le hacmhainní daonna, TF, cóiríocht, cultúr agus airgeadas le haghaidh póilíneacht éifeachtach.  I rith na chéad dhá bhliain dhírigh CFE ar mhonatóireacht agus ar mheasúnú feidhmíochta agus ar chur chun feidhme na moltaí a rinneadh i dTuarascáil na Cigireachta – Póilíneacht in Éirinn a Athrú.

Ar dtús, reáchtáil an tÚdarás forléargas ardleibhéil ar dhul chun cinn a bhí á dhéanamh ag An Garda Síochána trí mhonatóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh CNA atá le fáil sa Phlean Póilíneachta. Measadh, áfach, go raibh sé seo easnamhach mar nár áiríodh sa Phlean Póilíneachta dá nádúr gach gné de CNA go cuimsitheach, ach oiread le díriú ar sheachadadh seirbhísí nó measúnú ar rath na dtionscadal éagsúil a d'fhéadfadh cur le seirbhís níos éifeachtaí do phobail. Reáchtáil an tÚdarás mapáil níos cuimsithí de na moltaí i gcomparáid le tionscnaimh agus réimsí gnó CNA agus réimsí gnó lasmuigh de CNA, i gcomhpháirt le An Garda Síochána. Bunaithe ar líon na moltaí (sa bhreis ar 240 moladh agus fomholadh) shainaithin an tÚdarás réimsí tosaíochta ar cheart dó díriú ar mhaoirseacht a dhéanamh orthu. B'ionann é seo agus bonn na dtuarascálacha ráithiúla a chuir an tÚdarás i dtoll a chéile agus a cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt a bhí ann ag an am ansin. Feithicil úsáideach ba ea na tuarascálacha seo chun díriú ar nithe ar leith agus deis a thabhairt don Údarás an méid rannpháirtíocht a bhí ag an Garda Síochána le hathchóiriú agus conas ar éirigh leis dul i ngleic le hathchóiriú a mheas agus a chur in iúl.

Ní raibh an tÚdarás sásta agus níor ghlac sé leis an leibhéal eolais agus leis an measúnú ar dhul chun cinn a bhí á soláthar ag An Garda Síochána, agus cuireadh tús le hathbhreithniú mionsonraithe ar gach molta i rith na tréimhse. Áiríodh anseo fianaise dhoiciméadach a lorg agus obair allamuigh a bheith á déanamh ag foireann an Údaráis chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta i ndáiríre i ndáil le gach moladh agus rinneadh measúnú neamhspleách i ndáil le gach ceann mar aon le hathbhreithniú tréimhsiúil.  In 2017, tugadh le fios san athbhreithniú mionsonraithe nach raibh líon suntasach moltaí a bhí marcáilte ar dtús ag An Garda Síochána mar  "críochnaithe", i ndiaidh tuilleadh scrúdú a dhéanamh, críochnaithe agus uaireanta nach raibh mórán oibre ar chor ar bith curtha i gcrích.

Tharraing an próiseas athbhreithnithe a reáchtáil an tÚdarás aird ar an bpointe go raibh áibhéil i gceist maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta i ndáil le CNA agus an clár athraithe níos ginearálta a sholáthar agus sainaithníodh éabhlóid mhall i ndáil le "príomhchumasóirí" a raibh bac á chur acu ar dhul chun cinn i ndáil le hathchóiriú na heagraíochta.

[9] Bhí 80 moladh sa tuarascáil.  Glacadh le 77 moladh lena n-áirítear roinnt le leasuithe Rialtais i mí Iúil 2016.

Níor ghlac an tÚdarás leis am ar bith go raibh an mhaoirseacht a bhí á déanamh aige ar chur chun feidhme CNA scartha ón maoirseacht ghinearálta a bhí á déanamh ar fheidhmíocht póilíneachta. A mhalairt, áiríodh in CNA príomhthionscnaimh agus príomhghníomhartha a bhí ríthábhachtach i ndáil le póilíneacht éifeachtach a sholáthar. Ina thuarascálacha, tharraing an tÚdarás aird go leanúnach ar an ngá a bhí ann go mbeadh ar chumas an Gharda Síochána tábhacht straitéiseach airgeadais, acmhainní daonna agus TF a aithint mar phríomhchumasóirí athchóirithe agus soláthair seirbhísí póilíneachta.

D'aithin an tÚdarás nach mór feidhmíocht póilíneachta a bhreithniú ar bhonn iomlánaíoch agus rinne sé a chuid oibre dá réir. Baineann sé seo leis an tslí a n-aithníonn An Garda Síochána, ar bhealach comhtháite, éileamh, rioscaí agus riachtanais acmhainní, conas a eagraíonn agus a úsáideann sé a acmhainní, conas a dhéanann sé maoirseacht agus forbairt foirne agus conas a chinntítear go bhfuil soláthar póilíneachta eiticiúil agus go bhfuil cearta an duine á gcomhlíonadh.

Trí thuarascáil CTP a fhoilsiú i Meán Fómhair 2018, inar mapáladh cur chuige nua i ndáil le hathchóiriú, tháinig deireadh leis an gceanglas go mbeadh an tÚdarás ag tuairisciú ar bhonn ráithiúil. Chinn an tÚdarás tairbhe a bhaint as athbhreithnithe ar fheidhmíocht faoi dhó sa bhliain mar atá mínithe thuasluaite sa doiciméad seo. Níl tábhacht na hoibre athbhreithnithe laghdaithe ar chor ar bith agus, i dteannta a chéile, is acmhainn úsáideach iad na tuarascálacha seo don Choimisinéir agus bealach úsáideach chun dul chun cinn a rianú.

Mar aitheantas ar nádúr doscartha an athchóirithe agus na feidhmíochta eagraíochtúla, lean an tÚdarás agus a chuid coistí lena gcuid oibre i réimse na forbartha eagraíochta. Pléann CFE cás na gcumasóirí seo leis An Garda Síochána agus tugtar léargas ar an obair seo sna tuarascálacha feidhmíochta a chuirtear i dtoll a chéile faoi dhó sa bhliain.

## 4.3. Maoirseacht ar Acmhainní agus Rialachas an Gharda Síochána

Foráiltear le hAlt 62 H(2) le haghaidh roinnt feidhmeanna a bhaineann le hacmhainní agus rialachas an Gharda Síochána.[10] Go dáta, bhí béim chomhsheasmhach á leagan ag an Údarás ar an gcaidreamh tábhachtach atá idir maoirseacht, feidhmíocht póilíneachta, athchóiriú, acmhainní agus rialachas. Tá dlúthbhaint ag saincheisteanna a bhaineann le hinfheistíocht in, agus bainistíocht straitéiseach, airgeadais, acmhainní daonna agus TF, agus tá siad éigeantach, i ndáil le seirbhís phóilíneachta ar an gcaighdeán is airde agus is féidir a sholáthar.

[10] Sonraítear in Alt 62 H(2) den Acht go ndéanfaidh an tÚdarás na nithe seo a leanas- (a) leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú fheidhmeanna an Gharda Síochána agus na socruithe agus na straitéisí atá i bhfeidhm chun tacú le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin agus chun feabhas a chur ar fheidhmiú na bhfeidhmeanna sin, agus go háirithe, oiriúnacht na nithe seo a leanas a choinneáil faoi athbhreithniú— (i) na socruithe agus na struchtúir, maidir le rialachas corparáideach, laistigh den Gharda Síochána, (ii) na socruithe maidir le hearcú, oiliúint agus forbairt chomhaltaí agus fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána, agus, (iii) na sásraí atá i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána chun feidhmíocht agus cuntasacht na gcomhaltaí sin agus na foirne sin a thomhas, agus (iv) na socruithe chun acmhainní atá ar fáil do An Garda Síochána a bhainistiú agus a úsáid lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní sin in úsáid ar an mbealach is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla, (b) comhairle a sholáthar don Aire roimh gach bliain airgeadais maidir leis na hacmhainní ar dócha a bheidh ag teastáil ó An Garda Síochána chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh sa bhliain airgeadais sin.

Chuir na feidhmeanna seo ar chumas an Údaráis forbairt a dhéanamh ar an maoirseacht a bhí á déanamh aige ar An Garda Síochána agus leagadh béim ar an ngá a bhí le hathchóiriú agus le hathnuachan i ndáil le socruithe airgeadais agus rialachais.

Bhain dúshlán, áfach, leis na feidhmeanna seo ar fad a chur i gcrích. Mar shampla, foinse leanúnach frustrachais é an easpa eolais airgeadais agus bainistíochta atá ar fáil ó An Garda Síochána agus chuir sé bac ar chumas an Údaráis teacht ar thuiscint chuimsitheach ar riachtanais acmhainní na seirbhíse, agus ar thuairim láidir, eolasach maidir le hoiriúnacht an tsoláthair acmhainní chun a fhreagracht reachtúil comhairle a chur ar an Aire a chomhlíonadh. Dá bharr sin, bhí deacracht ag an Údarás teacht ar thuiscint ar phoitéinseal iomlán na forála reachtúla de réir alt 62 H(2)(b) den Acht.

De bhrí gurb é sin an ghné is suntasaí de bhuiséad An Gharda Síochána, d'iarr an tÚdarás ar An Garda Síochána plean a sholáthar chun léargas soiléir a thabhairt ar conas atá an fhoireann oibre á himlonnú faoi láthair le cois na bpleananna atá forbartha i ndáil le hearcú agus imlonnú na n-acmhainní seo.

Níl ról ná feidhm ag an Údarás, áfach, i ndáil leis an bPróiseas Meastachán le haghaidh Vóta an Gharda Síochána lena n-áirítear Vóta 20 le haghaidh caiteachas caipitiúil agus oibríochtúil.

Lena chois sin, laige shuntasach i ndáil le póilíneacht agus athchóiriú leanúnach na heagraíochta é éagumas an Gharda Síochána réamh-mheastachán comhtháite, comhleanúnach ar a cheanglais reatha agus chaipitiúla féin thar thréimhse cúig bliana, a sholáthar.

Tá na deacrachtaí a bhaineann le próiseas reatha Bhuiséad an Gharda Síochána agus rialachas agus maoirseacht ina dhiaidh sin doiciméadaithe in áiteanna eile lena n-áirítear laistigh de Ghrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana na Roinne Dlí agus Cirt.[11]

Ainneoin na ndeacrachtaí seo, tá fianaise ar athrú tugtha faoi deara ag an Údarás laistigh den tseirbhís. Tá sé léirithe ag an gCoimisinéir go bhfuil domhaintuiscint aige ar lárnacht straitéiseach Acmhainní Airgeadais agus Daonna i ndáil le feidhmíocht póilíneachta agus seirbhísí póilíneachta. Tá tuiscint ann ar an ngá atá leis an acmhainn bainistíochta a bhaineann le hacmhainní airgeadais na heagraíochta a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil eolas airgeadais á dháileadh go forleathan ag leibhéal réigiúnach agus rannach. Ainneoin go leor oibre a bheith fós le déanamh, creideann an tÚdarás go bhfuil tús curtha leis an obair. In 2020 i ndiaidh spreagadh leanúnach ón Údarás, chuir An Garda Síochána aighneacht níos mionsonraithe ar fáil don Údarás inar léiríodh go rabhthas ag tacú le tuairim an Údaráis maidir leis na hacmhainní airgeadais a bhí ag teastáil chun críocha oibríochtúla agus chun gnéithe comhpháirteacha an chláir nuachóiriúcháin a chur chun feidhme. D'úsáid an tÚdarás é seo chun tuairim níos mionsonraithe agus níos eolasaí a chur ar fáil don Aire maidir le hoiriúnacht an tsoláthair do An Garda Síochána ná mar a bhí indéanta i rith na mblianta roimhe seo a bhí ag díriú ar thrí réimse théamacha, eadhon:

- An gá atá le solúbthacht i líon foirne in An Garda Síochána;
- An gá atá le cur chuige nuálach i ndáil le bainistíocht Eastáit; agus
- An riachtanas a bhaineann le hinfheistíocht láithreach i TF.

[11] Féach ar Ghrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana na Roinne Dlí agus Cirt, 2018. An Chéad Tuarascáil i Meitheamh 2018.

## 4.4. Measúnú ar Phóilíneacht COVID-19

I ndiaidh chinneadh an Rialtais freagairt don éigeandáil sláinte a bhí ag forbairt trí, i measc rudaí eile, breis cumhachtaí a shannadh do An Garda Síochána, i mí Aibreáin 2020 d’iarr an tAire Dlí agus Cirt ar an Údarás tuarascáil eatramhach thosaigh a chur ar fáil dó, agus tuarascálacha rialta ina dhiaidh sin, maidir le maoirseacht agus measúnú na gcumhachtaí nua a bheith á bhfeidhmiú ag An Garda Síochána. D’fhreagair an tÚdarás don iarratas seo trí thuarascáil thosaigh a sholáthar laistigh de sheachtain agus lean sé le tuarascálacha rialta a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid an Aire i rith 2020, deich dtuarascáil ar fad. Is fianaise é an tuairisciú COVID-19 seo, atá ag teacht le comhairle agus feidhmeanna tuairiscithe an Údaráis, ar ghastacht agus ar chumas an Údaráis freagairt go tapa d’imthosca athraitheacha[12].

Trí úsáid a bhaint as cur chuige fianaisebhunaithe, bhí na tuarascálacha seo bunaithe ar na nithe seo a leanas (i) sonraí maidir le húsáid chumhachtaí COVID-19 curtha ar fáil ag An Garda Síochána, (ii) rannpháirtíocht fhairsing agus leathan le páirtithe leasmhara á héascú ag an Údarás agus, (iii) suirbhé ionadaíoch náisiúnta ar eispéiris daoine ar phóilíneacht i rith na paindéime. Bhain tábhacht ar leith, fad is a bhí an obair mhaoirseachta seo á déanamh, le rannpháirtíocht le grúpaí a raibh ionadaíocht á déanamh acu ar phobail ilghnéitheacha laistigh dár ndaonra. Cé go mb’fhéidir gur chuir an éigeandáil sláinte poiblí bac ar a leithéid sin de rannpháirtíocht, bhí an tÚdarás ábalta freagairt do na himthosca agus mhéadaigh sé a leibhéal gníomhaíochta sa réimse seo, agus léirigh sé meas iomlán ar shaibhreas agus ar luach an eolais a bailíodh i rith na gcomhairliúchán seo a d’éascaigh measúnú eolasach ar phóilíneacht i rith na paindéime.

Bhí ceithre phríomhthéama mar bhonn le maoirseacht an Údaráis i ndáil le feidhmíocht póilíneachta An Gharda Síochána i rith COVID-19:
Úsáid cumhachtaí agus úsáid fornirt;

- Rannpháirtíocht sa phobal agus seirbhís do ghrúpaí leochaileacha;
- Folláine chomhaltaí agus fhoireann an Gharda Síochána; agus
- Póilíneacht chun cearta an duine a chosaint agus a urramú.

Bunaithe ar na deich dtuarascáil, go dáta, tá aird á tarraingt ag an Údarás ar na nithe seo a leanas:

- D’fháiltigh an tÚdarás, tríd is tríd[13], roimh chur i bhfeidhm agus úsáid na 4 Mhodh Oibre seo a leanas: Labhair, Mínigh, Spreag agus Forfheidhmigh;

[12] Áirítear i measc na bhfreagrachtaí comhairle agus tuairiscithe atá sonraithe san Acht: 62 H(1)(h) an tAire a chur ar an eolas faoi nithe eile is iomchuí i ndáil le cuntasacht an Rialtais do Thithe an Oireachtais; 62 H(1) (i) eolas agus comhairle a chur ar fáil don Aire i ndáil le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta; 62 H(g) na feidhmeanna atá tugtha dó a fheidhmiú...i ndáil le monatóireacht, measúnú agus tuairisciú na mbeart atá déanta ag An Garda Síochána i ndáil le moltaí don Aire; 62 H(2)(b) tá freagracht ar an Údarás comhairle a sholáthar don Aire roimh gach bliain airgeadais maidir leis na hacmhainní ar dócha a bheidh ag teastáil ó An Garda Síochána chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh sa bhliain airgeadais sin;62 H(2)(e) an tAire a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus moltaí a dhéanamh chun cabhrú leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt sa chomhthéacs sin;62 H(2)(h) comhairle a chur ar fáil don Aire i ndáil le nithe a bhaineann le dea-chleachtas póilíneachta.

[13] Ábhar conspóide idir an tÚdarás agus An Garda Síochána ba ea na srianta a bhaineann le húsáid cumhachtaí a thaifeadadh agus ní raibh an cheist seo réitithe am scríofa an doiciméid seo.

- Moltar go háirithe cur chun feidhme 'Oibríocht *Faoiseamh*', de bhrí gur measadh go ginearálta gurb ionann an oibríocht agus fianaise ar athrú paraidíme i gcur chuige an Gharda Síochána i ndáil le drochíde sa teaghlach;
- Tá an tÚdarás ag leanúint ar aghaidh ag cur i gcoinne cochall frithsheile agus tá ceisteanna curtha maidir le cearta daonna amhrastach ar gá dóibh iad a úsáid. Tuigeann an tÚdarás gur dóigh le daoine gurb ionann an cáineadh seo agus easpa airde ar chosaint agus ar shláinte chomhaltaí an Gharda Síochána. Tá sláinte fhoireann oibre an Gharda Síochána ag croílár bhreithniúcháin an Údaráis ach, bunaithe ar fhianaise ó dhéantóirí na bhfearas seo, ní thugann siad dóthain cosanta do chomhaltaí.
- Leagadh béim i rith na rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara i rith éigeandáil COVID-19 ar an ngné dhearfach de phóilíneacht, ar an tábhacht a bhaineann leis i measc an phobail. Glacann an tÚdarás leis na heispéiris dhearfacha póilíneachta atá curtha in iúl ag formhór na ndaoine agus caidreamh nua bunaithe mar thoradh suntasach a d'eascair as éigeandáil COVID-19 agus mar ardán a bhféadfaí cur leis amach anseo.

Tá léargas le fáil ar luach na feidhme comhairlí sa reacht sna tuarascálacha COVID agus sa raon leathan tuarascálacha agus comhairle eile, arb é an tAire a lorg a bhformhór. Éascaíonn an fhoráil seo rochtain a bheith ag an Aire ar thacar neamhspleách tuairimí agus breathnóireachtaí maidir le príomhcheisteanna póilíneachta. Is iondúil go n-eascraíonn an chomhairle agus na breathnóireachtaí ó ghnáthmhaoirseacht phoiblí an Gharda Síochána agus bhí an tÚdarás, agus tá an tÚdarás in ann a chuid oibre a oiriúnú ar bhealach solúbtha chun freagairt d'iarratais ón Aire.

# 5. Trédhearcacht, Rannpháirtíocht agus Taighde

Soláthraítear forléargas sa chuid seo den tuarascáil ar fheidhmíocht an Údaráis sna réimsí seo a leanas - feasacht an phobail a mhéadú, taighde, agus tuairimí an phobail a fháil. Is fianaise é feidhmíocht an Údaráis sna réimsí seo ar an ngealltanas trédhearcacht a sholáthar agus úsáid a bhaint as maoirseacht atá bunaithe ar fhianaise.

Léirigh an tÚdarás gealltanas láidir do rannpháirtíocht phoiblí lena n-áirítear trí chruinnithe poiblí, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus taighde. Shaibhrigh agus threisigh an cleachtas seo maoirseacht na póilíneachta agus tá sé ag teacht lena luachanna lena n-áirítear éisteacht, trédhearcacht agus gníomhú ar son leas an phobail.

Chomh maith leis sin, tarraingíonn feidhmíocht an Údaráis sa réimse seo aird ar a ghealltanas do luachanna daonlathacha lena n-áirítear rannpháirtíocht an phobail le príomhinstitiúidí agus príomhsheirbhísí a chothú agus tairbhe a bhaint as an rannpháirtíocht sin.

## 5.1. Cruinnithe an Údaráis

Is é an príomhshásra a úsáidtear chun feidhmíocht póilíneachta a mhonatóiriú agus a mheas cruinnithe míosúla Údaráis leis an Garda Síochána, agus tá íosmhéid de cheithre chruinniú le reáchtáil go poiblí gach bliain. Tá sé sonraithe ar bhonn comhsheasmhach ag an Údarás nach mór go mbeadh maoirseacht ar phóilíneacht neamhspleách, trédhearcach agus á déanamh go poiblí.

Is fianaise iad cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir ar an ngealltanas atá tugtha ag an Údarás maidir le príomhluachanna daonlathacha lena n-áirítear oscailteacht, trédhearcacht agus rannpháirtíocht agus plé poiblí le comhlachtaí agus le seirbhísí poiblí. Tá cead ag an bpobal freastal ar na cruinnithe seo agus déantar iad a bheoshruthú ar líne. Is deis leanúnach iad na cruinnithe poiblí do na páirtithe leasmhara ar fad léargas a fháil ar ghnéithe d’obair mhaoirseachta an Údaráis.

Reáchtáiltear cruinnithe in ionaid lárnacha ionas gur féidir leis an bpobal freastal ar na cruinnithe, agus foilsítear dréacht-chlár gnó an chruinnithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis seachtain roimh ré agus tá na miontuairiscí faofa ar fáil ar líne freisin.

Déanann an tÚdarás agus a Choistí athbhreithniú agus anailís ar thuairisciú inmheánach agus seachtrach ó agus faoi An Garda Síochána. Chomh maith leis sin, déanann CSFP, agus CFE an Údaráis athbhreithniú ar fheidhmíocht áit a ndéantar mionscrúdú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i gcomparáid leis an bPlean Póilíneachta ar bhonn rialta, rud a éascaíonn tuilleadh maoirseachta agus dúshláin atá le sárú ag a gCoimisinéir ag cruinniú míosúil an Údaráis.[14]

Admhaíonn an tÚdarás go bhféadfadh a phrótacail féin le haghaidh cinnteoireachta, lena n-áirítear cruinnithe agus breithniúchán amlínte dúshlánacha a chruthú do An Garda Síochána agus go bhféadfadh an leibhéal ullmhúcháin a bheadh riachtanach le haghaidh rannpháirtíochta dochraideach do lucht bainistíochta agus d’fhoireann an Gharda Síochána. Tá béim leagtha go minic ag an Údarás ar an bpointe gur mian leis an t-ualach atá ar rannpháirtithe a laghdú agus gur mhaith leis brath ar an bhfaisnéis agus ar an tuairisciú céanna atá in úsáid ag foireann bhainistíochta an

[14] Roimh na cruinnithe sin, faigheann an Coiste tuarascáil, ina sonraítear gach gníomh agus sprioc sa Phlean le stádas Dearg, Ómra nó Glas (RAG) i gcomparáid leis an dul chun cinn atá á dhéanamh. Ceanglaítear go sonraítear sa tuarascáil seo na cúiseanna atá le teip cuspóir a chomhlíonadh agus an gníomh leigheasta atá molta.

Gharda Síochána. Ní bhíonn an fhaisnéis a sholáthraítear oiriúnach nó tráthúil i gcónaí, áfach. Tá roinnt dul chun cinn déanta sa chomhthéacs seo le míonna beaga anuas agus táthar ag súil go leanfar leis seo i rith 2021.

## 5.2. Tuairimí an Phobail agus Feasacht Phoiblí

Tá béim mhór á leagan ag an Údarás Póilíneachta ar thrédhearcacht chun aird a tharraingt ar fheidhmíocht póilíneachta agus ar cheisteanna gaolmhara i sochaí na hÉireann lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann leis an bpobal i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara eile. Déantar é seo trí roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- Íosmhéid de cheithre cinn dár gcruinnithe leis an gCoimisinéir a reáchtáil go poiblí gach bliain (tá 5 chruinniú reáchtáilte ar an mbealach seo gach bliain); agus
- An oiread eolais agus doiciméad agus is féidir a chur ar fáil go poiblí chun aird a tharraingt ar agus cur leis an méid atá ar eolas faoi obair an Údaráis agus tuiscint an phobail ar ról an Údaráis. Áirítear anseo doiciméid a fhoilsiú ar líne cosúil le miontuairiscí cruinnithe an Údaráis agus na gCoistí agus tosaíochtaí corparáideacha ar shuíomh gréasáin an Údaráis Póilíneachta, atá inrochtana agus éasca le húsáid;[15]

Tá dhá ról shonracha ag an Údarás i ndáil le feasacht an phobail a chur chun cinn agus tuairimí an phobail a lorg.[16] Tá obair an Údaráis á treorú ag leas an phobail agus tá meas ar thuairimí an phobail agus na bpáirtithe leasmhara ar fad, agus cruthaítear, ar bhonn leanúnach, deiseanna éisteachta trí ghníomhaíochtaí éagsúla.[17] Áirítear ina measc:

- Próisis chomhairliúcháin chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a bhailiú, comhairliúcháin phoiblí maidir le Tosaíochtaí Póilíneachta agus maidir leis an gCód Eitice, mar shampla. In 2020, bhronn Ciste Nuálaíochta na hEarnála Poiblí maoiniú ar an Údarás le haghaidh bogearraí breithniúcháin tosaíochta, a úsáidfear chun tosaíochtaí póilíneachta a phlé le

[15] Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí eile: Taifeadtaí de gach cruinniú poiblí a reáchtáladh roimhe seo a óstáil ar shuíomh gréasáin agus cainéal YouTube an Údaráis Póilíneachta agus na taifeadtaí seo a chur ar fáil de réir an réimse ábhair; cuntas gníomhach Twitter a choimeád chun ábhar a roinnt agus chun clúdach preasráiteas agus foilseachán de chuid an Údaráis a mhéadú; preasráitis a eisiúint maidir le torthaí gníomhaíochtaí maoirseachta nuair is cuí - roinntear na ráitis seo go díreach le comhaltaí ábhartha den phreas agus bíonn siad ar fáil freisin don phobal ar ár suíomh gréasáin agus trínár bhfotha Twitter; aon taighde nó tuarascálacha ábhartha curtha i gcrích ag nó coimisiúnaithe ag an Údarás Póilíneachta a fhoilsiú, de réir mar is cuí; an deis a thapú chun aird a tharraingt ar réimsí ábhartha dár gcuid oibre le heagraíochtaí páirtithe leasmhara agus páirtithe leasmhara eile; roinnt preasagallamh a sceidealú don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach gach bliain, ar mheáin éagsúla; roinnt seisiún eolais don phreas a reáchtáil gach bliain chun soiléire agus léargas a lorg chun bonn eolais a sholáthar do thráchtaireacht agus d’anailís phoiblí; freastal ar imeachtaí atá á reáchtáil ag páirtithe leasmhara a sholáthraíonn deiseanna cur le próifíl an Údaráis Póilíneachta agus aird an phobail a tharraingt ar ár luachanna straitéiseacha agus ról maoirseachta.
[16] Feidhm: 62 H(2)(d) aird an phobail a tharraingt ar nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Faoi Alt 27 den Acht, ba cheart don Údarás socruithe a dhéanamh chun tuairimí an phobail a fháil. Alt 27. Sonraítear in — (1) “Déanfaidh an Coimisinéir agus an tÚdarás, ag féachaint d’fheidhmeanna faoi seach an Choimisinéara agus an Údaráis faoin Acht seo, socruithe chun tuairimí an phobail a lorg maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. (2) Sula ndéantar aon socruithe faoin alt seo, rachaidh an Coimisinéir i gcomhairle leis an Údarás maidir leis na socruithe beartaithe agus féadfaidh an tÚdarás an socrú a cheadú.”
[17] Chomh maith leis sin, úsáideann an tÚdarás an fhaisnéis ó Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail an Gharda Síochána chun bonn eolais a sholáthar dá chuid oibre.

baill den phobal. Cuireadh cleachtadh píolótach i gcrích i Meán Fómhair 2020 agus táthar ag súil go mbainfear tuilleadh úsáide as seo in 2021;

- Clár cuimsitheach rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a úsáidtear chun aiseolas a bhailiú faoi thaithí saoil na feidhmíochta póilíneachta ó raon grúpaí agus eagraíochtaí lena n-áirítear ENRanna, grúpaí sainleasa gnó agus grúpaí a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar phobail mhionlaigh.

Ansin úsáidtear an t-aiseolas seo agus aon sonraí atá ar fáil chun bonn eolais a sholáthar d’obair mhaoirseachta an Údaráis;

- Imeachtaí bliantúla poiblí comhrá a reáchtáil chun aird a tharraingt ar cheisteanna póilíneachta. Go ginearálta, is lucht féachana a bhfuil cuireadh faighte acu a fhreastalaíonn ar na himeachtaí seo, príomhpháirtithe leasmhara agus déantar iad a bheoshruthú ar shuíomh gréasáin an Údaráis;
- Monatóireacht a dhéanamh ar na meáin shóisialta agus ar na meáin thraidisiúnta chun eolas a bhailiú faoi thuairimí nua agus faoi thuairimí atá san fhearann poiblí faoi láthair maidir le ceisteanna póilíneachta; agus
- Ar deireadh, cé nach bhfuil aon ról aige i ndáil le déileáil le gearáin aonair, go ginearálta bíonn an tÚdarás ar an eolas faoi ghearáin a dhéantar agus cur chun feidhme Rialacháin araíonachta an Gharda Síochána.

## 5.3. Taighde

Faoi alt 62 H(2)(g) den Acht, is féidir leis an Údarás tabhairt faoi thionscadail taighde, iad a choimisiúnú nó cabhrú leo (lena n-áirítear trí bhíthin comhairliúcháin phoiblí) agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le nithe atá ábhartha do sheirbhísí póilíneachta, a d’fhéadfadh (i) tacú le feabhas ar chaighdeáin i ndáil leis na nithe sin agus feasacht an phobail ar na nithe sin, nó (ii) cabhrú le laghdú sa líon gearán a dhéantar i gcoinne comhaltaí de An Garda Síochána i ndáil leis na nithe sin, agus moltaí a dhéanamh don Aire ag eascairt as na tionscadail nó na gníomhaíochtaí sin.

Cuireadh tús leis an obair a bhain le haonad taighde a bhunú in 2017 chun tacú le hobair an Údaráis agus a Choistí feidhmeanna reachtúla na heagraíochta a chomhlíonadh agus tacú le maoirseacht fhianaisebhunaithe ar fheidhmíocht phóilíneachta an Gharda Síochána.

Lena chois sin, tá roinnt gníomhartha sonracha curtha i gcrích ag an Údarás atá bunaithe ar thionscadail taighde a choimisiúnú agus a mhaoiniú i ndáil le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus gníomhaíochtaí eile.

Ó bunaíodh an t-aonad taighde, tá roinnt tionscadal taighde leanúnach maoinithe ag an Údarás.

Áirítear i measc na ngarspriocanna sonracha:

- Sparánacht taighde a bhunú in 2019. I ndiaidh próiseas iarratas iomaíoch, bronnadh dhá sparánacht tionscnaimh ar fiú €35,000 iad do thionscadail atá ag díriú ar eispéiris leanaí agus daoine óga ar a n-idirghníomhaíochtaí le An Garda Síochána;
- Coimisiúnaíodh taighde chun cur le tuiscint níos fearr ar eispéiris íobartach ar a n-idirghníomhaíocht le An Garda Síochána, go háirithe i ndiaidh achtú Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh Coireachta) 2017. Is iad cuspóirí an tionscadail léargas

mionsonraithe a thabhairt don Údarás ar eispéiris íospartach coireachta i ndáil lena n-idirghníomhaíochtaí le An Garda Síochána. Bronnadh an conradh chun an taighde a dhéanamh ar *Trilateral Research Ltd.* i ndiaidh próiseas tairisceana iomaíoch[18];

- Líonraí idirnáisiúnta a bhunú a thug deis don Údarás a bheith i mbun idirchaidrimh le daoine eile atá ag obair sna réimsí póilíneachta agus maoirseachta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear comhlachtaí maoirseachta, institiúidí acadúla agus taighde, agus páirtithe leasmhara eile; agus
- Imeachtaí rannpháirtíochta acadúla reáchtáilte in 2019 agus 2020. Seimineár gréasáin acadúil ba ea imeacht 2020 a bhí bunaithe ar an topaic seo a leanas - 'Leanaí, Daoine Óga agus Póilíní: Iontaoibh agus Muinín a Fhorbairt'.

[18] Glactar le cur chuige modhanna measctha sa tionscadal seo, agus áirítear ann sonraí a bhailiú trí shuirbhé ar líne agus agallaimh le híospartaigh choireachta, agus agallaimh agus fócasghrúpaí le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear le comhaltaí de An Garda Síochána, agus eagraíochtaí íospartach. Lena chois sin, scrúdófar dea-chleachtais ó dhlínsí eile mar chuid den tionscadal.

# 6. Dúshláin, Réimsí Feabhais agus Pleanáil don Todhchaí

## 6.1. Tráthúlacht agus Cáilíocht Faisnéise

Dúshlán suntasach a bhain le maoirseacht an Údaráis, agus a bhaineann leis an maoirseacht, ba ea moilleanna a bhain le heolas a fháil ó An Garda Síochána. Go ginearálta, tá an t-eolas a theastaigh uaidh curtha ar fáil don Údarás, níl moilleanna suntasacha neamhghnách. Ainneoin feabhas a bheith tagtha ar na cúrsaí seo le blianta beaga anuas, is dúshlán leanúnach atá ann a cheanglaíonn tuilleadh feabhais agus, dá réir sin, is ceist é a bhfuil níos mó airde á díriú air ag na leibhéil bhainistíochta is sinsearaí in An Garda Síochána agus laistigh den Údarás.

I rith bhlianta tosaigh obair an Údaráis, bhain imní ar leith le cáilíocht agus le beachtas na sonraí a bhí á mbailiú ag An Garda Síochána. Cuireadh eolas ar fáil don Údarás agus, dá réir sin, bhí béim shuntasach mar chuid den obair mhaoirseachta á leagan ar cháilíocht sonraí. Fáiltíonn an tÚdarás roimh na feabhsuithe atá déanta ag An Garda Síochána sa chomhthéacs seo le déanaí agus is fianaise é an rannpháirtíocht leanúnach leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag An Garda Síochána.

## 6.2. Éiginnteacht maidir leis na Struchtúir Mhaoirseachta

Níos lú ná dhá bhliain i ndiaidh bhunú an Údaráis, bunaíodh CTP. Rinne sé a thuairisciú i Meán Fómhair 2018, agus mhol sé go ndéanfaí athruithe suntasacha ar an réimeas maoirseachta. Cé go raibh obair mhór curtha i gcrích ag an Údarás ag an tráth seo, eagraíocht an-óg ba ea í fós agus, mar atá sonraithe sa tuarascáil seo, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus feidhmíocht phóilíneachta a fheabhsú. Ag an bpointe ama sin bhain an riosca le CTP go gcuirfeadh sé isteach ar an obair sa mhéid is gur mheas sé go bhféadfaí deireadh a chur leis an Údarás gan mhoill nó go bhféadfaí an tÚdarás a athsholáthar. Bhain an fhéidearthacht leis seo go gcruthódh sé bagairt do chumas an Údaráis a chinntiú go raibh dóthain rannpháirtíochta idir An Garda Síochána agus feidhmeanna maoirseachta an Údaráis. Ainneoin athruithe reachtacha ionchasacha, bhí an tÚdarás diongbháilte i rith 2019 agus 2020 go leanfadh sé lena oibleagáidí reachtúla reatha a urscaoileadh. Lean an tÚdarás le béim a leagan air agus díriú ar a phríomhfheidhmeanna agus thacaigh an Coimisinéir agus a fhoireann leis an rannpháirtíocht dhearfach agus réamhghníomhach leis an Údarás.

In 2020 sholáthair an Roinn Dlí agus Cirt cóip de Dhréachtscéim Ghinearálta an Bhille Póilíneachta agus Sábháilteachta don Údarás le haghaidh comhairliúcháin. D'fháiltigh an tÚdarás roimh na tograí a bhí sonraithe sa Dréachtscéim Ghinearálta agus ag an am céanna leanadh le béim a leagan ar an tábhacht agus ar an luach don Stát agus don phobal a bhain le maoirseacht oiriúnach neamhspleách agus láidir ar phóilíneacht.

## 6.3. Ról doiléir maidir le CCTV

Faoi Alt 38 den Acht, tá roinnt oibleagáidí sonracha ar an Údarás sa réimse a bhaineann le CCTV. Ba é an chéad cheann díobh seo treoirlínte a fhorbairt chun critéir a bhunú le haghaidh daoine áirithe (cosúil le grúpaí pobail áitiúla) a d'fhéadfadh a bheith údaraithe ag an gCoimisinéir chun CCTV a shuiteáil agus a oibriú.

Bhí sé seo bunaithe cheana féin roimh bhunú an Údaráis trí I.R. 289/2006. Chomh maith leis sin, cheangail an tAcht ar an Údarás toiliú don Choimisinéir údarú a chúlghairm le haghaidh catagóirí áirithe daoine (cosúil le grúpaí pobail áitiúla). Feidhm bhreise don Údarás, le toiliú an Aire, ba ea treoirlínte a eisiúint don Choimisinéir maidir le CCTV a bheith á mhonatóiriú ag daoine údaraithe a bheith á maoirsiú agus á rialú ag an gCoimisinéir.

Tugadh le fios i dTuarascáil Dhá Bhliain an Údaráis ar éifeachtacht agus oiriúnacht na bhfeidhmeanna sonraithe i ndáil le halt 62 (O) den Acht, nach raibh na feidhmeanna seo ag teacht le sainchúram an Údaráis agus go raibh dúbailt i gceist le freagrachtaí a raibh glactha ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais leo i ndáil le CCTV. Mhol an tÚdarás go ndéanfaí na hoibleagáidí a athbhreithniú agus níl aon ghníomhaíocht shuntasach curtha i gcrích sa réimse seo.

I mí Dheireadh Fómhair 2020 d'eisigh an Roinn Dlí agus Cirt Dréachtscéim an Gharda Síochána (Taifeadadh Digiteach) le haghaidh breathnóireachtaí. Sainaithníodh i bhfreagairt an Údaráis a áiríodh ann roinnt breathnóireachtaí maidir le prionsabail na neodrachta gairis, trédhearcacht, an tionchar ar chearta an duine agus an gá atá le cuntasacht, cothroime agus úsáid chomhréireach, an reachtaíocht bheartaithe seo mar ionstraim reachtach a bheadh níos oiriúnaí don mhaoirseacht ar thaifeadadh digiteach a bheadh á dhéanamh ag institiúidí an Stáit.

## 6.4. Ag Ullmhú don Todhchaí

Cruthaíonn dúshláin deiseanna go minic. Le linn dó aird a dhíriú ar a oibleagáidí reachtúla reatha agus a mhisean tacú le póilíneacht den chéad scoth trí mhaoirseacht éifeachtach lena mbaineann luach, tá an tÚdarás i mbun machnaimh faoin todhchaí agus tá an eagraíocht á hullmhú go gníomhach aige le haghaidh mholtaí CTP ar chomhaontaigh an Rialtas orthu i mí na Nollag 2018.

**Sábháilteacht an Phobail**

I ndiaidh fhoilsiú thuarascáil CTP, tharraing an tÚdarás aird ar leith ar an leathnú a moladh a chur i bhfeidhm ar a raon feidhme agus ról chun gnéithe áirithe de Shábháilteacht an Phobail a chur san áireamh. Ina dhiaidh sin, thug an tÚdarás faoi raon gníomhaíochtaí i rith 2019 agus 2020 a raibh sé mar aidhm leo tuilleadh forbairt a dhéanamh ar ár dtuiscint ar Shábháilteacht an Phobail, lena n-áirítear: dul i gcomhairle le hacadóirí ag a bhfuil eolas agus saineolas sa réimse seo; an litríocht ábhartha a léamh; cúrsaí a phlé leis na struchtúir sábháilteachta pobail i dTuaisceart Éireann, Albain, an Bhreatain Bheag, Ceanada, agus dlínsí eile; socruithe agus struchtúir reatha a shainaithint, lena n-áirítear an taobh praiticiúil de na saincheisteanna atá ann faoi láthair; agus, leanúint le rannpháirtíocht le CCPanna agus le struchtúir eile a bhféadfaí an tsamhail nua a úsáid ina n-ionad.

Ag eascairt as gníomhaíocht den chineál sin, bhí deis ag an Údarás roinnt uaireanta an méid a bhí foghlamtha a roinnt leis an Roinn Dlí agus Cirt agus breathnóireachtaí úsáideacha a sholáthar chun cabhrú leis an obair leantach atá ar bun ag an Roinn i ndáil le dréachtú na mbeartas agus na cinn billí gaolmhara a dhréachtú. Reáchtáil an tÚdarás plé poiblí maidir le Sábháilteacht an Phobail i mí Iúil 2019, agus tugadh deis cainte do chainteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta ag a raibh cúlra acadúil nó gairmiúil in obair sábháilteachta pobail agus pobail a rinne láithreoireachtaí agus a phlé roinnt de na príomhcheisteanna a bhaineann le sábháilteacht an phobail. Tugadh cuireadh do chomhaltaí na Roinne freastal ar an imeacht seo agus d'fhreastail siad ar chruinniú príobháideach leis an Údarás agus le hionadaithe ó struchtúir shláinte an phobail sa Bhreatain Bheag agus in Albain.

Cinntíonn an tÚdarás go bhfuil sé ar an eolas faoi fhorbairt náisiúnta agus idirnáisiúnta sa réimse seo trí thaighde agus líonraí bunaithe, agus déanfaidh sé amhlaidh fad is atá an chéim phleanáilte dearaidh agus cur chun feidhme ag leanúint ar aghaidh. Tacófar leis seo ar na bealaí seo a leanas: idirchaidreamh leis an Roinn; rannpháirtíocht leis na trí thionscadal phíolótacha maidir le Comhpháirtíocht Shábháilteacht an Phobail i Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath, Port Láirge agus An Longfort; agus leanúint le rannpháirtíocht le CCP agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i ndáil le hobair idirghníomhaireachta, de réir a fheidhmeanna reachtúla.

**Cearta an Duine**

Príomhghné den mhaoirseacht ar phóilíneacht agus ar an Garda Síochána é réimse chearta an duine. Tá an tÚdarás airdeallach ar a ról mar chreat institiúideach na hÉireann i ndáil le cosaint chearta an duine agus na freagrachtaí a éascaíonn as seo. Táthar ag glacadh le póilíneacht agus le feidhmíocht an Gharda Síochána i gcomhthéacs phríomhchaighdeáin agus phríomhoibleagáidí náisiúnta, Eorpacha, agus idirnáisiúnta chearta an duine.

Tá fianaise ar an gcur chuige seo le fáil san aighneacht a chuir an tÚdarás i dtoll a chéile le déanaí maidir leis an athbhreithniú ar chochaill frithsheile a bheith in úsáid ag An Garda Síochána, tuarascálacha chuig an Aire maidir le póilíneacht COVID-19, agus gnéithe níos leithne de bheartas póilíneachta agus ceartais in aighneachtaí chuig an Roinn Dlí agus Cirt maidir le Códú Cumhachtaí Póilíneachta agus Dréachtstraitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2020-2026.

Tá an tÚdarás tiomanta d'fheabhas leanúnach agus dá acmhainn maidir le cearta an duine a fheabhsú. Go dáta, tá sé seo bainte amach trí chomhairle sheachtrach a sholáthar, mar aon le hoiliúint don fhoireann, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Chomh fada is a bhaineann le maoirseacht, déantar breathnóireacht ar Choiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine (CCSCD) agus pléadh cúrsaí le hAonad um Chearta an Duine an Gharda Síochána, aonad a bunaíodh le déanaí. Tá béim leagtha ag an Údarás ar an bpointe nár cheart an réimse seo a fheidhmiú nó a scrúdú ina aonar, ach glacadh leis go bhfuil ról lárnach aige i ngach gné de phóilíneacht. Tá fianaise le fáil air seo sa bhéim a leag an tÚdarás ar dhearbhú a thabhairt go raibh Airteagal 2 á chomhlíonadh ag na hathbhreithnithe dúnbhásaithe san Athbhreithniú Dúnbhásaithe thuasluaite.

Leanfaidh an tÚdarás le béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le, agus le maoirseacht a dhéanamh air agus cloí le, príomhchaighdeáin agus príomhoibleagáidí intíre agus idirnáisiúnta atá sonraithe i bpríomhchoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe (NA) agus Chomhairle na hEorpa (CnaE) lena chinntiú go bhfuil cearta gach duine atá ina chónaí in Éirinn á n-urramú, á gcosaint agus á slánú ag póilíneacht níos fearr.

## 7. Conclúidí

Túsphointe soiléir nua do phóilíneacht in Éirinn ba ea bunú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015. Mórfhorbairt a bhí ann i ndáil le rialachas agus maoirseacht an Gharda Síochána agus gealltanas thar ceann an Rialtais i ndáil le hathchóiriú lánbhrí. Aitheantas soiléir a bhí ann ar uathúlacht an Gharda Síochána mar chomhlacht poiblí agus ar na socruithe breise a bhí riachtanach chun iontaoibh agus muinín an phobail sa phóilíneacht a chinntiú.

D'athraigh bunú an Údaráis Póilíneachta an tírdhreach póilíneachta go suntasach agus i rith na gcéad chúig bliana i mbun feidhme, bhunaigh an tÚdarás é féin mar chomhlacht maoirseachta éifeachtach. Tá sé ag feidhmiú mar thionscnóir athraithe agus athchóirithe, agus is léir ó fheidhmíocht an Údaráis go dtí seo go mbaineann féidearthacht agus riachtanas le maoirseacht oscailte agus phoiblí chuntasach ar phóilíneacht, atá dílsithe i gcomhlacht poiblí neamhspleách, cumhachtaithe agus seachtrach.

San athbhreithniú seo, leag an tÚdarás béim ar a chuid éachtaí i ndáil leis an Garda Síochána a choimeád cuntasach go hoscailte agus go trédhearcach trína chreat feidhmíochta, feabhsuithe i ndáil le ceapachán agus soláthar foirne an Gharda Síochána, agus gealltanas maidir le rannpháirtíocht phoiblí trína chuid oibre.

Tá an tÚdarás airdeallach ar an bpoitéinseal atá ann d'fheabhas, agus tuigeann sé nach bhfuil tairbhe bainte as grinnscrúdú i ngach réimse dá shainchúram go dáta. Dhá shampla shonracha a bhfuil tagairt déanta dóibh cheana féin iad gníomhaíochtaí maoirseachta a bhaineann le scéimeanna CCTV, agus forbairt Threoirlínte athbhreithnithe CCP.

Ainneoin feabhas a bheith tagtha ar an gcaidreamh le foireann shinsearach an Gharda Síochána, tá aird tarraingthe ag an Údarás ar ábhair imní a bhaineann lena chaidreamh le comhlachtaí ionadaíocha an Gharda Síochána agus go háirithe gráid na ngnáthbhall agus na meánbhainistíochta. Tuigeann an tÚdarás go rímhaith gur dóigh le daoine go raibh sé cáinteach ar bhealach éagothrom ar an Garda Síochána agus a fhoireann. Tá sé curtha in iúl ag comhlachtaí ionadaíocha éagsúla an Gharda Síochána freisin gur féidir agus gur cheart don Údarás níos mó a dhéanamh chun obair rathúil an Gharda Síochána a admháil agus a cheiliúradh lena n-áirítear i rith cruinnithe poiblí, agus lena léiriú gur féidir rath ar obair an Gharda Síochána a thabhairt faoi deara agus go mbíonn rath ar obair an Gharda Síochána lasmuigh den Phlean Póilíneachta agus nach dtarraingítear dóthain airde ar an obair rathúil sin. Ainneoin go mbaineann deacracht le smaoineamh ar chruinniú de chuid an Údaráis, príobháideach nó poiblí, nuair nár tagraíodh do na dúshláin atá le sárú, nó an rath atá ar obair an Gharda Síochána, déanfaidh an tÚdarás a mhachnamh ar an gceist seo agus cuirfidh sé obair i gcrích lena chinntiú go gcuirfear deireadh leis na tuiscintí seo. Ar ndóigh beidh aird á díriú ar réimsí difríochta agus easaontais, ach tá fianaise le fáil freisin, agus bhí, ar thuiscint agus ar aitheantas.

Tá an tÚdarás Póilíneachta buíoch as deis a fháil tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire maidir le feidhmiú ginearálta a fheidhmeanna i rith na gcéad chúig bliana i mbun feidhme. Tá sé airdeallach ar an suntas a bhaineann le huainiú na tuarascála agus ar na hathruithe beartaithe atá sonraithe sa Dréachtscéim Ghinearálta. Rinneadh an t-athbhreithniú seo ar fheidhmíocht an Údaráis i lár éigeandáil dhomhanda sláinte poiblí atá gan fasach sa ré chomhaimseartha. Bhí tionchar ag an ngéarchéim ar ghníomhaíochtaí maoirseachta an Údaráis agus ar an tseirbhís phóilíneachta atá á soláthar ag an Garda Síochána. Ainneoin raon leathan saincheisteanna a bheith ann fós a éilíonn rannpháirtíocht agus feabhas, tá iarracht déanta ag an Garda Síochána agus ag an Údarás

Póilíneachta déileáil leis na dúshláin a bhain leis an bpaindéim seo agus leis an réimeas maoirseachta réasúnta nua seo agus tá siad tar éis leanúint lena bhfeidhmeanna reachtúla a urscaoileadh go héifeachtach ar son leas an phobail.

## Aguisín 1: Comhaltacht an Údaráis agus na gCoistí 2016-2020

| Comhaltacht an Údaráis Póilíneachta | | | |
|---|---|---|---|
| **2016-2017** | **2018** | **2019** | **2020** |
| Josephine Feehily, Cathaoirleach | Josephine Feehily, Cathaoirleach | Josephine Feehily, Cathaoirleach | Bob Collins, Cathaoirleach |
| Noel Brett | Noel Brett | [19]Noel Brett | Vicky Conway |
| Bob Collins | Bob Collins | Bob Collins | Pat Costello |
| Vicky Conway | Pat Costello | [20]Vicky Conway | Deborah Donnelly |
| Pat Costello | Judith Gillespie | Pat Costello | Judith Gillespie |
| Judith Gillespie | Valerie Judge | Judith Gillespie | Valerie Judge |
| Valerie Judge | Maureen Lynott | Valerie Judge | Paul Mageean |
| Maureen Lynott | Moling Ryan | Maureen Lynott | Moling Ryan |
| Moling Ryan | | [21]Paul Mageean | |
| | | Moling Ryan | |

| An Coiste Iniúchta agus Riosca |
|---|
| **2016-2020** |
| Moling Ryan, Cathaoirleach |
| Melanie Pine (Comhalta seachtrach) |
| Ronan Nolan (Comhalta seachtrach) |

| Coiste an Chóid Eitice | |
|---|---|
| **2016-2017** | **2018** |
| Pat Costello, Cathaoirleach | Pat Costello, Cathaoirleach |
| Judith Gillespie | Judith Gillespie |
| Bob Collins | Bob Collins |
| [22]Vicky Conway | |

[19] D'éirigh an tUasal Brett as an Údarás le héifeacht ón 18 Eanáir 2019.
[20] Athcheapadh Vicky Conway, Uasal, a d'éirigh as a ról ar an Údarás i mí Iúil 2017 le héifeacht ón 29 Eanáir 2019.
[21] Ceapadh an tUasal Paul Mageean ar an Údarás le héifeacht ón 29 Eanáir 2019.
[22] D'éirigh Vicky Conway as a ról ar Choiste an Chóid Eitice i mí Meithimh 2017.

| Coiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána | | | |
|---|---|---|---|
| **2017** | **2018** | **2019** | **2020** |
| Bob Collins, Cathaoirleach | Bob Collins, Cathaoirleach | Bob Collins, Cathaoirleach | Paul Mageean, Cathaoirleach |
| Pat Costello | Pat Costello | Pat Costello | Pat Costello |
| Valerie Judge | Valerie Judge | Valerie Judge | Valerie Judge |
| [23]Noel Brett | [24]Moling Ryan | Paul Mageean | Moling Ryan |
| [25]Moling Ryan | [26]Melanie Pine (Comhalta seachtrach) | Melanie Pine (Comhalta seachtrach) | Melanie Pine (Comhalta seachtrach) |

| Coiste um Dhearbhú Cáilíochta agus Rialachas Roghnúcháin Cheapacháin an Gharda Síochána | | |
|---|---|---|
| **[27]2016** | **2017-2019** | **2020** |
| Valarie Judge, Cathaoirleach | Bryan Andrews, Cathaoirleach (Comhalta seachtrach) | Bryan Andrews, Cathaoirleach (Comhalta seachtrach) |

[23] Bhí Noel Brett ina chomhalta de Choiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána go dtí Márta 2017.
[24] Bhí Moling Ryan ina chomhalta de Choiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána go dtí an 11 Deireadh Fómhair 2018.
[25] Thosaigh Moling Ryan ag feidhmiú mar chomhalta de Choiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána in Aibreán 2017.
[26] Tá Melanie Pine páirteach i gCoiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána ón 13 Meitheamh 2018.
[27] In 2016, 'ceapacháin' a tugadh ar an gcoiste seo agus in 2017 ainmníodh é mar 'Dearbhú Cáilíochta agus Rialachas Roghnúcháin Cheapacháin an Gharda Síochána'.

| | | |
|---|---|---|
| Maureen Lynott | Valerie Judge | Valerie Judge |
| Moling Ryan | Moling Ryan | Moling Ryan |
| | Maureen Lynott | |

| Coiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | | | |
|---|---|---|---|
| **2016-2017** | **2018** | **2019** | **2020** |
| Judith Gillespie, Cathaoirleach | Judith Gillespie, Cathaoirleach | Judith Gillespie, Cathaoirleach | Judith Gillespie, Cathaoirleach |
| Noel Brett | Noel Brett | Moling Ryan | Vicky Conway |
| [28]Vicky Conway | Moling Ryan | Vicky Conway | Moling Ryan |
| Maureen Lynott | Maureen Lynott | Ronan Nolan (Comhalta seachtrach) | Deborah Donnelly |
| | Vicky Conway (Comhalta seachtrach) | | Ronan Nolan (Comhalta seachtrach) |
| | Ronan Nolan (Comhalta seachtrach) | | |

[28] D'éirigh Vicky Conway as an gCoiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta i mí Iúil 2017 agus ceapadh mar chomhalta seachtrach í ó Mheán Fómhair 2017.

## Aguisín 2: Feidhmeanna, Gníomhartha agus Príomhéachtaí:

| An Grúpa Oibre um Athchóiriú Póilíneachta | |
|---|---|
| **2019** | **2020** |
| Josephine Feehily, Cathaoirleach | Bob Collins |
| Bob Collins | Judith Gillespie |
| Judith Gillespie | Moling Ryan |
| Moling Ryan | Helen Hall (Príomhfheidhmeannach) |
| Helen Hall (Príomhfheidhmeannach) | |

| Feidhmeanna mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus Príomhéachtaí** |
| **Maoirseacht ghinearálta ar fheidhmeanna** | 62 H(1) Faoi réir an Achta seo, déanfaidh an tÚdarás na nithe seo a leanas — (a) maoirseacht ar fheidhmiú fheidhmeanna an Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. | Mar a pléadh tríd an tuarascáil, tá creat feidhmíochta cuimsitheach bunaithe ag an Údarás chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna an Gharda Síochána atá á bhfeidhmiú trí chruinnithe Údaráis agus Coiste, agus maoirseacht ar an bPlean Póilíneachta, Tosaíochtaí Póilíneachta agus Athchóiriú Eagraíochta. |
| **Ceapacháin** | 62 H(b) freagrach as—(i) daoine a ainmniú lena gceapadh chuig oifig an Choimisinéara nó chuig grád an | Ó bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta tá 34 ceapachán ag leibhéal Sinsearach an Gharda Síochána déanta aige ag na gráid seo a leanas; |

| Feidhmeanna mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus Príomhéachtaí** |
| | Leas-Choimisinéara (ii) daoine a cheapadh chuig gráid an Choimisinéara Chúnta, an Ard-Cheannfoirt agus an Cheannfoirt, agus (iii) daoine a chur as fostaíocht nó a mholadh go gcuirfí daoine as fostaíocht. | • Leas-Rúnaí (1);<br>• Stiúrthóir Feidhmiúcháin (6); agus<br>• Príomhoifigeach (27)<br><br>Chomh maith leis sin, tá 160 duine ceaptha ag Gráid Shinsearacha lena n-áirítear;<br>• Coimisinéir Cúnta (8);<br>• Ard-Cheannfort (34); agus<br>• Ceannfort (118)<br><br>Moladh go gceapfadh an Rialtas an Coimisinéir reatha in 2018.<br><br>Agus bailchríoch á cur leis an tuarascáil seo lena cur ar fáil, tá toradh chomórtas 2020 /2021 le haghaidh Leas-Choimisinéirí fógartha agus tá beirt Leas-Choimisinéirí nua ceaptha ag an Rialtas i ndiaidh ainmniúchán a bheith déanta ag an Údarás. |
| **An Cód Eitice** | c) Bunaigh, leasaigh nó cúlghair Cód Eitice... (7) Foilseoidh an tÚdarás Cód Eitice... in i gcibé slí a mheasann sé atá oiriúnach. | Bunaíodh an Cód laistigh de bhliain ó bhunú an Údaráis. Áirítear i measc na bpríomhghníomhaíochtaí;<br>• Reáchtáladh imeacht comhairliúcháin náisiúnta i ndáil leis an obair forbartha;<br>• Tá maoirseacht leanúnach á déanamh ar leabú; agus<br>• Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an gCód i gcomhthéacs chearta an duine, athbhreithniú atá fós ar bun. |
| **Ráiteas Straitéise** | (d) Ceadaigh, ráiteas straitéise curtha ar fáil ag an gCoimisinéir. | Tá dhá Ráiteas Straitéise ceadaithe ag an Údarás, an chéad cheann in 2016 agus an dara ceann in 2018 le haghaidh na tréimhse 2019-2021. |
| **An Plean Póilíneachta** | (e) Ceadaigh, de réir alt 22, plean póilíneachta bliantúil curtha ar fáil ag an gCoimisinéir. | Is cuid lárnach de chreat feidhmíochta an Údaráis é an Plean Póilíneachta, agus bhí deis ag an Údarás trína fheidhmeanna forbairt an phlean a threorú trí úsáid a bhaint as torthaí óna rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus maoirseacht leanúnach a dhéanamh chun soláthar |

| Feidhmeanna mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus Príomhéachtaí** |
| | | éifeachtach, pobaldírithe seirbhísí póilíneachta a chinntiú.<br><br>Tá an tÚdarás agus an Coimisinéir ag obair ar phróiseas chun an Plean Póilíneachta a athshamhlú mar dhoiciméad atá níos giorra, níos ábhartha don fhoireann túslíne agus dírithe ar thorthaí a fhorbairt.<br><br>Táthar ag leanúint leis an obair seo ach táthar ag súil gur bonn fónta a bheidh ann d'fhorbairt an chéad Ráiteas Straitéise eile de chuid an Gharda Síochána in 2021. |
| **Comhchoistí Póilíneachta** | (f) na feidhmeanna a thugtar dó a chomhlíonadh... maidir le bunú agus cothabháil CCPanna. | Tríd an bhfeidhm seo a fheidhmiú, thug an tÚdarás gach CCP le chéile den chéad uair, trí;<br><br>• 5 chruinniú bhliantúla CCP a eagrú agus a éascú, lena n-áirítear i rith COVID-19;<br>• Cuairt a thabhairt ar 49 CCP agus Fóraim Phóilíneachta Áitiúla sa tréimhse idir 2018-2019; agus<br>• Rannpháirtíocht a dhéanamh le CCPanna i rith 2020, chun foghlaim maidir lena n-eispéiris agus léargais ar phóilíneacht i rith COVID- 19 agus é seo a úsáid chun eolas a sholáthar le haghaidh thuairisciú an Údaráis don Aire. |
| **Tuarascálacha Chigireacht an Gharda Síochána** | (g) na feidhmeanna atá tugtha dó a fheidhmiú...i ndáil le monatóireacht, measúnú agus tuairisciú na mbeart atá déanta ag An Garda Síochána i ndáil le moltaí a rinneadh i dtuarascáil de chuid Chigireacht an Gharda Síochána. | Mar atá luaite sa pháipéar seo, rinne an tÚdarás maoirseacht agus measúnú ar chur chuige an Gharda Síochána i ndáil le cur chun feidhme na moltaí i dTuarascáil na Cigireachta dar teideal 'Póilíneacht in Éirinn a Athrú' agus maoirseacht ar an gClár Nuachóiriúcháin agus Athnuachana (2016 – 2021). Lena chois seo, rinne an tÚdarás an méid seo a leanas:<br><br>• Athbhreithniú ar chur chun feidhme moltaí i dTuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar Imscrúdú Coireachta;<br>• Cuireadh nóta i scríbhinn chuig an Aire in 2020 i ndáil le moltaí a rinneadh sa tuarascáil 'Freagairt do Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí'; agus |

| Feidhmeanna mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus Príomhéachtaí** |
| | | • Tá maoirseacht leanúnach á déanamh ar obair an Gharda Síochána maidir le cur chun feidhme moltaí ó thuarascáil na Cigireachta maidir le hOrd Poiblí. |
| **Cuntasacht** | (h) an tAire a chur ar an eolas faoi nithe eile is iomchuí i ndáil le cuntasacht an Rialtais do Thithe an Oireachtais. | Tá eolas maidir le raon saincheisteanna tábhachtacha lena n-áirítear Póilíneacht COVID-19 curtha faoi bhráid an Aire ag an Údarás. |
| **Eolas agus Comhairle don Aire maidir le Seirbhísí Póilíneachta** | (i) eolas agus comhairle a chur ar fáil don Aire i ndáil le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, | Tá eolas agus comhairle maidir le nithe tábhachtacha éagsúla curtha ar fáil ag an Údarás. Áirítear ina measc;<br>• Iniúchadh Theampaill Mhóir;<br>• Athbhreithniú TAS / TMS;<br>• Athbhreithniú an Gharda Síochána ar Imscrúduithe Dúnbhásaithe;<br>• Moltaí ó Choimisiún Fennelly a chur chun feidhme;<br>• Scrúdú ar an Oifig Athstiúrtha Óige;<br>• Próiseáil fianaise DNA; agus<br>• Póilíneacht COVID-19. |
| **Feidhmíocht Póilíneachta** | (j) feabhas leanúnach ar phóilíneacht sa Stát a chur chun cinn agus tacú leis. | Tá an tÚdarás den tuairim go gcuimsítear san fheidhm seo go leor d'obair an Údaráis go dáta, lena n-áirítear ach níl teoranta do;<br>• Forbairt agus leabú an Chóid Eitice;<br>• Ionchur i bhforbairt agus i maoirseacht chur chun feidhme Straitéis an Gharda Síochána, Tosaíochtaí Póilíneachta agus Plean Póilíneachta;<br>• Maoirseacht ar phríomhchumasóirí agus ar fheidhmeanna inmheánacha chun soláthar seirbhísí póilíneachta a fheabhsú; agus<br>• Athbhreithniú agus maoirseacht ar phríomhcheisteanna atá ag teacht chun solais a bhfuil tionchar acu ar mhuinín an phobail as An Garda Síochána. |
| **Feidhmíocht Feidhmeanna** | (K) aon fheidhmeanna eile a thugtar dó faoin Acht seo nó faoi na rialacháin a fheidhmiú. | Tá eolas le fáil maidir le fairsinge na ngníomhartha agus na n-éachtaí san aguisín seo agus ar fud na príomhthuarascála. |
| **Rialachas Corparáideach** | 62 H(2)...déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas— (a) leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú | Áirítear in obair an Údaráis;<br>• Idirghníomhaíocht bhliantúil leis an gCoiste Iniúchta; |

| Feidhmeanna mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus Príomhéachtaí** |
| | fheidhmeanna an Gharda Síochána agus na socruithe agus na straitéisí atá i bhfeidhm chun tacú le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin agus chun feabhas a chur ar fheidhmiú na bhfeidhmeanna sin, agus go háirithe, oiriúnacht na nithe seo a leanas a choinneáil faoi athbhreithniú— (i) na socruithe agus na struchtúir maidir le rialachas corparáideach laistigh de..., (ii) na socruithe maidir le hearcú, oiliúint agus forbairt comhaltaí agus foireann shibhialtach..., (iii) na sásraí atá i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána chun feidhmíocht agus cuntasacht na gcomhaltaí sin agus na foirne sin thomhas, agus ... | • Comhaltaí den Choiste Iniúchta a cheapadh; agus<br>• Idirghníomhaíocht athnuaite in 2020 agus Cathaoirleach Choiste Iniúchta an Gharda Síochána a áireamh i bhfóram idirnáisiúnta idir Albain agus Tuaisceart Éireann. |
| **Airgeadas** | 62 H(2)(b) comhairle a sholáthar don Aire roimh gach bliain airgeadais maidir leis na hacmhainní ar dócha a bheidh ag teastáil ó An Garda Síochána chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh sa bhliain airgeadais sin. | Áirítear in obair an Údaráis;<br>• Litir bhliantúil chuig an Aire ón Údarás;<br>• Idirghníomhaíocht le An Garda Síochána agus leis an gComhghrúpa Acmhainní maidir le 'Tuarascáil Mazars' lena n-áirítear comhairle a chur ar an gCoimisinéir maidir leis an ní céanna; agus<br>• Maoirseacht leanúnach tríd an Údarás agus CFE ar airgeadas mar chumasóir athchóiriú eagraíochta agus soláthar seirbhísí póilíneachta. |
| **Prionsabail Phóilíneachta** | 62 H(2)(c) prionsabail phóilíneachta a chur chun cinn. | Is léir go bhfuil prionsabail phóilíneachta á gcur chun cinn in obair an Údaráis lena n-áirítear béim a leagan ar chearta an duine agus ar phóilíneacht. |
| **Feasacht Phoiblí** | 62 H(2)(d) aird an phobail a tharraingt ar nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. | Chuir an tÚdarás roinnt éachtaí suntasacha i gcrích lena n-áirítear; |

| Feidhmeanna mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus Príomhéachtaí** |
| | | • Íosmhéid de cheithre chruinniú a reáchtáil leis an gCoimisinéir go poiblí gach bliain (tá 5 chruinniú reáchtáilte gach bliain). Tá cead ag an bpobal freastal ar na cruinnithe seo agus déantar iad a bheoshruthú ar líne. Is deis leanúnach iad na cruinnithe poiblí do na páirtithe leasmhara ar fad léargas a fháil ar ghnéithe d'obair mhaoirseachta an Údaráis;<br>• An oiread eolais agus doiciméad agus is féidir a chur ar fáil go poiblí chun aird a tharraingt ar agus cur leis an méid atá ar eolas faoin obair agus tuiscint an phobail ar a ról. Áirítear anseo doiciméid a fhoilsiú ar líne cosúil le miontuairiscí cruinnithe an Údaráis agus na gCoistí agus tosaíochtaí corparáideacha ar shuíomh gréasáin an Údaráis Póilíneachta, atá inrochtana agus éasca le húsáid;<br>• Taifeadtaí de gach cruinniú poiblí a reáchtáladh roimhe seo a óstáil ar shuíomh gréasáin agus cainéal YouTube an Údaráis Póilíneachta agus na taifeadtaí seo a chur ar fáil de réir an réimse ábhair;<br>• Cuntas gníomhach Twitter a choimeád chun ábhar a roinnt agus chun clúdach preasráiteas agus foilseachán de chuid an Údaráis a mhéadú;<br>• Preasráitis a eisiúint maidir le torthaí gníomhaíochtaí maoirseachta de réir agus nuair is cuí. Roinntear na ráitis seo go díreach le comhaltaí ábhartha den phreas agus bíonn siad ar fáil freisin don phobal ar ár suíomh gréasáin agus trínár bhfotha Twitter;<br>• Aon taighde nó tuarascálacha ábhartha curtha i gcrích ag nó coimisiúnaithe ag an Údarás Póilíneachta a fhoilsiú, de réir mar is cuí;<br>• An deis a thapú chun aird a tharraingt ar réimsí ábhartha dár gcuid oibre le heagraíochtaí páirtithe leasmhara agus páirtithe leasmhara eile; agus<br>• Roinnt preasagallamh a sceidealú don Chathaoirleach agus don |

| Feidhmeanna mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus Príomhéachtaí** |
| | | Phríomhfheidhmeannach gach bliain, ar mheáin éagsúla; |
| **Seirbhísí Póilíneachta** | 62 H(2)(e) an tAire a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus moltaí a dhéanamh chun cabhrú leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt sa chomhthéacs sin. | Tá roinnt mhaith faisnéise curtha ar fáil ag an Údarás don Aire le cúig bliana anuas. Áirítear i measc na samplaí;<br>• Tuarascálacha Débhliantúla ar Fheidhmíocht Phóilíneachta;<br>• Tuarascálacha maidir le Póilíneacht in Éirinn a Athrú agus CNA;<br>• Tuarascálacha maidir le Coimisiún Fennelly; agus<br>• Tuarascálacha Póilíneachta COVID-19 |
| **Gearáin/ Treochtaí Coireachta** | 62 H(2)(f) a bheith ar an eolas go ginearálta faoi—(i) gearáin i gcoinne chomhaltaí an Gharda Síochána agus cur i bhfeidhm na Rialachán Araíonachta, agus (ii) treochtaí agus patrúin a bhaineann le coireanna déanta | Go dáta, tá an méid seo a leanas déanta ag an Údarás:<br>• Cé nach bhfuil aon ról aige i ndáil le déileáil le gearáin aonair, faigheann an tÚdarás glaonna ó bhaill den phobal a bhfuil ábhair ar leith ag déanamh imní dóibh. Dá réir sin, tá forléargas anaithnidithe á sholáthar aige don Choimisinéir maidir leis na tuarascálacha míosúla seo;<br>• Faigheann sé agus déanann sé measúnú ar nuashonruithe staitistiúla ráithiúla ó GSOC agus bíonn rannpháirtíocht rialta aige le GSOC chun príomhcheisteanna córasacha a phlé a eascraíonn as an bpróiseas gearán;<br>• Oibríonn sé le páirtithe leasmhara chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí ginearálta a bhaineann le hábhair imní agus gearáin atá á ndéanamh ag pobail aonair agus ag grúpaí mionlaigh; agus<br>• Bíonn rannpháirtíocht leanúnach aige le An Garda Síochána i ndáil le hathbhreithniú agus le leasú na rialachán araíonachta.<br>I ndáil le treochtaí agus patrúin a bhaineann le coireacht, |

| Feidhmeanna mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus Príomhéachtaí** |
| | | • Déanann an tÚdarás monatóireacht agus measúnú ar na sonraí atá curtha ar fáil ag An Garda Síochána ar bhonn míosúil i gcomhar leis an athbhreithniú míosúil ar an bPlean Póilíneachta;<br>• Déantar measúnú ar ábhair imní ginearálta agus ar cheisteanna a bhaineann le coireacht áitiúil trí fhreastal ar chruinnithe réigiúnacha, rannáin agus ceantair an Chreata Cuntasachta Feidhmíochta (CCF), rannpháirtíocht le CCPanna agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, grúpaí pobail agus grúpaí mionlaigh; agus<br>• Ansin úsáidtear torthaí na ngníomhaíochtaí seo chun an plean póilíneachta don bhliain dár gcionn a fhorbairt. |
| **Taighde** | 62 H(2)(g) tabhairt faoi thionscadail taighde, iad a choimisiúnú nó cabhrú leo (lena n-áirítear trí bhíthin comhairliúcháin phoiblí) agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le nithe atá ábhartha do sheirbhísí póilíneachta, a d’fhéadfadh... — (i) tacú le feabhas ar chaighdeáin i ndáil leis na nithe sin agus feasacht an phobail ar na nithe sin, nó (ii) cabhrú le laghdú sa líon gearán a dhéantar i gcoinne comhaltaí de An Garda Síochána i ndáil leis na nithe sin, agus moltaí a dhéanamh don Aire ag eascairt as na tionscadail nó na gníomhaíochtaí sin. | Áirítear i measc na n-éachtaí suntasacha sa réimse taighde;<br>• Sparánacht taighde a bhunú in 2019;<br>• Taighde a choimisiúnú chun cabhrú le teacht ar thuiscint níos fearr ar thaithí íospartach ar a gcuid idirghníomhaíochta le An Garda Síochána;<br>• Gréasáin idirnáisiúnta a bhunú a ndearna an tÚdarás idirchaidreamh leo sna réimsí póilíneachta agus maoirseachta; agus<br>• Imeachtaí maidir le rannpháirtíocht Acadúil a reáchtáil in 2019 agus 2020. |
| **Comhairle don Aire atá freagrach as** | 62 H(2)(h) comhairle a chur ar fáil don Aire i ndáil le nithe a | Tá tráchtaireacht agus comhairle maidir le cleachtas póilíneachta cuimsithe in go leor |

| Feidhmeanna mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus Príomhéachtaí** |
| **Cleachtas Póilíneachta** | bhaineann le dea-chleachtas póilíneachta. | de na tuarascálacha atá curtha faoi bhráid an Aire i rith na tréimhse cúig bliana. |
| **Idirchaidreamh agus Comhoibriú le Comhlachtaí Poiblí Eile** | 62 H(3) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás aon rud a mheasann sé atá riachtanach nó fóirsteanach a dhéanamh chun cur ar a chumas a fheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear idirchaidreamh agus comhoibriú le comhlachtaí (cibé acu reachtúil nó eile) atá ábhartha do na feidhmeanna sin. | Le cois clár cuimsitheach rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, d'oibrigh an tÚdarás le roinnt comhlachtaí ábhartha go dáta lena n-áirítear, ach níl teoranta do, GSOC, Cigireacht an Gharda Síochána, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Coimisiún um Chosaint Sonraí, agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh. |

| Tábla 2: Róil / Freagrachtaí Breise mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimsí** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus príomhéachtaí** |
| **Tosaíochtaí Póilíneachta** | Déanfaidh an tÚdarás, de réir an ailt seo agus le ceadú an Aire—<br>(a) cinneadh, agus ó am go ham athbhreithniú ar thosaíochtaí do An Garda Síochána le linn dó a fheidhmeanna i ndáil le seirbhísí póilíneachta a chomhlíonadh, agus<br>(b) Leibhéil feidhmíochta (‘spriocanna feidhmíochta’) a bhunú, agus a athbhreithniú ó am go ham, a mbeidh sé mar aidhm leo cuspóir gach tosaíochta dá dtagraítear i *mír (a)* a chomhlíonadh.<br>(2) Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leis an gCoimisinéir roimh chinneadh a dhéanamh nó roimh thosaíochtaí a athbhreithniú nó a bhunú nó cuspóirí feidhmíochta a athbhreithniú faoin alt seo…. | Chinn an tÚdarás na tosaíochtaí bliantúla trí úsáid a bhaint as próiseas a thugann aird ar threochtaí i ndlínsí eile, aon athruithe suntasacha sa timpeallacht coireachta, comhairliúchán leis an gCoimisinéir, CCPanna agus páirtithe leasmhara eile trína ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta. |
| **Ceapacháin Foireann Shibhialtach** | 19. (1) féadfaidh an Coimisinéir an líon sin daoine a cheapadh mar fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána a bheidh ceadaithe ag an Údarás le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais. (2) Déanfaidh an Coimisinéir cinneadh maidir le gráid na foirne sibhialtaigh… a d’fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Údarás le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais. | Go dáta, tá 1128 post ceadaithe ag an Údarás le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. |
| **An Coiste Iniúchta** | Alt 44. (1) A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, bunóidh an Coimisinéir Coiste Iniúchta chun na feidhmeanna atá sonraithe in alt 45 a chomhlíonadh | Tá gach comhalta den Choiste Iniúchta ceaptha ag an Údarás; agus rinneadh athbhreithniú ar an gCairt i mí na Samhna 2017. |

| Tábla 2: Róil / Freagrachtaí Breise mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimsí** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus príomhéachtaí** |
| **Dífhostú in An Garda Síochána** | Alt 14 (2)— (1) Féadfaidh an Coimisinéir, faoi réir agus de réir na rialachán, cibé líon daoine a mheasann sé atá oiriúnach a cheapadh chuig gráid an Garda, na Sáirsinte agus an Chigire in An Garda Síochána.<br><br>D'ainneoin aon ní san Acht seo nó sna rialacháin, féadfaidh an Coimisinéir duine nach airde céim ná Cigire a dhífhostú ó An Garda Síochána más rud é —<br><br>(*a*) go bhfuil an Coimisinéir den tuairim—<br><br>(i) de bhíthin iompar an chomhalta (lena n-áirítear aon ghníomh nó neamhghníomh), go mbainfeadh a c(h)omhaltacht leanúnach an bonn de mhuinín an phobail as An Garda Síochána, agus (ii) go bhfuil dífhostú an chomhalta riachtanach chun an muinín sin a chothabháil, (c) go bhfuil breithniú déanta ag an gCoimisinéir ar aon fhreagra atá tugtha ag an gcomhalta agus ar aon chúiseanna atá curtha chun cinn ag an gcomhalta, ach go bhfuil an Coimisinéir fós ag seasamh lena t(h)uairim, agus (*d*) go dtoilíonn an tÚdarás do dhífhostú an chomhalta. | Go dáta, tá gach dífhostú beartaithe atá curtha ar fáil ag Coimisinéir an Gharda Síochána breithnithe ag an Údarás agus thoiligh sé do dhífhostú roinnt comhaltaí de An Garda Síochána. |
| **CCTV** | 38. — (1) Féadfaidh an Coimisinéir suiteáil agus oibriú CCTV más é an t-aonchuspóir agus an príomhchuspóir atá leis ord agus sábháilteacht phoiblí a chinntiú in áiteanna poiblí a údarú… | Tugadh le fios i dTuarascáil Dhá Bhliain an Údaráis ar éifeachtacht agus oiriúnacht na bhfeidhmeanna sonraithe i ndáil le halt 62 (O) den Acht, nach raibh na feidhmeanna seo ag teacht le sainchúram an Údaráis agus go raibh dúbailt i gceist le |

| Tábla 2: Róil / Freagrachtaí Breise mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimsí** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus príomhéachtaí** |
| | | freagrachtaí a raibh glactha ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais leo i ndáil le CCTV. Moladh gur cheart na feidhmeanna seo a athbhreithniú agus in 2020, dréachtaíodh scéim ghinearálta a bhainfeadh na feidhmeanna seo den Údarás. |
| **Coistí** | (6) Féadfaidh an tÚdarás foráil a dhéanamh le haghaidh feidhmíocht coiste, faoi threoir ghinearálta an Údaráis, ceann amháin nó níos mó dá fheidhmeanna, seachas duine a ainmniú lena cheapadh ar, nó moladh a dhéanamh go mbainfí duine ó, oifig an Choimisinéara nó an Leas-Choimisinéara. | Bhunaigh an tÚdarás roinnt Coistí lena n-áirítear;<br>• Coiste an Chóid Eitice;<br>• Coiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta (CSFP); agus<br>• An Coiste um Fhorbairt Eagraíochta (CFE). |
| **Ag tuairisciú don Aire** | 62 O(1) Tráth nach déanaí ná 3 mhí i ndiaidh dheireadh gach bliana, cuirfidh an tÚdarás tuarascáil faoi bhráid an Aire maidir leis na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích sa bhliain díreach roimhe sin.... (6) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar an Údarás tuarascáil a ullmhú agus a chur faoina b(h)ráid i ndáil le haon ní a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, agus déanfaidh an tÚdarás an t-iarratas a chomhlíonadh a luaithe is indéanta i ndiaidh an t-iarratas a fháil. | Tá a Thuarascáil Bhliantúil curtha ar fáil ag an Údarás de réir an Achta gach bliain. Os a choinne sin, tá roinnt tuarascálacha eile curtha faoi bhráid ag an Údarás de réir an Achta agus iarratas ón Aire. Áirítear ina measc:<br>• An Tuarascáil Dhá Bhliain 62 (O) de réir na gceanglas reachtúil;<br>• Tuarascálacha ráithiúla maidir le cur chun feidhme moltaí i dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána, Póilíneacht in Éirinn a Athrú;<br>• Tuarascáil maidir le Coimisiún Fennelly; agus<br>• Tuarascálacha maidir le húsáid cumhachtaí ceadaithe do An Garda Síochána i rith COVID-19. |
| **Treoracha** | 25. — (1) I ndiaidh cead a fháil ón Rialtas, féadfaidh an tAire treoracha i scríbhinn a eisiúint don | Níl úsáid bainte as an bhfeidhm seo go dáta. |

| Tábla 2: Róil / Freagrachtaí Breise mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimsí** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus príomhéachtaí** |
| | Choimisinéir i ndáil le haon ní a bhaineann le An Garda Síochána. (1A) Féadfaidh an tÚdarás a mholadh don Aire go ndéanfaí treoir i ndáil le ní sonraithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a eisiúint faoi fho-alt (1)... | |
| **Tuairimí an Phobail** | 27. — (1) Déanfaidh an Coimisinéir agus an tÚdarás, ag féachaint d'fheidhmeanna faoi seach an Choimisinéara agus an Údaráis faoin Acht seo, socruithe chun tuairimí an phobail a lorg maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. (2) Sula ndéantar aon socruithe faoin alt seo, rachaidh an Coimisinéir i gcomhairle leis an Údarás maidir leis na socruithe beartaithe agus féadfaidh an tÚdarás an socrú a cheadú... | Ghlac an tÚdarás páirt i raon leathan gníomhaíochtaí chun tuairimí an phobail a fháil. Áirítear ina measc;<br>• Maoirseacht ar Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail an Gharda Síochána;<br>• Próisis chomhairliúcháin chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a bhailiú, comhairliúcháin phoiblí maidir le Tosaíochtaí Póilíneachta agus maidir leis an gCód Eitice, mar shampla;<br>• Clár cuimsitheach rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a úsáidtear chun aiseolas a bhailiú faoi thaithí saoil na feidhmíochta póilíneachta ó raon grúpaí agus eagraíochtaí lena n-áirítear ENRanna, grúpaí sainleasa gnó agus grúpaí a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar phobail mhionlaigh. Ansin úsáidtear an t-aiseolas seo agus aon sonraí atá ar fáil chun bonn eolais a sholáthar d'obair mhaoirseachta an Údaráis;<br>• Imeachtaí bliantúla poiblí comhrá a reáchtáil chun aird a tharraingt ar cheisteanna póilíneachta. Go ginearálta, is lucht féachana a bhfuil cuireadh faighte acu a fhreastalaíonn ar na himeachtaí seo, príomhpháirtithe leasmhara |

| Tábla 2: Róil / Freagrachtaí Breise mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimsí** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus príomhéachtaí** |
| | | agus déantar iad a bheoshruthú ar shuíomh gréasáin an Údaráis;<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar na meáin shóisialta agus ar na meáin thraidisiúnta chun eolas a bhailiú faoi thuairimí nua agus faoi thuairimí atá san fhearann poiblí faoi láthair maidir le ceisteanna póilíneachta;<br>• Glaonna a fhreagairt agus déileáil le comhfhreagras ón bpobal maidir le príomhcheisteanna póilíneachta; agus<br>• In 2020, bhronn Ciste Nuálaíochta na hEarnála Poiblí maoiniú ar an Údarás le haghaidh bogearraí breithniúcháin tosaíochta, a úsáidfear chun tosaíochtaí póilíneachta a phlé le saoránaigh aonair. Cuireadh tús le tionscadal píolótach i Meán Fómhair 2020. |
| **Fiosrúcháin Speisialta an Gharda Síochána** | 42.— (1) Féadfaidh an tAire, maidir le haon ní a mheasann sé nó sí ina leith gur cás leis an bpobal é, ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin nó, i gcás ní a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, ceachtar díobh seo a leanas a dhéanamh — (a) i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Údarás, nó (b) ar iarraidh ón Údarás, sa chás go bhfuil an tÚdarás sásta gur cheart fiosrúchán a ordú, duine a cheapadh, le hordú, chuig— | Tá roinnt athbhreithnithe reáchtáilte ag an Údarás go dáta, lena n-áirítear:<br>• Athbhreithniú ar thástálacha MIT/MAT agus FMSanna;<br>• Athbhreithniú ar an Scéim um Rabhadh Aosach; agus<br>• Athbhreithniú ar phóilíneacht Oird Phoiblí |
| **Ag féachaint do sheirbhísí slándála** | 62 (I). Tabharfaidh an tÚdarás aird ar, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo agus i dteannta le nithe eile ar féidir leis | Reáchtáiltear cruinnithe débhliantúla leis an gCoimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise chun príomhcheisteanna slándála a |

| Tábla 2: Róil / Freagrachtaí Breise mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimsí** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus príomhéachtaí** |
| | an Údarás aird a thabhairt orthu, an tábhacht a bhaineann le feidhmeanna an Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí slándála. | bhaineann le seirbhísí póilíneachta a phlé. |
| **Imscrúduithe eile déanta ag Coimisiún an Ombudsman** | 102.— (1) Cuirfidh an Coimisinéir aon ní ar dócha leis an gCoimisinéir a thugann le fios go bhféadfadh iompar aon chomhalta de An Garda Síochána a bheith ina chúis le bás, nó díobháil thromchúiseach duine, faoi bhráid Choimisiún an Ombudsman. (4A) Féadfaidh an tÚdarás, más dócha leis go bhfuil sé inmhianaithe ar son leas an phobail a leithéid a dhéanamh, a iarraidh ar Choimisiún an Ombudsman aon ní a bhaineann le seirbhísí póilíneachta ar cúis imní iad a thugann le fios go bhféadfadh aon rud dá dtagraítear dó i bhfo-alt a bheith déanta ag comhalta de An Garda Síochána, a imscrúdú. | Cuireadh cás amháin faoi bhráid GSOC in 2019. |
| **Imscrúdú á dhéanamh ag Coimisiún an Ombudsman ar nithe a bhaineann leis an gCoimisinéir** | 102 B (1A) Féadfaidh an tÚdarás, más dócha go bhfuil sé inmhianaithe ar son leas an phobail a leithéid a dhéanamh agus faoi réir thoiliú an Aire, a iarraidh ar Choimisiún an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ní ar ábhar imní é a thugann le fios go bhféadfadh an Coimisinéir, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i ndáil le seirbhísí póilíneachta a chomhlíonadh, aon rud dá dtagraítear dó i bhfo-alt (1) a bheith déanta aige (1)… | Ní dhearnadh aon atreoruithe dá leithéid. |

| Tábla 2: Róil / Freagrachtaí Breise mar a bhforáiltear dóibh in Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) | | |
|---|---|---|
| **Réimsí** | **Feidhmeanna** | **Príomhghníomhartha agus príomhéachtaí** |
| **Moltaí i dTuarascáil na Cigireachta** | 117A.(1) Féadfaidh an tAire nó an tÚdarás, de réir mar is cuí, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar na bearta atá curtha i gcrích ag An Garda Síochána i ndáil leis na moltaí atá le fáil i dtuarascáil atá ullmhaithe ag Cigireacht an Gharda Síochána agus curtha faoi bhráid an Aire nó an Údaráis faoi alt 117(2)(b)…. i ndiaidh iarratas a dhéanamh. | Mar a sonraíodh roimhe seo, tá an tÚdarás i ndiaidh tuairisciú a dhéanamh maidir le;<br>• Póilíneacht in Éirinn a Athrú; agus<br>• Cuireadh litir faoi bhráid an Aire maidir le moltaí atá le fáil i dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána dar teideal 'Freagairt do Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí' a bheith á gCur Chun Feidhme ag An Garda Síochána |
| **Iarratais chuig an gCigireacht** | 117.—(2) Seo a leanas feidhmeanna na Cigireachta— (a) chun leanúint ar aghaidh lena chuspóir cibé rud a mheasann sé atá oiriúnach a dhéanamh nó ar iarratas ón— (i) Údarás i ndáil le ní a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, nó (ii) Aire, imscrúduithe nó fiosrúcháin i ndáil le haon ghnéithe ar leith den oibríocht nó riar an Gharda Síochána, (b) aon cheann de na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid an Údaráis nó an Aire, de réir mar a bheidh— (i) tuarascáil maidir leis na himscrúduithe nó fiosrúcháin sin, agus (ii) má cheanglaíonn— (I) an tÚdarás i ndáil le seirbhísí póilíneachta, nó (II) an tAire, de réir mar a bheidh, tuarascáil maidir le hoibriú agus riar an Gharda Síochána i rith tréimhse shonraithe agus maidir le haon fhorbairtí suntasacha i ndáil leis sin i rith na tréimhse sin. | D'iarr an tÚdarás ar an gCigireacht na tuarascálacha seo a leanas a chur i dtoll a chéile:<br>• An Tuarascáil maidir le Póilíneacht le Pobail Áitiúla; agus<br>• Tuarascáil maidir le Póilíneacht Oird Phoiblí. |

# An tÚdarás Póilíneachta

# Tuarascáil Cúig Bliana – Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara
# Gné

**Leagan 1.0 – Deireanach – Nollaig 2020**

***RA Consulting***

**39 Cearnóg Mhic Liam**

**Baile Átha Cliath 2**

**T: (01) 602 4744**

**Clár na nÁbhar**

**Achoimre Fheidhmeach 1**

**1. Comhthéacs & Modheolaíocht an Taisc 2**

**2. Ranna, Comhlachtaí Stáit & Institiúidí Stáit 4**

**3. Cumainn Ionadaíocha an Gharda Síochána 7**

**4. IHREC & Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) 11**

***Aguisín A – Clár Oibre na nAgallamh leis na Páirtithe Leasmhara 14***

## Achoimre Fheidhmeach

- Comhsheasmhach lena oibleagáidí tuairisciú maidir le feidhmíocht ghinearálta a fheidhmeanna, roghnaigh an tÚdarás Póilíneachta *RA Consulting* chun tabhairt faoi chleachtadh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara a áireofar sa tuarascáil atá le cur faoi bhráid an Aire gan mhoill. Tugadh cuireadh do 19 n-eagraíocht páirtithe leasmhara ar fad a bheith páirteach, agus reáchtáladh agallaimh mhionsonraithe le hionadaithe sinsearacha ó 13 eagraíocht. Le linn dó machnamh a dhéanamh ar éagsúlacht a shainordaithe agus freagrachtaí, áirítear i measc pháirtithe leasmhara an Údaráis ranna, comhlachtaí agus institiúidí Stáit, mar aon le cumainn ionadaíocha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.
- Mar a bheifí ag súil leis, d'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht le tabhairt faoi deara i dtuairimí páirtithe leasmhara bunaithe ar chuspóirí a n-eagraíochtaí féin, agus a mhéid is atá na cuspóirí sin ailínithe le cuspóirí an Údaráis. Ba cheart go mbeadh teannas sláintiúil idir na comhlachtaí maoirseachta seo agus na comhlachtaí sin atá faoi réir grinnscrúdaithe – baineann tábhacht le dinimic mar sin i gcaidreamh ar mhaithe le rialachas, cuntasacht agus feabhas leanúnach feidhmíochta.
- D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht mhór le tabhairt faoi deara sna hionchais a bheadh ag daoine a bhfuil breathnóireacht á déanamh acu ar an gcaidreamh idir An tÚdarás Póilíneachta–An Garda Síochána agus ciallaíonn éagsúlacht sna leibhéil eolais nach gá i gcónaí go mbeadh léargas ar an saol dáiríre le fáil i dtuairimí agus i ndearcthaí. Dá réir sin, tá ról casta ag an Údarás ar bhonn comhuaineach sa mhéid seo a leanas a chinntiú: (i) maoirseacht éifeachtach a chinntiú, (ii) ionchais páirtithe leasmhara ag a bhfuil cláir oibre éagsúla a chomhlíonadh agus (iii) a chinntiú go bhfuil muinín ag gach duine san obair atá á déanamh.
- D'ainneoin a leithéid sin de dhúshláin, is léir ó thorthaí an chomhairliúcháin go bhfuil an 'teannas sláintiúil' dá dtagraítear thuas bunaithe agus á chothabháil ag an Údarás, i.e. agus ag an am céanna, go bhfuil ionchais raon leathan ENRanna agus eagraíochtaí eile á gcomhlíonadh. Bhí cumainn ionadaíocha beagán níos cáintí ach bhain na hábhair a bhí ag déanamh imní dóibh le tuairim go raibh a gcomhaltacht á cáineadh trí aird a tharraingt ar cheanglais a bhaineann le hathchóiriú institiúideach.
- Chuir na páirtithe leasmhara ar fad in iúl gur éirigh go breá leis an Údarás aird a tharraingt ar thrédhearcacht, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus cuntasacht an Gharda Síochána a mhéadú. Measadh go raibh feabhas suntasach tagtha ar phróisis inmheánacha ardaithe céime agus roghnúcháin freisin, agus chuir formhór na bpáirtithe leasmhara in iúl go raibh feabhas tagtha ar an ionracas a bhain lena leithéid. Rinneadh tagairt ar leith d'fheabhas a bheith tagtha ar chultúr na póilíneachta agus thug ENRanna le fios go n-oibríonn an tÚdarás leo ar bhonn réamhghníomhach agus go ndéantar obair chun tosaíochtaí ábhartha a shainaithint agus a chomhlíonadh go córasach.
- Dúradh go raibh bearnaí sonraí agus faisnéise/TFC laistigh de An Garda Síochána ag cruthú dúshlán don Údarás (bac á chur ar fhreagrúlacht), mar aon lena phrótacail chinnteoireachta féin (ceanglais chruinnithe/mhachnaimh a bhain le comhaltacht pháirtaimseartha). Measadh freisin go raibh acmhainní teoranta agus caillteanas feidhmeanna amach anseo mar bhonn le srianta. Ainneoin feabhsuithe a bheith le tabhairt faoi deara i gcultúr na póilíneachta, bhraith páirtithe leasmhara

go mbeadh frithbheartaíocht (i ndáil le maoirseacht agus le hathrú) agus neamhghníomh, ag cruthú bacainní go leanúnach don Údarás.

- D'ainneoin a leithéid sin de dhúshláin, go ginearálta bhraith páirtithe leasmhara gur chiallaigh 'gealltanas gairmiúil' agus 'cumas cruthaithe' an Údaráis go mbeadh an eagraíocht in ann cur leis an obair dhearfach agus athrú fadtéarmach a chinntiú.

# 1. Comhthéacs & Modheolaíocht an Taisc

1.1 I ndiaidh gairm ar thairiscintí a eisiúint, roghnaíodh *RA Consulting* chun tacú leis an Údarás Póilíneachta tabhairt faoi chomhairliúchán spriocdhírithe agus cleachtadh rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara.

1.2 Glacfar le torthaí an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus an chleachtaidh rannpháirtíochta mar ghné thábhachtach de Thuarascáil Cúig Bliana an Údaráis don Aire Dlí agus Cirt. Ceanglaítear an Tuarascáil seo a chur faoi bhráid faoi Alt 62(O)(4) d'Acht an Gharda Síochána 2005 (leasú) agus sonraítear san Acht:

"Ag deireadh gach tréimhse 5 bliana ag tosú ar lá bunaithe an Údaráis, cuirfidh an tÚdarás tuarascáil faoi bhráid an Aire ina n-athbhreithnítear feidhmíocht ghinearálta a fheidhmeanna i rith na gcúig bliana roimhe sin."

1.3 Comhsheasmhach leis an gceanglas comhairliúcháin mhionsonraithe a dhéanamh, áiríodh i modheolaíocht an taisc:

- Agallaimh le foireann bhainistíochta sinsearaí an Údaráis (x3)
- Agallamh le Cathaoirleach an Údaráis
- Forbairt agus mionleasú chlár oibre na n-agallamh leis na páirtithe leasmhara (*cf*. Aguisín A)
- An clár oibre a dháileadh ar na páirtithe leasmhara lena bhreithniú roimh na hagallaimh
- Agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha an Údaráis
- An tuarascáil seo a dhréachtú

1.4 Tugadh cuireadh do 19 bpáirtí leasmhara seachtracha/n-eagraíocht páirtithe leasmhara páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairleach, lena n-áirítear:

- Ranna, Comhlachtaí Stáit & Institiúidí Stáit
    - An Roinn Dlí agus Cirt
    - An Garda Síochána
    - An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe
    - An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
    - Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
    - Cigireacht an Gharda Síochána
    - Iarchomhalta Údaráis & Iar-POF an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

- Cumainn Ionadaíocha
    - Cumann Ard-Cheannfoirt an Gharda Síochána
    - Cumann Cheannfoirt an Gharda Síochána
    - Cumann Sháirsintí & Chigirí an Gharda Síochána
    - Cumann Ionadaíocha an Gharda Síochána

- IHREC & Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna)
    - Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine & Comhionannas

- Comhairle um Chearta an Duine
- Slán Sábháilte in Éirinn
- Cúnamh do Mhná
- Ionad Lucht Siúil & Phobal na Romach Pavee
- Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí
- ALONE
- Líonra na hÉireann i gcoinne an Chiníochais

1.5 An an 19 bpáirtí leasmhara seachtracha/n-eagraíocht páirtithe leasmhara ar tugadh cuireadh dóibh, ghlac 13 páirt sa chleachtadh comhairleach, lena n-áirítear:

- Ranna, Comhlachtaí Stáit & Institiúidí Stáit
  - An Roinn Dlí agus Cirt
  - An Garda Síochána
  - An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
  - Cigireacht an Gharda Síochána
  - Iarchomhalta Údaráis & Iar-POF an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Cumainn Ionadaíocha
  - Cumann Ard-Cheannfoirt an Gharda Síochána
  - Cumann Cheannfoirt an Gharda Síochána
  - Cumann Sháirsintí & Chigirí an Gharda Síochána
- IHREC & Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna)
  - Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine & Comhionannas
  - Comhairle um Chearta an Duine
  - Cúnamh do Mhná
  - Ionad Lucht Siúil & Phobal na Romach Pavee
  - Líonra na hÉireann i gcoinne an Chiníochais

1.6 Reáchtáladh formhór na gcomhairliúchán thar thréimhse 5 seachtaine ón 2 Deireadh Fómhair go dtí an 6 Samhain - cuireadh moill seachtaine air seo go dtí an 3 Nollaig. Rinneadh agallaimh le 13 pháirtí leasmhara sheachtracha agus mar pháirtí leasmhar inmheánach (Cathaoirleach agus Foireann Bhainistíochta Sinsearaí) cuireadh leis an obair chun críche comhthéacs cúlra agus treo a sholáthar don tasc, níl torthaí gaolmhara curtha san áireamh sa tuarascáil seo.

## 2. Torthaí – Ranna, Comhlachtaí Stáit & Institiúidí Stáit

2.1 Fuarthas ionchur thar ceann na Rann agus na gcomhlachtaí/institiúidí Stáit ar an liosta thíos agus tá cur síos déanta anseo thíos ar na tuairimí gaolmhara:

- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Garda Síochána
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- Cigireacht an Gharda Síochána
- Iarchomhalta Údaráis & Iar-POF an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

**Príomhfhorbairtí & Príomhdhúshláin**

2.2 Tharraing na heagraíochtaí iomchuí aird ar dhul chun cinn i ndáil leis na nithe seo a leanas:

a) bunú an Údaráis – ó reachtaíocht go dtí oibriú thar thréimhse ghearr ama
b) branda, féiniúlacht, ról/seasamh mar institiúid thábhachtach agus aitheanta
c) trédhearcacht agus muinín an phobail as An Garda Síochána a choimeád cuntasach
d) athchóiriú an Gharda Síochána agus níos mó béime a leagan ar fheidhmíocht agus ar éifeachtúlacht (lena n-áirítear sibhialtachú)
e) oibiachtúlacht, muinín agus iontaoibh an Gharda Síochána i bpróisis inmheánacha ardaithe céime agus roghnúcháin
f) saincheisteanna oibríochtúla agus teagmhais chriticiúla e.g. an t-athbhreithniú dúnbhásaithe, tástálacha anála, etc.
g) ról an Údaráis i gcuntasacht a chur chun cinn agus an t-athrú gaolmhar cultúir

2.3 I gcodarsnacht leis sin, dúradh gur bhain dúshláin leis na nithe seo a leanas:

a) prótacail an Údaráis i ndáil le cinnteoireacht – an gá a bhí le cruinnithe, machnamh agus ceadú ón Údarás (ó chomhaltaí páirtaimseartha le cúlraí éagsúla)

b) bearnaí sonraí/faisnéise agus próisis chinnteoireachta/údaraithe laistigh de An Garda Síochána- rud a chiallaigh gur bhain deacrachtaí le freagrúlacht

c) deacrachtaí le comhaontú ar an bPlean Póilíneachta agus míthuiscint áirithe i ndáil le ról an Údaráis san obair sin
d) tuiscintí maidir le cáineadh éagórach (agus spéis ag na meáin in ábhair imní) ar chomhlachtaí ionadaíocha éagsúla an Gharda Síochána – mar aon le braistint go bhféadfadh an tÚdarás níos mó a dhéanamh chun rath obair an Gharda Síochána ‘a cheiliúradh’

e) caillteanas feidhmeanna/ídiú cumhachta amach anseo – má bhunaítear Bord an Gharda Síochána[29]

**Maoirseacht ar Phóilíneacht**

2.4 Measadh gur léirigh an tÚdarás 'láithreacht phoiblí láidir agus dhiongbháilte' le linn dó déileáil le neamhghníomh agus frithbheartaíocht áirithe. Ainneoin míchompord, náire agus frithbheartaíocht áirithe a bheith ann in áiteanna éagsúla, dúradh go raibh buanseasmhacht an Údaráis

le sonrú in go leor den obair agus go raibh rath gaolmhar dá thoradh. Dúradh gurb ionann é agus 'athróir suntasach[30]' agus 'go raibh ag éirí go breá leis póilíneacht a mhaoirsiú' – go raibh breis trédhearcachta agus oscailteachta le tabhairt faoi deara, ainneoin go raibh daoine den tuiscint go bhfuil spriocanna, pleananna agus straitéisí an Gharda Síochána fós ag forbairt.

2.5 Measadh gur bunaíodh an tÚdarás mar fhreagairt do, i bpáirt, ar a laghad, géarchéim agus scannail. Dá réir sin, tá ról tábhachtach (agus casta) aige i dtreo a thabhairt agus freagairt go neamhchlaonta do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Chuige sin, moladh go raibh bailíocht ag baint leis an obair dhearfach a cheiliúradh, agus ag an am céanna, aird a tharraingt ar dhroch-chleachtais, i.e. mar 'cara criticiúil'.

2.6 Le breis is 130 sprioc, measadh go rabhthas ag díriú ar an iomarca gnéithe sa Phlean Póilíneachta, go raibh an iomarca Príomhtháscairí Feidhmíochta sonraithe ag leibhéal gníomhaíochta agus/nó ionchuir (seachas dlús a chur le haschuir agus le torthaí). Chomh maith leis sin, dúradh nár bhain forbairtí dearfacha eile leis an bPlean agus, dá réir sin, nár díríodh dóthain airde orthu. Bunaithe ar an leibhéal mionsonraí sa Phlean, dúradh an méid seo a leanas faoi chruinnithe poiblí: (i) uilechuimsitheach (róleathan) agus (ii) an t-uafás ama a bheith i gceist (ullmhúchán agus oibriú). Mheas daoine áirithe go bhfuil an tuiscint ann gur féidir leis an Údarás glacadh le go leor den fhreagracht, i.e. seachas deis a thabhairt d'fhoireann bhainistíochta an Gharda Síochána iarracht a dhéanamh cuspóirí comhaontaithe a chomhlíonadh iad féin.

**Ceapacháin**

2.7 Creideadh gur fadhbanna suntasacha iad drochphleanáil próisis/lóistíochta agus easpa cothroime i gcomórtais inmheánacha (earcaíocht agus ardú céime) atá curtha ina gceart ag an Údarás anois. I gcodarsnacht leis sin, measadh go raibh an phleanáil soláthar foirne a bhí á déanamh ag An Garda Síochána sách lag. Chuir daoine áirithe in iúl go raibh frithbheartaíocht i gceist i ndáil le sibhialtachú agus úsáid a bhaint as Cúltaca an Gharda Síochána – cé go ndúradh gur cheart don Údarás leanúint le tionchar a imirt ar fheabhsuithe trí straitéis seachas aon rannpháirtíocht oibríochtúil.

[29] Dúirt an Roinn gurb ionann é agus athrú ar ailtireacht an chórais, seachas cáineadh ar an méid a bhí curtha i gcrích ag an Údarás
[30] Agus moladh: 'ní dhearnadh é seo roimhe seo, go poiblí ar aon nós' [21] Nuair a bhí an Roinn freagrach.

**Feasacht & Rannpháirtíocht Phoiblí**

2.8 Dúradh go raibh feabhas ag teastáil i ndáil le socruithe le haghaidh oibriú agus éifeachtacht na gComhchoistí Póilíneachta (CCP) agus cé gur measadh go raibh ag éirí níos fearr le CCPanna áirithe seachas a chéile (sa chás go bhfuil ionadaíocht phoiblí láidir ann), measadh gur bhain tábhacht le haiseolas, ceannaireacht, maoiniú agus ceisteanna gaolmhara. Measadh chomh maith gur bhain tábhacht go ginearálta le for-rochtain phobail – cibé acu trí CCPanna nó socruithe nach raibh chomh foirmiúil céanna, agus measadh gur cheart go mbeadh Ceannfoirt áitiúla freagrach as a leithéid sin a eagrú. Dá ainneoin seo, dúradh go raibh forbairt déanta ag an Údarás ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara (an tsochaí shibhialta go háirithe), for-rochtain phobail agus CCPanna sa bhreis ar na leibhéil a bhí ann roimhe seo[21] (DOS). Dúradh gur bhain féidearthacht le forbairt amach anseo i réimsí a bhain le sábháilteacht an phobail agus comhpháirtíochtaí ceantair áitiúil

2.9 Bhí daoine áirithe den tuairim go bhféadfadh an tÚdarás ról níos suntasaí a bheith aige i ndáil le cuairt a thabhairt ar stáisiúin de chuid an Gharda Síochána chun teacht ar thuiscint níos fearr ar na saincheisteanna agus go rachadh sé seo chun tairbhe an dá pháirtí.

**Taighde**

2.10 Dúradh gur bealach úsáideadh é sparánachtaí taighde chun taighde a spriocdhíriú ach moladh gur cheart béim a leagan ar eolas gaolmhar a threisiú. Creideadh go raibh gá le heolas oibríochtúil (léargas agus eispéireas praiticiúil) chun dea-chleachtas a thuiscint agus a chur i bhfeidhm. Chuige sin, measadh gur cheart go mbeadh an tÚdarás tomhaiste nuair a bhí nithe á moladh aige, ábharthacht an méid a bhí á mholadh laistigh den dlínse, iarmhairtí neamhbheartaithe, etc.

2.11 Dúradh go raibh béim a leagan ar na nithe a oibríonn go maith i ndlínsí coiteanna dlí eile níos oiriúnaí – go háirithe nuair a dhéantar a leithéid a thástáil i gcomparáid le ceanglais ECHR – ná cleachtais idirnáisiúnta níos leithne a d'fhéadfadh oibriú e.g. faoi chórais fheidearálacha.

2.12 Thug an Roinn le fios go raibh ról cuiditheach ag an Roinn i soláthar tuarascálacha agus maoirseacht a dhéanamh ar chumhachtaí póilíneachta[31] mar fhreagairt do bhrúnna a bhain le COVID. Creideadh 'go raibh sé seo an-chabhrach sna himthosca'.

**Luachanna an Údaráis**

2.13 Dúradh gur thug an tÚdarás léargas ar a luachanna agus rinneadh tagairt ar leith do: 'ardleibhéil ionracais', 'gealltanas' agus 'trédhearcacht'. Measadh chomh maith go raibh ag éirí go maith le comhaltaí agus foireann an Údaráis, ach creideadh go mbainfeadh an Bord níos mó tairbhe as breis taithí póilíneachta agus gur gá rannóg chigireachta a fhorbairt amach anseo. Moladh chomh maith go bhféadfadh breis rannpháirtíochta a bheith idir an tÚdarás agus GRA agus AGSI chun críche caidreamh a fhorbairt. Dúradh gurb é misneach saintréith a rannpháirtíochta – mar aon le héisteacht agus neamhspleáchas. Tharraing an Roinn aird ar

[31] Cumhachtaí nach mbeadh ag teastáil ó An Garda Síochána b'fhéidir agus a bheadh ag teacht salach ar an gcur chuige ba choitianta i ndáil le póilíneacht

ghealltanas an Údaráis a cheanglais rialachais inmheánaigh a chomhlíonadh – cibé acu i ndáil le buanorduithe, a ráiteas straitéise nó rialachas go ginearálta.

**Eile**

2.14 Dúradh go raibh comhoibriú éifeachtach ag tarlú idir an tÚdarás agus an Chigireacht agus measadh go raibh scóip ann dúbailt a laghdú agus tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chaidreamh/rannpháirtíocht – agus bhí an Chigireacht ag díriú ar oibríochtaí agus bhí an tÚdarás ag díriú ar mhaoirseacht.

2.15 Cháin Coimisinéir an Gharda Síochána frithbheartaíocht inmheánach (An Garda Síochána) i ndáil leis an gCód Eitice[32] agus measadh go raibh an ceart ag an Údarás an ní a fhágáil ar a chlár oibre. Tharraing an Roinn aird ar an dul chun cinn gaolmhar a rinneadh (laistigh de 12 mhí) agus ar an bpointe go raibh 'obair rialachais á déanamh ag an Údarás nach raibh á déanamh roimhe seo'. Dá ainneoin seo,
dúradh go raibh dúshláin le sárú mar thoradh ar ról páirtaimseartha chomhaltaí an Údaráis agus moladh go raibh scóip ann níos mó a thairmligean do phearsanra feidhmiúcháin na heagraíochta.

[32] Saincheist ar ghlac sé leis freagracht a bheith air déileáil léi agus í a thabhairt chun críche

## 3. Torthaí – Cumainn Ionadaíocha an Gharda Síochána

3.1 Fuarthas ionchur ó na cumainn ionadaíocha seo a leanas de chuid an Gharda Síochána agus tá cur síos déanta ar na tuairimí gaolmhara anseo thíos:

- Cumann Ard-Cheannfoirt an Gharda Síochána
- Cumann Cheannfoirt an Gharda Síochána
- Cumann Sháirsintí & Chigirí an Gharda Síochána

**Príomhfhorbairtí & Príomhdhúshláin**

3.2 Tharraing na comhlachtaí ionadaíocha seo aird ar dhul chun cinn i ndáil leis na nithe seo a leanas:

a) trédhearcacht (cruinnithe poiblí) agus méadú sa chuntasacht ghaolmhar
b) éifeachtúlacht in eagrú agus tráthúlacht na gcomórtas ardaithe céime

3.3 I gcodarsnacht leis sin, dúradh gur bhain dúshláin leis na nithe seo a leanas:

a) infhaighteacht sonraí/faisnéise/staitisticí go ginearálta, agus chun bonn eolais a sholáthar le haghaidh cinnteoireacht
b) tosaíochtaí polaitiúla agus brúnna gaolmhara a athrú (bíodh is gur gnáthghné de phóilíneacht a bheidh ann)
c) maoirseacht a bhunú sa chás nach bhfuil taithí ag an eagraíocht ar an modh oibre seo
d) pearsantachtaí láidre (gach páirtí) i rith na céime bunaithe le frithbheartaíocht ghaolmhar

**Maoirseacht ar Phóilíneacht**

3.4 Bhí éagsúlacht le tabhairt faoi deara sna tuairimí i ndáil leis an dul chun cinn a bhí déanta ag an Údarás i measc na gcomhlachtaí ionadaíocha agus mhol daoine áirithe go raibh pleananna agus spriocanna póilíneachta ann riamh agus go bhfuil fianaise orthu le fáil ar fud na heagraíochta. Cé gur measadh go raibh ról ag an Údarás i 'roghnú na rialach' maidir leis na pleananna póilíneachta, mheas comhlacht ionadaíoch amháin go raibh eagraíocht an Gharda Síochána sách uaillmhianach mar a bhí agus cé go léiríonn sé leibhéal neamhspleáchais, go bhfuil ionchuir an Údaráis éirithe beagán intuartha le himeacht ama.

3.5 Mheas duine éigin eile go raibh ionchuir i bpleananna póilíneachta á dhéanamh trí rannpháirtíocht an phobail – ach cuireadh ceist maidir le tuiscint an Gharda Síochána agus tuiscint an Údaráis ar cheisteanna tosaíochta. Measadh chomh maith go raibh tionchar polaitiúil á imirt ar an gclár oibre a bhí á shonrú le haghaidh pleananna póilíneachta[33].

3.6 Aithníodh go bhfuil 'saincheisteanna rialachais' laistigh d'eagraíocht an Gharda Síochána, ach go bhfuil an ról leathan agus go mbíonn castachtaí i gceist mar gheall ar fhreagrachtaí póilíneachta agus slándála stáit. Sa chomhthéacs seo, moladh go raibh cinneadh ar leith

[33] Ainneoin nach raibh sé sainráite, is é atá le tuiscint ón méid atá ráite go ndéanann grúpaí leasmhara áirithe, ag leibhéal áitiúil (pobail), iarracht tionchar a imirt ar an bplé agus ar úsáid acmhainní.

déanta ag an Údarás déileáil le ceisteanna (nó siomptóim) áirithe a raibh sé éasca aird a tharraingt orthu, agus gur cheart díriú ar fhadhbanna bunúsacha (dúshláin acmhainní, cumas an soláthar foirne a phleanáil, cóiríocht agus easnaimh sonraí/ faisnéise/TFC). Dá réir sin, dúradh gur bhain ceisteanna tábhachtacha le hacmhainní, infheistíocht agus cuntasacht Rialtais/Roinne i ndáil lena leithéid sin.

Braitheadh go bhféadfadh níos mó tionchair a bheith ag an Údarás sna réimsí seo agus sna réimsí gaolmhara dá mbeadh sé neamhspleách ar an Roinn, agus dá mbeadh an Cathaoirleach, mar shampla, ceaptha ag an Uachtarán.

3.7 Moladh go bhféadfadh an tÚdarás níos mó a dhéanamh chun aird a tharraingt ar na dúshláin a bhaineann le póilíneacht i rith paindéime. Dúradh go raibh easpa tacaíochta ann i ndáil le ceist na 'cochaill frithsheile' (mar Threalamh Cosanta Pearsanta) agus measadh go raibh an tÚdarás róbháúil i ndáil le tuairimí ICCL, i.e. agus go raibh cosaint an Gharda Síochána thíos leis dá bharr. Ar an gcuma chéanna, léiríodh imní maidir le himlonnú oiliúnaithe gan cumhachtaí de chuid an Gharda Síochána. Príomhábhar imní do AGSI ba ea an tuiscint nach raibh an tÚdarás ag 'tacú' le pearsanra sna gráid láir.

3.8 Chomh maith leis sin, shíl AGSI gur cheart go mbeadh ról níos suntasaí ag an Údarás in aird a tharraingt ar bhearnaí oiliúna i réimsí bunúsacha (cosúil le carranna patróil a thiomáint[34]) agus ar na rioscaí gaolmhara – do chomhaltaí agus don phobal. Dúradh go raibh gnáthoiliúint ag leibhéal rannáin fós le déanamh in go leor cásanna mar gheall ar mheascán d'éilimh oibríochtúla agus bacainní buiséid.

3.9 Ba é an rud ba mhó a rinne imní do AGSI go mb'fhéidir nach mbeadh ceart chun lucht spéise ag comhlachtaí ionadaíocha leis an Údarás. Dúradh go raibh sé riachtanach cruinnithe ráithiúla a reáchtáil lena chinntiú gur féidir aird a tharraingt ar cheisteanna ábhartha, agus ionas gur féidir leis an Údarás feidhmiú de réir bonn eolais.

**Ceapacháin**

3.10 Ainneoin tuairimí dearfacha a bheith léirithe maidir le próisis agus amlínte ardaithe céime, bhain cáineadh le cásanna aonair inar moladh go raibh an méid seo a leanas ag tarlú: (i) níor cuireadh iarrthóirí[26] a ainmníodh ar phainéal i ndiaidh agallamh a dhéanamh in 2018 ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh i gcomórtas a reáchtáladh ina dhiaidh sin, (ii) cuireadh daoine eile ar ghearrliosta chun agallamh a dhéanamh babhta amháin ach níor cuireadh an chéad bhabhta eile, (iii) bhí an t-aiseolas iar-agallaimh ginearálta uaireanta agus (iv) bhain dúshláin inmheánacha (An Garda Síochána) le AD a bhainistiú go straitéiseach, agus moilleanna le folúntais a bhí ag teacht aníos gan mhoill a shainaithint go réamhghníomhach.

3.11 Cé go bhféadfaí a rá gur fianaise iad eispéiris ardaithe céime/ceapacháin ar chaighdeáin a bheith ag feabhsú, agus go mbeidh tionchar ag oiriúnacht/líon na n-iarratasóirí ar chinntí gearrliostaithe, d'fhéadfadh go mbeadh dúshláin le sárú ag aon chomhlacht ionadaíoch i ndáil le teachtaireachtaí den chineál sin a roinnt lena chomhaltaí. Dúradh go raibh gá le modh

[34] Ag leibhéil éagsúla inniúlachta idir gnáthiompar agus seirbhísí 'gormsholais' agus tóraíocht ghníomhach.

[26] Dúradh gur tharla sé seo ar dhá ócáid ar leith (daoine aonair difriúla)

cumarsáide níos éifeachtaí i ndáil leis an réasúnaíocht le haghaidh athruithe (dea-chleachtais) ar chomórtais ardaithe céime chun tacú le muinín agus déileáil le bearnaí eolais.

3.12 Cé gur measadh go ginearálta go raibh ról an Údaráis sa phróiseas ardaithe céime mar bhonn le leibhéal méadaithe gairmiúlachta agus oibiachtúlachta, tugadh faoi deara go raibh na buntáistí gaolmhara infheidhme do ghráid shinsearacha.

3.13 Measadh go raibh aon cheanglas a bheadh ann amach anseo go mbeadh Cúrsa Ceannais Straitéisigh (nó a chomhionann) á dhéanamh ag oifigigh shinsearacha réasúnach, ach cháin daoine áirithe ardú céime a dúradh a ceadaíodh d'oifigeach nár éirigh leis/léi pas a bhaint amach sa triail mianaigh le haghaidh iontráil ar SCC na Ríochta Aontaithe. Beag beann ar na himthosca áirithe, measadh go raibh tuiscintí gaolmhara ag 'baint an bhoinn den ghrád' agus moladh go mb'fhéidir go mbeadh an socrú 'am seirbheála' a bhí ann roimhe sin (íosmhéid dhá bhliain ag grád roimh cháiliú le haghaidh ardú céime) inmhianaithe.

**Feasacht & Rannpháirtíocht Phoiblí**

3.14 Cé gur measadh gur bhain luach leis na Comhchoistí Póilíneachta chun léargais a fháil agus teacht ar thuiscint ar shaincheisteanna ábhartha, dúradh gur bhraith éifeachtacht CCP ar eagrú, ceannaireacht agus rannpháirtíocht ag leibhéal áitiúil.

3.15 Dúradh go raibh cruinnithe poiblí úsáideach i ndáil le feasacht a chur chun cinn ach mhol daoine áirithe go raibh na cruinnithe 'intuartha'. Chomh maith leis sin, shíl daoine gur bhain tairbhe le nuashonruithe gaolmhara ar na meáin shóisialta.

3.16 Dúradh gur cheart níos mó a dhéanamh chun aird a tharraingt ar rath i rith cruinnithe poiblí de bhrí gur measadh go raibh an ceistiúchán agus an tráchtaireacht diúltach den chuid is mó.

**Taighde**

3.17 Ainneoin tábhacht a bheith ag baint le taighde, dea-chleachtas agus léargais ghaolmhara i ndáil le feabhas leanúnach a chur chun cinn, measadh go raibh ábharthacht comparadóirí RA/PSNI/SAM teoranta mar gheall ar fhachtóirí cultúrtha agus cuir chuige éagsúla i ndáil le póilíneacht.

3.18 Glacadh leis an suirbhé ar údaráis áitiúla, i measc grúpaí daoine áirithe, mar mheastóireacht nó measúnú ar bhainistiú póilíní, i.e. bheadh na torthaí ag tabhairt léargais ar Ard-Cheannfoirt i gceantar ar leith gan amhras. Dá réir sin, glacadh leis nach raibh an suirbhé go hiomlán anaithnid.

**Luachanna an Údaráis**

3.19 Measadh go raibh fianaise le fáil ar luachanna an Údaráis ina chuid oibre agus sa tráchtaireacht dhearfach a rinneadh i ndáil le hionracas, trédhearcacht agus cumas éisteachta an Údaráis. I gcodarsnacht leis sin, measadh go raibh neamhspleáchas teoranta mar gheall ar an gceanglas

a bhain le bheith freagrach don Aire. Líomhain dhá chomhlacht ionadaíocha go raibh nós ag comhalta amháin den Údarás tuairimí cáinteacha/diúltacha a dhéanamh trí Twitter agus chuige sin, go raibh neamhchlaontacht le ceistiú.

**Eile**

3.20 Dúradh go raibh an Cód Eitice ann (i gcónaí) i gcleachtas agus shíl grúpa ionadaíoch amháin go raibh an ceart ag an Údarás a éileamh go nglacfaí go foirmiúil leis an gCód Eitice. Dúradh go raibh an milleán ar an Aire agus ar an gCoimisinéir a bhí ann roimhe seo mar nach ndearna siad rud éigin faoi seo níos túisce. Dá ainneoin seo, measadh go raibh an eagraíocht á cáineadh, i.e. mar gheall ar an teip a measadh a bhain le glacadh leis an gCód go tráthúil. Ábhar mór míshástachta do AGSI ba ea é sin a shíl: (i) gur shínigh formhór na ndaoine an leabhrán maidir le Luachanna Gairmiúla agus Caighdeáin Eiticiúla ag céim níos luaithe ina ngairmeacha agus

(ii) gur cailleadh spéis ann mar gur bhraith comhaltaí go raibh dualgas orthu an Cód a shíniú[35].

3.21 Moladh gur cheart comhdhéanamh an Údaráis a fheabhsú trí chomhalta a cheapadh a raibh taithí aige/aici ar phóilíneacht i bPoblacht na hÉireann. Ainneoin luach a bheith ag baint le taithí ar PSNI, measadh nach raibh sé chomh hábhartha céanna.

3.22 Dúradh gur bhain tábhacht chriticiúil le hoiliúint Shinsearach Ceannais (a raibh gnéithe praiticiúla agus teoiriciúla san áireamh ann) ionas go mbeadh an eagraíocht in ann tabhairt faoi thuilleadh forbartha agus athraithe. Cé gur aithníodh an buntáiste a bhaineann le clár Ollscoil Luimnigh, braitheadh go bhféadfadh an tÚdarás ról níos gníomhaí a imirt (comhsheasmhach lena fheidhm taighde) i bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn, athbhreithniú a dhéanamh ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus tacú le forbairt siollabas.

[35] Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar arduithe céime, aistrithe, cláir oiliúna, etc.

## 4. Tátail – IHREC & Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna)

4.1 Fuarthas ionchuir ó na ENRanna seo a leanas agus ó IHREC. Tá cur síos déanta ar na tuairimí gaolmhara thíos:

- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine & Comhionannas (IHREC)
- Comhairle um Chearta an Duine
- Cúnamh do Mhná
- Ionad Lucht Siúil & Phobal na Romach Pavee
- Líonra na hÉireann i gcoinne an Chiníochais

**Príomhfhorbairtí & Príomhdhúshláin**

4.2 Tharraing IHREC agus ENRanna aird ar dhul chun cinn i ndáil leis na nithe seo a leanas:

a) cruinnithe poiblí, monatóireacht ar fheidhmíocht agus díbhinní cuntasachta
b) an obair théamach atá curtha i gcrích ag an Údarás, e.g. maidir le hord poiblí
c) sainaithint réamhghníomhach agus iarracht saincheisteanna ábhartha a chomhlíonadh
d) rannpháirtíocht ghníomhach le ENRanna ábhartha
e) cearta an duine a chur chun cinn i bpóilíneacht – ainneoin go bhfuiltear ag leanúint le hobair ghaolmhar
f) gealltanas agus cuntas teiste an Údaráis – le hacmhainní teoranta

4.3 I gcodarsnacht leis sin, dúradh gur bhain dúshláin leis na nithe seo a leanas:

a) an próiseas athchóirithe laistigh de An Garda Síochána
b) comhtháthú chearta an duine ar fud na seirbhíse póilíneachta – seachas feidhmiú go neamhspleách
c) an tuiscint atá ann maidir le neamhghníomh cultúrtha agus an méid athraithe is féidir a dhéanamh
d) laghdú ar fhreagrachtaí an Údaráis nó ‘deireadh a chur le’ maoirseacht dhaonlathach

**Maoirseacht ar Phóilíneacht**

4.4 Ainneoin an bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe poiblí, measadh gur cheart go mbeadh sonraí/ faisnéis ar fáil níos éasca agus nach mbeadh sé sin ag brath ar na ceisteanna cearta a bheith á gcur ag an Údarás. Measadh gur bhain srianta le Príomhtháscairí Feidhmíochta Cainníochtúla freisin – go háirithe nuair a bhí measúnú á dhéanamh ar fheidhmíocht i réimsí cáilíochtúla cosúil le e.g. comhsheasmhacht agus comhionannas i bpóilíneacht mar aon le torthaí a bhaineann le sábháilteacht an phobail. Moladh go bhféadfadh an tÚdarás ról níos gníomhaí a imirt i bhforbairt beart cuí agus go bhféadfaí méadracht a bhaineann le cearta an duine a fhorbairt i gcomhar le IHREC.

4.5 Measadh go raibh ról an Údaráis i maoirseacht ríthábhachtach agus dúradh go raibh ról luachmhar ag an eagraíocht i 'gcumarsáid láidir a dhéanamh' agus tabhairt faoi 'phlé casta' nuair ba ghá. Measadh gur cheart go mbeadh 'níos mó ama' tugtha don Údarás mar aon le tacaíocht pholaitiúil chun a chuid obair a dhéanamh. Measadh go raibh neamhspleáchas an Chathaoirligh (agus an Údaráis) ríthábhachtach[36] agus go raibh fianaise le fáil in obair na heagraíochta.

Creideadh gur éirigh leis an Údarás an chothromaíocht chasta a chinntiú idir 'neamhspleáchas agus comhoibriú láidir' ina chuid oibre le An Garda Síochána.

4.6 Creideadh go raibh fianaise le fáil ar rannpháirtíocht níos cuidithí leis an gCoimisinéir[37] reatha. Measadh go raibh athrú gaolmhar cuntasachta chuig an Údarás le tabhairt faoi deara; cuntasacht don phobal, i.e. agus don Údarás.

4.7 Measadh gur oibrigh an tÚdarás go réamhghníomhach le ENRanna, ní hamháin chun saincheisteanna a shainaithint ar bhonn réamhghníomhach[38], ach chun aird a tharraingt orthu agus iad a phlé le An Garda Síochána. Dúradh gur caitheadh 'go han-dáiríre' le saincheisteanna ar tharraing ENRanna aird orthu agus dúradh go raibh an tÚdarás sásta a bheith rannpháirteach, agus 'meáite ar thasc casta a chomhlíonadh', agus a bheith lánsásta saincheisteanna ábhartha a phlé.

**Ceapacháin**

4.8 Glacadh le ról an Údaráis sa phróiseas ceapachán mar ghné thábhachtach den phróiseas athchóirithe agus d'athrú cultúrtha, ach ceistíodh an ábharthacht a bhaineann lena leithéid amach anseo (fiú amháin mura mbeadh athrú reachtach i gceist)[31].

**Feasacht & Rannpháirtíocht Phoiblí**

4.9 Measadh nach raibh feasacht an phobail ar CCPanna agus a ról sách maith agus go bhféadfaí níos mó a dhéanamh, i measc na ngníomhaithe ábhartha ar fad, chun rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú.

4.10 Measadh go raibh rannpháirtíocht an Údaráis le ENRanna réamhghníomhach, lánbhrí agus ábhartha. Measadh go raibh an rannpháirtíocht ag leibhéal oiriúnach (sinsearach), ag feidhmiú chun muinín a spreagadh agus aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le ceisteanna atá ag déanamh imní do chách. Measadh gur sholáthair sé seo bonn láidir le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta, idirghníomhaíochta agus comhoibrithe amach anseo.

4.11 Bhí imní áirithe ann go mb'fhéidir nach mbeadh dóthain ar eolas ag ENRanna níos lú, comhaltaí gréasáin agus foireann thúslíne faoi ról an Údaráis. Moladh gur cheart 'treochlár' nó 'cosán' a

[36] An pobal agus An Garda Síochána

[37] I gcomparáid le réamhtheachtaithe

[38] Cuireadh samplaí sonracha ar fáil agus bhain siad le cruinnithe réamhghníomhacha, rannpháirtíocht, obair leantach agus tuairisciú do ENRanna[31] Mar ghall ar chúiseanna a bhain le féinriail eagraíochta agus dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann sa chás go bhfuil an tÚdarás i mbun grinnscrúdaithe ar obair pearsanra sinsearach a raibh acu in ardú céime a bhronnadh orthu.

bhunú a thabharfadh léargas ar na nithe seo a leanas: (i) na cainéil éagsúla atá ann chun an tÚdarás a rochtain agus (ii) conas is féidir leis cabhrú.

**Taighde**

4.12 Measadh go méadófaí obair thaighde an Údaráis le himeacht ama agus braitheadh go mb'fhéidir go mbeadh sé riachtanach próisis tairisceana a athbhreithniú chun léirithe spéise ó eagraíochtaí níos lú a spreagadh.

4.13 Dúradh gur bain tábhacht mhór le taighde agus go raibh sé á chur i gcrích ag na caighdeáin is airde. Sainaithníodh an suíomh gréasáin mar uirlis thábhachtach chun cinneadh a dhéanamh maidir le nádúr agus luach na dtuarascálacha atá ar fáil, etc.

**Luachanna an Údaráis**

4.14 Bhí tuiscint ghinearálta ann gur léirigh an tÚdarás a luachanna le linn dó tabhairt faoina fhreagrachtaí agus go raibh sé tiomanta d'éiteas chearta an duine a chur chun cinn i bpóilíneacht in Éirinn. Leag páirtí leasmhar amháin béim ar an bpointe gur cheart go mbeadh a leithéid sin de luachanna á léiriú ag comhlachtaí na hearnála poiblí ina gcuid oibre. Mhol duine éigin eile ainneoin léargas a bheith le fáil ar na luachanna sin go ginearálta, go raibh siad forchéimnitheach agus oiriúnach d'obair an Údaráis, go bhféadfadh luachanna a bheith uaillmhianach. Dá ainneoin seo, glacadh leis gur saintréith de chur chuige agus d'obair na heagraíochta é éisteacht.

**Eile**

4.15 Measadh gur ceist caidreamh tionsclaíoch é frithbheartaíocht an Gharda Síochána i gcoinne an Chóid Eitice seachas aon agóid bhunúsach i ndáil le príomhábhar an Chóid. Measadh go raibh an ceart ag an Údarás seasamh lena thuiscint maidir leis an gceist thábhachtach seo – go háirithe i bhfianaise an cheanglais a bhain le níos mó béime a leagan ar chearta an duine san fhórsa trí chéile. Glactar leis gurb ionann forbairt an Chóid agus ceann de phríomhéachtaí an Údaráis.

4.15 Measadh go mbeadh ról thar a bheith tábhachtach le himirt ag an eagraíocht chomhpháirteach (Údarás/Cigireacht) amach anseo. Léiríodh cúram i ndáil leis na dúshláin a bhainfeadh leis an gcomhcheangal (dúshláin a mbíonn ar aon eagraíocht déileáil leo) agus gá a bheith lena chinntiú nach mbainfeadh siad seo an bonn de luach na heagraíochta comhcheangailte. Dúirt páirtí leasmhar amháin 'gur mór an trua é dá ndéanfaí an tÚdarás a scor'.

4.16 Measadh go bhfuil ról ag an Údarás i dtacú le hathrú laistigh de An Garda Síochána trí aird a tharraingt ar réimsí nach mór iad a fheabhsú go leanúnach. Dá réir sin, ghlacfaí leis mar chomhghuaillí de chuid fhoireann bainistíochta an Gharda Síochána. D'fhonn a chinntiú go bhfuil bonn eolais faoi na léargais, moladh go mb'fhéidir gur cheart níos mó a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil cluas éisteachta á thabhairt d'ionchuir ó phearsana sna gráid shóisearacha agus láir agus go bhfuil ionchuir á lorg ar bhonn gníomhach.

## Aguisín A

## Clár Oibre na nAgallamh leis na Páirtithe Leasmhara

## An tÚdarás Póilíneachta

**Athbhreithniú 5 Bliana – Feidhmíocht Feidhmeanna**
**Clár Oibre na nAgallamh leis na Páirtithe Leasmhara**

**Breathnóireachtaí Ginearálta**

- Príomhéachtaí agus dul chun cinn ó thráth a bhunaithe
- Dúshláin ar leith a bhain le timpeallacht oibriúcháin an Údaráis

**Dul Chun Cinn ó Thráth a Bhunaithe**

Dul chun cinn agus feidhmíocht i gcomparáid le feidhmeanna & cuspóirí an Údaráis

1. **Maoirseacht ar Phóilíneacht** – tosaíochtaí/cuspóirí póilíneachta, straitéis/plean póilíneachta a cheadú, cruinnithe, measúnú feidhmíochta & rialachas, earcaíocht/T&D, athbhreithnithe imlonnaithe

2. **Ceapacháin** – ainmniúcháin, comórtais, ceapacháin, líon foirne & pleanáil soláthar foirne

3. **Feasacht & Rannpháirtíocht Phoiblí** – cruinnithe, comhairliúcháin, rannpháirtíocht, tuarascálacha, etc.

4. **Taighde** – tagarmharcáil, dea-chleachtas, caighdeáin, tionscadail, sparánacht, forbairt ghréasáin, etc.

5. **Eile** – Cód Eitice, Comhchoistí Póilíneachta, feabhas leanúnach, comhairle don Aire, etc.

6. **Luachanna an Údaráis** – Feasacht air agus a mhéid a bhfuil sé léirithe in obair an Údaráis?

**Láidreachtaí**

- Láidreachtaí i soláthar seirbhísí do pháirtithe leasmhara
- Tionchar & cuntas teiste an Údaráis in athrú/feabhas a dhéanamh

**Laigí**

- Réimsí ina bhfuil an tÚdarás níos laige – scóip le haghaidh feabhais
- Ceanglais atá fós le comhlíonadh

**Deiseanna**

- Tosaíochtaí nua nó sa todhchaí don Údarás – comhsheasmhach lena shainordú

**Bagairtí**

- Dúshláin/fachtóirí eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ról/sainordú an Údaráis etc.

**Aon Ghnó Eile**